# Ráiteas maidir le Prionsabail an Mhargaidh Cothromúcháin

## Treoir maidir le Sceidealú agus Seoladh sa Mhargadh Leictreachais Aonair

Leagan 10.0

EirGrid

SONI

| Stair Athbhreithnithe | | |
| --- | --- | --- |
| Athbhreithniú | Dáta | Tuairisc |
| 1.0 | 8 Meán Fómhair 2017 | An chéad leagan. |
| 1.1 | 6 Márta 2018 | Leagan le haghaidh comhairliúchán maidir le hathbhreithnithe a moladh. |
| 2.0 | 11 Aibreán 2018 | Leagan leasaithe. |
| 2.1 | 10 Eanáir 2019 | Leagan le haghaidh comhairliúchán maidir le hathbhreithnithe a moladh. |
| 3.0 | 14 Meitheamh 2019 | Leagan leasaithe. |
| 3.1 | 8 Iúil 2020 | Leagan le haghaidh comhairliúchán maidir le hathbhreithnithe a moladh. |
| 4.0 | 14 Deireadh Fómhair 2020 | Leagan leasaithe. |
| 4.1 | 26 Feabhra 2021 | Leagan le haghaidh comhairliúchán maidir le hathbhreithnithe a moladh. |
| 5.0 | 28 Aibreán 2021 | Leagan leasaithe. |
| 5.1 | 8 Aibreán 2022 | Leagan le haghaidh comhairliúchán maidir le hathbhreithnithe a moladh. |
| 6.0 | 29 Iúil 2022 | Leagan leasaithe. |
| 6.1 | 24 Aibreán 2023 | Leagan le haghaidh comhairliúchán maidir le hathbhreithnithe a moladh. |
| 7.0 | 27 Meitheamh 2023 | Leagan leasaithe. |
| 7.1 | 20 Bealtaine 2024 | Leagan le haghaidh comhairliúchán maidir le hathbhreithnithe a moladh. |
| 8.0 | 29 Iúil 2024 | Leagan leasaithe |
| 8.1 | 13 Bealtaine 2025 | Leagan le haghaidh comhairliúchán maidir le hathbhreithnithe a moladh. |

| | | |
|---|---|---|
| 9.0 | 12 Lúnasa 2025 | Leagan leasaithe |
| 9.1 | 14 Bealtaine 2026 | Leagan le haghaidh comhairliúchán maidir le hathbhreithnithe a moladh. |
| 10 | 25 Lúnasa 2026 | Leagan leasaithe |

# Faisnéis Thábhachtach

D’ullmhaigh EirGrid agus SONI an Ráiteas seo maidir le Prionsabail an Mhargaidh Cothromúcháin (BMPS) de réir a gcuid oibleagáidí faoi seach faoi Cheadúnas Oibritheora Córais Tarchuir (OCT) (Coinníoll 22B de cheadúnas OCT SONI, Coinníoll 10B de cheadúnas OCT EirGrid) agus de réir chinneadh MLA ó Choiste MLA-16-058 dar dáta an 7 Deireadh Fómhair 2016 dar teideal ‘Téarmaí Tagartha don Ráiteas faoi Phrionsabail an Mhargaidh Cothromúcháin’.

Déantar tagairt sa BMPS seo do reachtaíocht náisiúnta agus AE agus do cheadúnais reachtúla a bhí i bhfeidhm agus is infheidhme maidir le EirGrid agus SONI amhail mí na Bealtaine 2026. Liostaítear na ceadúnais agus na cóid infheidhme thíos.

| Ceadúnas / Cód | An Leagan is Infheidhme |
|---|---|
| Ceadúnas Oibreora Córais Tarchuir EirGrid | 10 Aibreán 2026 |
| Ceadúnas Oibritheora Córais Tarchurtha de chuid SONI | 17 Aibreán 2026 |
| Cód Eangaí EirGrid | Leagan 16, 17 Deireadh Fómhair 2025 |
| Cód Eangaí SONI | 1 Meán Fómhair 2025 |
| Cód Trádála agus Socraíochta | Leagan 31.0, 13 Samhain 2025 |

Déanfar athbhreithniú ar an BMPS ar bhonn leanúnach, nó uair amháin sa bhliain ar a laghad, lena chinntiú go mbeidh an BMPS seo cruinn agus cothrom le dáta i gcónaí. Mar shampla, i gcás ina ndéanfar leasú ar fhorálacha ábhartha ar bith sa reachtaíocht AE agus náisiúnta, ar cheadúnais reachtúla, ar na Cóid Eangaí nó ar an gCód Trádála agus Socraíochta (TSC), seans go mbeidh ar EirGrid agus SONI an BMPS seo a leasú (faoi réir an choinníll ceadúnais is infheidhme ina gCeadúnais OCT agus de réir an choinníll sin) lena chinntiú go mbeidh an BMPS fós comhsheasmhach leis an gcreat um oibleagáidí is infheidhme.

Caithfidh EirGrid gach leasú ar an BMPS a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún um Rialáil Fóntais agus caithfidh SONI gach leasú ar an BMPS a chur ar aghaidh chuig an Rialtóir Fóntais de réir an phróisis agus na hamlíne a leagtar amach i ngach Ceadúnas OCT.

I gcás ina bhfuil neamhréir idir an reachtaíocht is infheidhme, ceadúnais, Cóid Eangaí agus an CTS ar thaobh amháin, agus an BMPS ar an taobh eile, déanfar an neamhréir a réiteach mar a leanas: beidh an oibleagáid reachtúil ábhartha sa chéad áit san ord tosaíochta, beidh an oibleagáid ábhartha ó thaobh ceadúnais de sa dara háit, beidh an fhoráil ábhartha de na Cóid Eangaí sa tríú háit agus beidh an fhoráil ábhartha den CTS

sa cheathrú háit.  Tugtar tuairisc sa BMPS ar an gcaoi a ndéantar na hoibleagáidí sna doiciméid seo a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm; ní chruthaítear aon oibleagáid nua leis.

# Clár na nÁbhar


## 1. Cuspóirí an BMPS ........................................ 14

## 2. Oibleagáidí ................................................ 16

2.1. Slándáil Oibríochtúil a Chinntiú ........ 17
2.2. Giniúint Seolta Tosaíochta a Uasmhéadú ........ 18
2.3. Oibriú Éifeachtúil an MLA ........ 20
2.4. Trédhearcacht a Sholáthar ........ 22
2.5. Oibleagáidí a Chur i bhFeidhm ........ 23

## 3. Ionchuir ................................................ 25

3.1. Ionchuir lena léirítear Cuspóirí Beartais ........ 26
3.1.1 Seoladh Tosaíochta ........ 26
3.1.2 Paraiméadair Bheartais maidir le Sceidealú agus Seoladh ........ 28
3.2. Ionchuir ó Rannpháirtithe agus ó Sholáthraithe Seirbhíse Córais ........ 30
3.2.1 Sonraí Teicniúla Aonaid ........ 30
3.2.2 Sonraí Tráchtála Aonaid ........ 31
3.2.3 Fógraí Fisiciúla ........ 31
3.2.4 Dearbhuithe maidir le hInfhaighteacht agus Acmhainn Seirbhísí Córais ........ 32
3.2.5 Aonad Faoin bhFógra Tástála ........ 34
3.3. Sceidil Idirnascairí Margaidh Ex-Ante ........ 34
3.4. Ionchuir Oibritheora Córais ........ 35
3.4.1 Réamhaisnéis Éilimh ........ 35
3.4.2 Réamhaisnéis In-athnuaite ........ 36
3.4.3 Srianta ........ 37
3.4.4 Ceanglais Seirbhísí Córais ........ 40
3.4.5 Sonraí Teicniúla Idirnascaire ........ 40
3.4.6 Praghsanna agus Méideanna le haghaidh Gníomhaíochtaí Traschreasacha 41
3.4.7 Dálaí Córais Fíor-ama ........ 45

## 4. An Próiseas Sceidealaithe agus Seolta .................. 46

4.1. Léargas Ginearálta ar an bPróiseas ........ 47

4.2. Próiseáil Sonraí Ionchuir ... 48
4.3. Sceidealú ... 50
4.3.1 Tiomantas Aonaid agus Seoladh Eacnamaíoch ... 50
4.3.2 Uirlis Corrlaigh Rampála ... 51
4.3.3 Cineálacha Reatha Sceidealaithe: LTS, RTC agus RTD ... 51
4.3.4 Aschuir Sceidealaithe ... 53
4.4. Gníomhartha Seolta agus Rialaithe ... 54
4.4.1 Ceanglas maidir le Treoracha a Leanúint ... 54
4.4.2 Cineálacha Treoracha ... 55
4.4.3 Achair ama ... 55
4.4.4 Seoladh Tosaíochta ... 56
4.4.5 Aonaid Stáisiún Cumhachta Stórála Fuinnimh (ESPS) Ceallraí ... 57
4.5. Oibleagáidí a Chomhlíonadh ... 59
4.5.1 Slándáil Oibríochtúil a Chinntiú ... 60
4.5.2 Giniúint Seolta Tosaíochta a Uasmhéadú ... 61
4.5.3 Oibriú Éifeachtúil an MLA ... 61
4.6. Sonraí chuig Córais Phraghsála agus Socraíochta ... 64

5. Eisceachtaí ... 67

5.1. Gnáthghníomhaíocht Oibríochtúil ... 67
5.2. Eisceachtaí ... 69
5.2.1 Léargas ginearálta ... 69
5.2.2 Giniúint Éigeandála Shealadach (TEG) ... 75
5.2.3 Aonaid Choinnithe atá ann Cheana (Gob na Muine) ... 80
5.2.4 Achoimre ar ghníomhachtú Ghob na Muine agus TEG ... 85
5.3. Iniúchadh ... 86

6. Foilseacháin ... 87

6.1. Foinsí Foilseachán ... 88
6.2. Sonraí Oibríochtúla ... 89
6.3. Próisis Oibríochtúla ... 93
6.4. Modheolaíochtaí ... 93
6.5. Tuarascálacha ... 94

Aguisín 1 Creat Oibleagáidí .................................. 95
Aguisín 1.1 Forbhreathnú ........ 95
Aguisín 1.2 Creat um Oibleagáidí Slándála Oibríochtúla ........ 99
Aguisín 1.3 Creat um Oibleagáidí Seolta Tosaíochta ........ 101
Aguisín 1.4 Oibríocht Éifeachtúil an Chreata Oibleagáidí MLA ........ 103
Aguisín 1.5 Creat um Oibleagáidí Trédhearcachta ........ 105
Aguisín 2 An Próiseas maidir le Sceidealú agus Seoladh 107
Aguisín 2.1 Próiseáil Sonraí Ionchuir ........ 108
Aguisín 2.2 Sceidealú ........ 119
Aguisín 2.3 Gníomhartha Seolta agus Rialaithe ........ 122
Aguisín 2.4 Sampla ........ 126

# Téarmaí agus Sainmhínithe

Sa BMPS seo, beidh na bríonna seo leanas ag na téarmaí seo a leanas, ach amháin sa chás go n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt de bhrí.

| Téarma | Sainmhíniú |
|---|---|
| BMI | Comhéadan Margaidh Cothromúcháin - an comhéadan idir Rannpháirtithe agus an Córas Bainistíochta Margaidh (MMS). |
| CBB | Cothromú Trasteorann - ceann de na seirbhísí atá ar bun idir na OCTanna agus OCT na Breataine Móire chun sceidil idirnascairí traschreasach a bhainistiú. |
| CTÉ | Gléasra Cumhachta is Teasa in Éineacht - aonad a ghineann leictreachas agus teas araon. |
| COD | Sonraí um Thairiscint Tráchtála, de réir na brí a thugtar don téarma sin sa TSC. |
| Srian DCC | Srian an Ionaid Rialaithe Dáileacháin - laghdú in aschur giniúna de réir threoir an OCT arna ordú ag an Oibreoir Córais Tarchuir arna iarraidh sin ag an Ionad Rialaithe Dáileacháin (DCC) chun srianta ar an líonra dáileacháin a bhainistiú. |
| Treoir maidir le Seoladh | Treoir a thugann OCT d'aonad chun aschur, breosla nó modh oibríochta a athrú. |
| Aonad an Éilimh | Mar a shainmhínítear in TSC. |
| OGD | Oibreoir Líonra Dáileacháin - oibreoir an líonra dáileacháin i dTuaisceart Éireann (is é sin, amhail ar dháta an doiciméid seo, Northern Ireland Electricity (Leictreachas Thuaisceart Éireann Teoranta)). |
| DS3 | Clár na OCTanna maidir le 'Córas Daingean Inbhuanaithe Leictreachais a Chur ar Fáil' chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an gcóras leictreachais a oibriú ar bhealach slán agus spriocanna leictreachais in-athnuaite a bhaint amach ag an am céanna. |
| CÉ | Cúnamh Éigeandála - ceann de na seirbhísí éigeandála atá ar bun idir na OCTanna agus OCT na Breataine Móire chun sceidil idirnascairí traschreasacha a bhainistiú. |
| EBGL | Treoirlíne maidir le Cothromú Leictreachais |

| | |
|---|---|
| EDIL | Logálaí Treoracha Seolta Leictreonach na OCTanna a úsáidtear chun treoracha a sheoladh chuig aonaid agus mar an uirlis chun dearbhuithe infhaighteachta fíor-ama a bhainistiú, lena n-áirítear Seirbhísí Córais. |
| EI | Treoir Éigeandála - ceann de na seirbhísí éigeandála atá ar bun idir na OCTanna agus OCT na Breataine Móire chun sceidil idirnascairí traschreasacha a bhainistiú. |
| EirGrid | EirGrid cpt |
| EMS | Córas Bainistíochta Fuinnimh na OCTanna a chuireann tásc fíor-ama agus rialú an chórais cumhachta ar fáil. |
| Aonad Gineadóra Teoranta Fuinnimh | Mar a shainmhínítear sa TSC. |
| ENTSO-E | Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Leictreachais. |
| ESPS | Stáisiún Cumhachta Stórála Fuinnimh |
| OCT na Breataine Móire | Oibreoir an Chórais Náisiúnta Leictreachais |
| GPI | Dreasacht Feidhmíochta Gineadóra |
| Cód Eangaí | Cód Eangaí EirGrid agus Cód Eangaí SONI |
| ICRP | An Clár Tagartha Idirnascairí – an sceideal fisiciúil le haghaidh idirnascaire traschreasach a chloíonn leis an teorainn rampa oibríochtúil le haghaidh idirnascaire den sórt sin. |
| Tréimhse Shocraíochta Éagothroime | Ciallaíonn sé sin tréimhse tríocha nóiméad a thosaíonn gach uair an chloig agus gach leathuair an chloig. |
| IOS | Sceideal Oibríochtaí Táscach |
| LFCAOA | Comhaontú Oibriúcháin maidir le Réimse Rialaithe Minicíochta Lóid |
| LFCBOA | Comhaontú Oibriúcháin maidir le Bloc Rialaithe Lódmhinicíochta |
| LNAF | Fachtóir Coigeartaithe ar Fhógra Fada |
| LSI | Ionfhotha Aonair is Mó |
| LSO | Easfhotha Aonair is Mó |
| LTS | Sceidealú Fadtéarmach - bogearraí na nOCTanna a úsáidtear chun cinntí táscacha tiomantais a chur ar fáil (i.e. cé hiad na haonaid is |

| | |
|---|---|
| | ceart a bheith ar líne nó as líne) go dtí deireadh an Lae Trádála nó an chéad Lá Trádála eile ag brath ar uainiú an LTS. |
| MMS | Córas Bainistíochta Margaidh – Córais mhargaidh na nOCTanna lena n-áirítear na huirlisí sceidealaithe agus seolta. |
| MW | Meigeavata, an t-aonad tomhais le haghaidh táirgeadh cumhachta meandrach nó leibhéal ídithe aonaid. |
| NCER | Cód Líonra maidir le hÉigeandáil agus Athchóiriú |
| Glantoilleadh an Aistrithe (NTC) | An toilleadh a chuirtear ar fáil don aistriú ag an bpointe tagartha oibriúcháin mar a leagtar amach sna 'Socruithe Eatramhacha OCT Traschreasach le haghaidh chur i bhfeidhm GB-ISEM'. |
| Ceanglas maidir le Cúltaca Feidhme | Na ceanglais maidir le cúltaca feidhme a úsáidtear chun an Sceideal Oibríochtaí Táscach is déanaí a dhearbhú. |
| Rannpháirtí | Páirtí a bhfuil aonaid cláraithe sa mhargadh aige. |
| Fógra Fisiciúil (FF) | Léiríonn Fógra Fisiciúil aschur nó éileamh beartaithe Rannpháirtí le haghaidh gach ceann dá aonaid, gan Tairiscintí a nGlacadh Leo san áireamh, i rith gach Tréimhse Shocraíochta Éagothroime. |
| Socrúcháin Margaidh Roimhe Seo | Socrúcháin an Mhargaidh Leictreachais Aonair sular cuireadh socruithe athbhreithnithe an MLA i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2018. |
| MPCanna | Modúil Páirce Cumhachta-aonad giniúna nó cnuasach aonad giniúna a ghineann leictreachas atá ceangailte leis an líonra go neamhshioncronach nó trí leictreonaic chumhachta. |
| Na hÚdaráis Rialála | Ciallaíonn sé sin An Coimisiún um Rialáil Fóntais agus an Rialtóir Fóntais. |
| Teagmhas Tagartha | Tagraítear dó sin mar an éagothroime a d'fhéadfadh eascairt as cailliúint an ionfhotha aonair is mó nó an easfhotha aonair is mó agus na ceanglais le haghaidh sceidealú cúltaca á ndearbhú. |
| Socruithe athbhreithnithe MLA | An bhrí atá aige sin ná an bhrí a thugtar dó i ngach ceann de na Ceadúnais OCT. |
| RCCanna | Ionaid Chomhordúcháin Réigiúnacha - Rialachán Leictreachais an AE a bhunaíonn iad seo. I measc a gcuid tascanna tacaítear le measúnú a dhéanamh ar chomhsheasmhacht i bpleananna cosanta agus athchóirithe oibreoirí córais tarchurtha; comhordú a dhéanamh ar phleanáil éarthaí réigiúnacha; anailís iaroibrithe agus iarshuaite a |

| | |
|---|---|
| | dhéanamh; agus oiliúint agus deimhniú a thabhairt do na baill foirne a oibríonn d'Ionaid Chomhordúcháin Réigiúnacha. |
| RPP | Plean Riosca-Ullmhachta |
| RTC | Tiomantas Fíor-ama - bogearraí na nOCTanna a úsáidtear chun cinntí táscacha tiomantais a chur ar fáil (i.e. cé hiad na haonaid is ceart a bheith ar líne nó as líne) gar don fhíor-am. |
| RTD | Seoladh Fíor-ama - bogearraí na nOCTanna a úsáidtear chun cinntí táscacha maidir le seoladh incriminteach agus deicrimintithe a chur ar fáil gar don fhíor-am le haghaidh aonaid atá ar líne nó atá sceidealaithe le bheith ar líne. |
| SAOA | Comhaontú Oibriúcháin an Limistéir Shioncrónaigh |
| Cainníocht Chúltaca Gearrthéarmaigh | An cúltaca feidhme atá ar fáil agus an cúltaca atá in ann dul in ionad an chúltaca feidhme laistigh d'uair an chloig sa Sceideal Oibríochtaí Táscach is déanaí. |
| SIFF | Fachtóir Maolaithe Éagothroime Córais |
| SCADA | Rialú Maoirseachta agus Fáil Sonraí – córas na OCTanna chun sonraí fíor-ama a bhailiú ón gcóras cumhachta agus chun míreanna ar an gcóras cumhachta a rialú tríd an gcomhéadan EMS. |
| SCED | Seoladh Eacnamaíoch Srianta Slándála – na halgartaim a sholáthraíonn sceidil tháscacha maidir le seoladh. |
| SCUC | Tiomantas Aonaid faoi Shrian Slándála - na halgartaim a sholáthraíonn sceidil tháscacha maidir le tiomantas aonaid (stádas ann/as na n-aonad). |
| SONI | SONI – (Oibreoir Córais Thuaisceart Éireann) Teoranta |
| SOGL | Treoirlíne d'Oibreoirí Córais-de réir Rialachán (AE) 2017/1485 ón gCoimisiún dar dáta an 2 Lúnasa 2017 |
| SSII | Innéacs Éagothroime an Easnaimh Córais |
| Comhdhlúthadán Sioncronach | Meaisín sioncronach atá deartha chun oibriú mar mhótar gan aon phríomh-ghluaisneoir a sholáthraíonn Cúiteamh Sioncronach le héileamh cumhachta gníomhaí neamhnialais. Cuireann na feistí sin rialáil agus cobhsaíocht voltais fheabhsaithe ar fáil trí chumhacht fhreasaitheach inchoigeartaithe a ghiniúint/a ionsú go leanúnach. Cuireann na feistí sin feabhas ar neart ghearrchiorcaid agus ar chobhsaíocht minicíochta trí tháimhe shioncronach a chur ar fáil. |

| | |
|---|---|
| Seirbhísí Córais | Na seirbhísí 'neamhfhuinnimh' arna gcur ar fáil ag aonaid agus idirnascairí a thacaíonn le hoibriú slán an chórais cumhachta. Áirítear leo Seirbhísí Córais DS3, Seirbhísí Tacaíochta Córais agus Seirbhísí Coimhdeacha. |
| Giniúint Éigeandála Shealadach (TEG) | Giniúint Éigeandála Shealadach, is é sin giniúint neamh-mhargaidh le conradh OCT chun seirbhís um slándáil an tsoláthair a chur ar fáil. |
| TCA | An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe |
| TOD | Sonraí maidir le Tairiscint Theicniúil de réir na brí a thugtar don téarma sin sa TSC. |
| Lá Trádála | Ciallaíonn sé sin an tréimhse a thosaíonn ag 23:00 gach lá agus a chríochnaíonn ag 23:00 lá arna mhárach. |
| Srian Tarchurtha | Ionas gur féidir an córas cumhachta a oibriú ar bhealach éifeachtúil agus slán, déantar aonaid a sceidealú agus a sheoladh chuig leibhéil áirithe chun rólódáil trealaimh, voltas taobh amuigh de theorainneacha nó éagobhsaíocht an chórais a sheachaint. |
| TSC | An Cód Trádála agus Socraíochta don Mhargadh Leictreachais Aonair. |
| OCT | Oibritheoir Córais Tarchurtha - oibritheoir an chórais tarchurtha (de réir mar is infheidhme) i dTuaisceart Éireann (is é sin SONI amhail ar dháta an doiciméid seo) agus in Éirinn (is é sin EirGrid amhail ar dháta an doiciméid seo), agus forléireofar an téarma OCTanna dá réir. |
| Ceadúnais nó Ceadúnais OCT | Ceadúnas OCT EirGrid agus ceadúnas OCT SONI |
| Aonaid | Áirítear Aonaid Ghineadóra (mar a shainmhínítear sa TSC), Aonaid Ghiniúna (mar a shainmhínítear sna Cóid Eangaí), Aonaid ar Thaobh an Éilimh agus soláthraithe Seirbhíse Córais atá mar chuid den phróiseas sceidealaithe agus seolta. |

# 1. Cuspóirí an BMPS

Foilsíonn na hOibreoirí Córais Tarchuir an BMPS chun a mhíniú, ar bhealach soiléir agus intuigthe, an chaoi a gcuirtear an próiseas sceidealaithe agus seolta i bhfeidhm sa mhargadh leictreachais aonair (MLA) i gcomhréir leis na hoibleagáidí reachtúla agus ceadúnais is infheidhme. I gcomhréir leis na hoibleagáidí maidir le Ceadúnas OCT agus Coinníoll 22B de cheadúnas OCT SONI, Coinníoll 10B de cheadúnas OCT EirGrid, tá sé i gceist leis an 'Ráiteas maidir le Prionsabail an Mhargaidh Cothromúcháin tuairisc chruinn agus cothrom le dáta a sholáthar, a mhéid is indéanta, ar an bpróiseas sceidealaithe agus seolta.'[1] Tá raon gníomhaíochtaí a bhaineann le pleanáil beagnach fíor-ama agus oibriú fíor-ama an chórais cumhachta san áireamh sa phróiseas sceidealaithe agus seolta. Is próiseas leanúnach '24/7' é a bhainistítear ar bhealach comhordaithe ó ionaid rialaithe na OCTanna i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste trí úsáid a bhaint as raon córas agus próiseas oibríochta coitianta.

Tá an próiseas sceidealaithe agus seolta bunaithe ar Mhargadh Cothromúcháin an MLA. Úsáidtear tairiscintí an mhargaidh cothromúcháin agus tairiscintí a chuireann Rannpháirtithe ar fáil mar phríomh-shásra chun aonaid a sheoladh chun srianta slándála oibríochta a bhainistiú (lena n-áirítear Seirbhísí Córais a sholáthar), chun giniúint seolta tosaíochta a uasmhéadú agus chun an margadh cothromúcháin a oibriú go héifeachtúil.

Déanann an BMPS seo cur síos ar an bpróiseas sceidealaithe agus seolta faoi na ceannteidil seo a leanas:

**Cuid 2 – Oibleagáidí:** Leagtar amach sa chuid seo oibleagáidí an chreata (ar leibhéal Eorpach agus náisiúnta) a bhfuil feidhm acu maidir le OCTanna i leith gníomhaíochtaí sceidealaithe agus seolta agus míníonn sé an idirghníomhaíocht idir na cuspóirí sin.

**Cuid 3 – Ionchuir**: Leagtar amach sa chuid seo na hionchuir mhargaidh agus theicniúla don phróiseas.

**Cuid 4 – An Próiseas Sceidealaithe agus Seolta:** Leagtar amach sa chuid seo an próiseas chun Sceidil Oibríochtaí Tháscacha a tháirgeadh, chun Treoracha Seolta a eisiúint, chun sonraí a sholáthar do chórais praghsála agus socraíochta agus chun faisnéis a sholáthar chun tacú le sásraí tuairiscithe agus foilseacháin éagsúla

**Cuid 5 – Eisceachtaí:** Leagtar amach sa chuid seo na teagmhais neamhghnácha a fhéadfaidh tarlú taobh amuigh den ghnáthphróiseas sceidealaithe agus seolta agus na sásraí tuairiscithe gaolmhara i leith na dteagmhas sin.

[1] Ráiteas maidir le Prionsabail an Mhargaidh Cothromúcháin Leagan 9.1

**Cuid 6 – Foilseacháin**: Leagtar amach sa chuid seo na foilseacháin a dtacaíonn an próiseas sceidealaithe agus seolta leo.

Ina theannta sin, tá dhá aguisín ann:

**Aguisín 1 – Creat Oibleagáidí**: Tá tagairtí san aguisín seo do na hoibleagáidí reachtúla faoina n-oibríonn bpróiseas sceidealaithe agus seolta na OCTanna.

**Aguisín 2 – An Próiseas Sceidealaithe agus Seolta:** Tugtar mionsonraí san aguisín seo faoi na gníomhaíochtaí sceidealaithe agus seolta a dhéantar agus tugtar sampla den phróiseas seo.

# 2. Oibleagáidí

Tá na prionsabail faoina n-oibríonn na OCTanna, an próiseas sceidealaithe agus seolta bunaithe ar chinntí beartais Eorpacha agus náisiúnta (Éire agus Tuaisceart Éireann). Déantar na cinntí sin a thras-scríobh sna hoibleagáidí reachtúla (amhail na Ceadúnais OCT) faoina n-oibríonn na OCTanna. Leagtar na hoibleagáidí reachtúla sin amach sa chuid seo. Leagann na OCTanna amach freisin an chaoi a mbíonn na hoibleagáidí sin agus an chaoi a mbainistítear oibleagáidí iomaíocha ag idirghníomhú. Tugtar cur i bhfeidhm praiticiúil na n-oibleagáidí sa phróiseas sceidealaithe agus seolta i gcuid 4.

Oibríonn an próiseas sceidealaithe agus seolta laistigh de chreat oibleagáidí a chuimsíonn rialacháin Eorpacha agus an TSC agus na Cóid Eangaí. Léirítear foinse na n-oibleagáidí sin agus an t-ordlathas lena gcuirtear i bhfeidhm iad sa phróiseas sceidealaithe agus seolta i Fíor 1 thíos.[2]




Fíor 1: Creat Oibleagáidí

Cuireann na Ceadúnais OCT oibleagáid ar gach OCT, i gcomhar leis an OCT eile, chun aonaid a sceidealú agus chun treoracha a thabhairt maidir le haonaid a sheoladh. Ní mór an oibleagáid seo a chomhlíonadh de réir an chuid eile de na téarmaí de gach Ceadúnas OCT agus na gCód Eangaí. Tá an oibleagáid shonrach seo chun aonaid a sceidealú agus a sheoladh bunaithe ar na hoibleagáidí foriomlána faoin gcreat oibleagáidí a léirítear thuas.

[2] Rialacháin agus Treoracha nach bhfuil feidhm acu ach amháin maidir le Tuaisceart Éireann má thagann siad faoi raon feidhme an Phrótacail maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann. Féach an nóta in Aguisín 1 chun tuilleadh mionsonraí a fháil.

Tá liosta níos mionsonraithe de na hoibleagáidí a rialaíonn an próiseas sceidealaithe agus seolta in Aguisín 1.

D'fhonn na hoibleagáidí atá ar na OCTanna agus an chaoi a mbíonn siad ag idirghníomhú a mhíniú go soiléir, tá siad roinnte faoi cheithre phríomh-cheannteideal againn, mar a léirítear i Fíor 2 thíos, agus tá cur síos orthu sna rannáin seo a leanas.




Fíor 2: Oibleagáidí sa Phróiseas Sceidealaithe agus Seolta

## 2.1. Slándáil Oibríochtúil a Chinntiú

Faoi Airteagal 40 de Threoir (AE) 2019/944[3] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (**Treoir Athmhúnlaithe maidir leis an Margadh Inmheánach don Leictreachas**[4]), tá na OCTanna freagrach as a chinntiú go mbeidh an cumas fadtéarmach ag an gcóras freastal ar éilimh réasúnacha ar tharchur leictreachais, agus as córas tarchurtha atá slán, iontaofa agus éifeachtúil a oibriú, a chothabháil agus a fhorbairt le haird chuí ar an gcomhshaol, i ndlúthchomhar leis na hoibritheoirí córais tarchurtha agus leis na hoibritheoirí córais dáileacháin comharsanacha, cur le cinnteacht an tsoláthair trí thoilleadh tarchuir leordhóthanach

[3] In Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, is eintitis dhlíthiúla iad Úinéirí na Sócmhainní Tarchuir (ÚST) atá ar leithligh ó na OCTanna. Faoi na socruithe deimhnithe faoi seach, tá ról ag Úinéirí na Sócmhainní Tarchuir chun roinnt de na feidhmeanna sin a chomhlíonadh, mar shampla oibreacha cothabhála fisiciúla.

[4] Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas, arna leasú le Rialachán (AE) 2024/1747

agus trí iontaofacht córais leormhaith, agus as córas leictreachais slán, iontaofa agus éifeachtúil a chinntiú.

I Rialachán (AE) 2017/1485 ón gCoimisiún lena mbunaítear treoirlíne maidir le hoibríocht córas tarchurtha leictreachais (SOGL), leagtar amach na ceanglais íosta maidir le hoibríocht córas tarchurtha leictreachais agus comhar trasteorann idir OCTanna. I measc nithe eile, áirítear ann treoirlínte mionsonraithe faoi cheanglais agus prionsabail a bhaineann le slándáil oibríochtúil agus rialacha faoi anailís ar shlándáil oibríochtúil, lena n-áirítear comhordú réigiúnach um shlándáil oibríochtúil, samhlacha eangaí aonair agus comhchoiteanna, agus Ionaid Chomhordúcháin Réigiúnacha a cheapadh le haghaidh gach OCT.

Ina theannta sin, i Rialachán (AE) 2017/2196 ón gCoimisiún lena mbunaítear cód líonra maidir le héigeandálaí leictreachais agus athbhunú leictreachais (NCER), leagtar amach rialacha a bhaineann leis an gcóras tarchurtha leictreachais a bhainistiú sna staideanna rabhaidh, éigeandála, lándorchaithe agus athshlánaithe, agus é de phríomhchuspóir leis sin an córas tarchurtha a athbhunú chuig a ghnáth-staid go hiontaofa, go héifeachtúil agus go tapa.

Déantar foráil i reachtaíocht náisiúnta freisin maidir le freagracht as slándáil oibríochtúil a chinntiú, is é sin: (i gcás na hÉireann) Rialachán 8 de I.R. 445/2000 Rialachán na gComhphobal Eorpach (An Margadh Inmheánach sa Leictreachas) 2000 (arna leasú); agus (i gcás Thuaisceart Éireann) Airteagal 12 den Electricity (Northern Ireland) Order 1992 (arna leasú).

Tugtar sainmhíniú breise ar na hoibleagáidí i leith slándáil oibríochtúil a chinntiú sna Ceadúnais, sna Cóid Eangaí agus sa TSC, agus dá bhrí sin is cuid ríthábhachtach den phróiseas sceidealaithe agus seolta iad.

Tá Tábla in Aguisín 1.2 ina leagtar amach oibleagáidí na OCTanna maidir le slándáil oibríochtúil a chinntiú.

## 2.2. Giniúint Seolta Tosaíochta a Uasmhéadú

Tá oibleagáidí na OCTanna maidir le seoladh tosaíochta a chur ar fáil d’aicmí áirithe gineadóirí léirithe i reachtaíocht AE agus náisiúnta, i gCeadúnais agus sna Cóid Eangaí, agus is cuid ríthábhachtach den phróiseas sceidealaithe agus seolta iad.

Rinneadh foráil le hAirteagal 16 de Threoir 2009/28/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur chun cinn na húsáide fuinnimh as foinsí in-athnuaite (an Treoir FIF) ar an gcoinníoll go gceanglaítear ar na Ballstáit a chinntiú, agus suiteálacha giniúna leictreachais á seoladh acu, go dtugann OCTanna tosaíocht do shuiteálacha giniúna a úsáideann foinsí in-athnuaite fuinnimh a mhéid a cheadaítear chun an córas náisiúnta

leictreachais a oibriú ar bhealach slán, agus bunaithe ar chritéir thrédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha.

Déantar leasú air sin le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2019/943 (an **Rialachán maidir le Margadh Inmheánach don Leictreachas**) sa chaoi nach gcaitear níos mó le gineadóirí in-athnuaite lena ngabhann aschur níos mó ná 400 kW[5] acu agus le gineadóirí in-athnuaite a coimisiúnaíodh tar éis an 4 Iúil 2019, mar "sheoladh tosaíochta" (faoi réir ag eisceachtaí teoranta áirithe). Tugtar tosaíocht fós do ghineadóirí in-athnuaite a coimisiúnaíodh roimh an dáta sin nó lena ngabhann aschur níos lú ná 400 kW agus an córas á sheoladh; féadfaidh an rannpháirtí ábhartha an tosaíocht sin a ghéilleadh, áfach, nó d'fhéadfaí í a bhaint má dhéantar mionathruithe suntasacha ar an ngineadóir in-athnuaite. Le hAirteagal 13 den Rialachán maidir le Margadh Inmheánach don Leictreachas, áfach, ceanglaítear ordlathas anuas maidir le hathsheoladh le haghaidh imthosca nach bhfuil bunaithe ar an margadh a thugann an breithniú céanna do gach saoráid giniúna cumhachta a úsáideann foinsí in-athnuaite fuinnimh. Tabhair faoi deara go bhfuil cur i bhfeidhm Airteagail 12 agus 13 faoi réir ag rannpháirtíocht leanúnach tionscail agus rialála.

Déantar foráil le hAirteagal 15 de Threoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le héifeachtúlacht fuinnimh go gceanglaítear ar na Ballstáit a chinntiú, faoi réir ag ceanglais a bhaineann le hiontaofacht agus sábháilteacht na heangaí a chothabháil, bunaithe ar chritéir thrédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha arna leagan síos ag na húdaráis náisiúnta rialála, go dtabharfaidh OCTanna, agus suiteálacha giniúna leictreachais á seoladh acu, tosaíocht do sheoladh leictreachais ó chomhghiniúint ardéifeachtúlachta, a mhéid a cheadaítear chun an córas náisiúnta leictreachais a oibriú ar bhealach slán.[6] Rinneadh é sin a nuashonrú le foilsiú an Rialacháin maidir le Margadh Inmheánach don Leictreachas, lena ndéantar foráil nach gcaitear níos mó le gineadóirí comhghiniúna ardéifeachtúlachta a coimisiúnaíodh tar éis an 4 Iúil 2019, mar "sheoladh tosaíochta" (faoi réir ag eisceachtaí teoranta áirithe). Féadfaidh na gineadóirí comhghiniúna ardéifeachtúlachta a nascadh roimh an 4 Iúil 2019, faoin Rialachán nua maidir le Margadh Inmheánach don Leictreachas, leanúint de leas a bhaint as "seoladh tosaíochta" nó féadfaidh siad an leas sin a chúlghairm má iarrann an gineadóir é sin. Tabhair faoi deara go bhfuil cur i bhfeidhm na n-athruithe um sheoladh tosaíochta ar ghineadóirí comhghiniúna ardéifeachtúlachta, mar a leagtar amach thuas,

[5] Maidir le saoráidí giniúna cumhachta a coimisiúnaíodh ón 1 Eanáir 2026 i leith, ní bheidh feidhm ag seoladh tosaíochta ach amháin maidir le saoráidí giniúna cumhachta a úsáideann foinsí in-athnuaite fuinnimh agus a bhfuil toilleadh leictreachais suiteáilte níos lú ná 200 kW acu (de bhun Airteagal 12(5) den Rialachán maidir le Margadh Inmheánach don Leictreachas).

[6] Trasuíodh an reachtaíocht sin i dTuaisceart Éireann in 2015; mar sin féin, ní bheidh feidhm uathoibríoch i dTuaisceart Éireann le haon reachtaíocht a thiocfadh ina háit.

faoi réir ag rannpháirtíocht leanúnach tionscail agus rialála. Níor cuireadh aon ghineadóir ardéifeachtúlachta cumhachta is teas in éineacht leis an Margadh Leictreachais Aonair ón 4 Iúil 2019, áfach, agus ní dhearnadh aon mhionathrú suntasach ar naisc na ngineadóirí ardéifeachtúlachta cumhachta is teas in éineacht a bhí ann cheana féin.

I dTuaisceart Éireann, trasuíodh na forálacha maidir le seoladh tosaíochta sa Treoir FIF i ndlí Thuaisceart Éireann le coinníoll nua i gCeadúnas OCT SONI (Coinníoll 9A), i measc nithe eile. Trasuíodh forálacha áirithe den Rialachán maidir le Margadh Inmheánach don Leictreachas i ndlí Thuaisceart Éireann an 4 Nollaig 2020 leis na Rialacháin Leictreachais (Seoladh Tosaíochta) (Tuaisceart Éireann) 2020, roimh dheireadh na hidirthréimhse nuair a d'fhág an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach. Ina theannta sin, faoin bPrótacal maidir le Tuaisceart Éireann, tá an Rialachán maidir le Margadh Inmheánach don Leictreachas fós infheidhme i leith Thuaisceart Éireann (faoi réir ag coinníollacha áirithe) tar éis don RA imeacht as an Aontas Eorpach (AE). Mar sin féin, tá leasuithe ar Cheadúnas OCT SONI chun Coinníoll 9A a nuashonrú i bhfianaise na Rialachán Leictreachais (Seoladh Tosaíochta) (Tuaisceart Éireann), 2020 agus an Rialacháin maidir le Margadh Inmheánach don Leictreachas fós le cur ar bun.

Déantar foráil i reachtaíocht náisiúnta freisin maidir leis an oibleagáid chun seoladh tosaíochta a chur ar fáil d'aicmí áirithe gineadóirí, is é sin: (i gcás na hÉireann) Alt 21 de I.R. 217/2002 - an tOrdú fán Acht um Rialáil Leictreachais 1999 (Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí) 2002 (arna leasú); agus (i gcás Thuaisceart Éireann) Airteagal 11ABA den Electricity (Northern Ireland) Order 1992 (arna leasú)[7].

Tá Tábla in Aguisín 1.3 a léiríonn an chaoi a bhfuil oibleagáidí na OCTanna i leith seoladh tosaíochta curtha i bhfeidhm i ngach dlínse.

## 2.3. Oibriú Éifeachtúil an MLA

Faoi Rialachán 8 de I.R. Uimh 445/2000 Rialachán na gComhphobal Eorpach (An Margadh Inmheánach sa Leictreachas) 2000 (arna leasú), tá oibleagáid ar EirGrid, agus a fheidhmeanna mar OCT á gcomhlíonadh aige, aird a thabhairt ar an gcuspóir maidir leis na costais iomlána a bhaineann le giniúint, tarchur, dáileadh agus soláthar an leictreachais a laghdú an oiread agus is féidir do na custaiméirí deiridh.

Ina theannta sin, tá oibleagáid ar EirGrid agus SONI, faoina gCeadúnais, córas ord fiúntais a oibriú don Mhargadh Cothromúcháin lena dtabharfar aird ar na cuspóirí a leagtar amach i ngach Ceadúnas.  Ceanglaíonn na Ceadúnais (Coinníoll 10A de Cheadúnas OCT

[7] https://www.legislation.gov.uk/nisi/1992/231/article/11AB

EirGrid agus Coinníoll 22A de Cheadúnas OCT SONI) ar na OCTanna aird a thabhairt ar na cuspóirí seo a leanas:

- an costas a bhaineann le himeacht ó fhógraí fisiciúla a íoslaghdú;;
- a mhéid is praiticiúil, an Margadh Ex-Ante a chumasú chun éagothroime fuinnimh a réiteach; agus
- a mhéid is praiticiúil, an costas a bhaineann le gníomhartha neamhfhuinnimh a íoslaghdú.

Tá tábla in Aguisín 1.4 ina leagtar amach oibleagáidí na OCTanna maidir le córas leictreachais slán, iontaofa agus éifeachtúil a chinntiú.

Tá freagracht ar na OCTanna faoi Airteagal 40 den Treoir Athmhúnlaithe maidir le Margadh Inmheánach don Leictreachas as córas leictreachais slán, iontaofa agus éifeachtúil a chinntiú.

Tá na OCTanna freagrach freisin faoi Rialachán (AE) 2015/1222 ón gCoimisiún lena mbunaítear treoirlíne maidir le leithdháileadh toillte agus bainistiú ar phlódú ("CACM") as rochtain ar mhalartuithe leictreachais traschreasach (trasteorann) a éascú agus as aon srian neamhriachtanach ar acmhainneachtaí traschreasach a sheachaint. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2021, níl feidhm a thuilleadh ag CACM ar theorainn an MLA / na Breataine Móire agus, dá bharr sin, tá cur i bhfeidhm praiticiúil CACM, maidir le haistriú trasteorann sa MLA, ar fionraí go dtí go ndéanfar an MLA a athnascadh le margadh fuinnimh inmheánach an AE nuair a bheidh an tIdirnascaire Ceilteach beartaithe tugtha chun críche. Idir an dá linn, tá SONI agus EirGrid ag obair le OCTanna eile sa Bhreatain Mhór agus mar chomhaltaí de ENTSO-E chun na gealltanais a rinne na rialtais sa Chomhaontú Trádála agus Comhair a chur i bhfeidhm.

Tá sé mar aidhm ag Airteagal 311(1) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe úsáid éifeachtúil idirnascairí leictreachais a chinntiú agus bacainní ar thrádáil idir an tAontas agus an RA a laghdú. Le hAirteagal 311(1)(b), ceanglaítear ar an Aontas agus ar an RA a chinntiú go gcuirtear an leibhéal uasta toillte d'idirnascairí leictreachais ar fáil, chun freastal ar an ngá le hoibriú slán an chórais a chinntiú; agus an úsáid is éifeachtúla as na córais. Chomh maith leis sin, faoi Airteagal 311(1)(c), caithfidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a chinntiú nach gciorraítear toilleadh an idirnascaire leictreachais ach amháin i gcásanna éigeandála[8] agus ní mór an ciorrú sin a dhéanamh ar bhealach neamh-idirdhealaitheach.

---

[8]Airteagal 16 (2) de Rialachán 2019/943: Ní úsáidfear nósanna imeachta ciorraithe ach amháin i gcásanna éigeandála, is é sin nuair is gá don oibritheoir córais tarchurtha gníomhú ar bhealach gasta agus nuair nach féidir athsheoladh nó fritrádáil a dhéanamh.

Le Rialachán (AE) 2017/1485 ón gCoimisiún lena mbunaítear treoirlíne maidir le hoibriú córais (SOGL), ceanglaítear comhphrionsabail a bhunú chun córais a oibriú ar bhealach slán, lena n-áirítear rialú lódmhinicíochta agus limistéir shioncronacha a bhunú, nósanna imeachta réamhcháiliúcháin d'aonaid a chuireann cúltacaí agus seirbhísí coimhdeacha ar fáil, ceanglais maidir le malartú sonraí, nósanna imeachta ríofa le húsáid ag OCTanna chun na méideanna seirbhísí a theastaíonn a chinneadh agus cúltacaí a mhalartú agus a roinnt laistigh de limistéir shioncronacha agus eatarthu.

Áirítear i Rialachán (AE) 2017/2195 ón gCoimisiún lena mbunaítear treoirlíne maidir le cothromú leictreachais (EBGL) comhphrionsabail a bhunú chun cúltacaí srianta minicíochta, cúltacaí athshlánaithe minicíochta agus cúltacaí athsholáthair a fháil agus a shocrú, agus modheolaíocht choiteann chun cúltacaí athbhunaithe minicíochta agus cúltacaí athsholáthair a ghníomhachtú. Tá SONI agus EirGrid ag obair chun na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh trí roinnt sruthanna oibre, lena n-áirítear na cinn atá riachtanach lena chinntiú go bhfuil siad ullamh chun an MLA a athnascadh le margadh fuinnimh inmheánach an Aontais nuair a bheidh an tIdirnascaire Ceilteach beartaithe tugtha chun críche.

## 2.4. Trédhearcacht a Sholáthar

Tá roinnt oibleagáidí tuairiscithe agus faireacháin ar na OCTanna faoi Rialachán 1227 / 2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hiontaofacht agus trédhearcacht an mhargaidh fuinnimh mórdhíola (REMIT) agus faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/256 ón gCoimisiún maidir le tuairisciú sonraí lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 7c(2), Airteagal 8(1a), Airteagal 8(2) agus Airteagal 8(6) de REMIT (an Rialachán Cur Chun Feidhme). An sprioc atá ag REMIT agus ag an Rialachán Cur Chun Feidhme ná méadú a chur ar iontaofacht agus trédhearcacht na margaí fuinnimh mórdhíola d'fhonn iomaíocht oscailte agus chothrom a chothú i margaí fuinnimh mórdhíola chun tairbhe tomhaltóirí deiridh fuinnimh.

Tá sé d'oibleagáid ar na OCTanna cloí leis na ceanglais maidir le trédhearcacht i Rialachán (AE) 2017/1485 ón gCoimisiún lena mbunaítear treoirlíne maidir le hoibríocht córais tarchurtha leictreachais. Ina theannta sin, tá oibleagáid ar na OCTanna cloí le bearta trédhearcachta eile faoin Treoir Athmhúnlaithe maidir le Margadh Inmheánach don Leictreachas, faoi Rialachán (AE) 543/2013 ón gCoimisiún maidir le sonraí faoi mhargaí leictreachais a chur isteach agus a fhoilsiú, agus lena leasaítear Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh 714/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, faoi na Ceadúnais OCT, na Cóid Eangaí agus an TSC. Mar shampla, ceanglaítear ar na OCTanna tuarascálacha a chur faoi bhráid Aonad Faireacháin Margaidh Choiste an MLA.

Tá pointe tagartha dóibh siúd agus d'fhoilseacháin eile i gCuid 6, Foilseacháin.

Tá tábla in Aguisín 1.5 ina leagtar amach oibleagáidí na OCTanna maidir le méadú a chur ar iontaofacht agus trédhearcacht an MLA.

## 2.5. Oibleagáidí a Chur i bhFeidhm

Soláthraíonn na hoibleagáidí seo an creat faoina n-oibríonn an próiseas sceidealaithe agus seolta. Cinntear leo dearadh foriomlán na bpróiseas a leanann na OCTanna; ó na hionchuir a chuireann na OCTanna isteach sa phróiseas seo go feidhmiúlacht na n-uirlisí a úsáideann siad.

I gcásanna áirithe, tá cur i bhfeidhm oibleagáidí sonracha faoi cheangal ag taobh phraiticiúil an phróisis, mar shampla an gá le sceidil a ullmhú agus a nuashonrú go tráthúil. Ní dhéantar an t-idirdhealú idir gníomhartha fuinnimh agus neamhfhuinnimh sa phróiseas sceidealaithe agus seolta, mar shampla. Déantar an t-idirdhealú sa phróiseas praghsála éagothroime ex post, áfach, mar a chuirtear síos air sin sa 'Modheolaíocht d'Oibreoirí Córais agus Marcáil Neamh-Imeallach'.

Bíonn na hoibleagáidí ag idirghníomhú agus bíonn siad in iomaíocht lena chéile uaireanta. I bhfianaise cineál leanúnach, fíor-ama an phróisis sceidealaithe agus seolta, caithfidh cur chuige soiléir a bheith ann maidir leis na hoibleagáidí sin a chur in ord tosaíochta lena chinntiú go mbainfear amach, a mhéid agus is féidir, réiteach comhsheasmhach atá indéanta go teicniúil ar sceidealú agus seoladh.

Tugann na OCTanna tosaíocht do na hoibleagáidí sin sa phróiseas sceidealaithe agus seolta san ord seo a leanas:

1. slándáil oibríochtúil a chinntiú ;
2. Giniúint seolta tosaíochta a uasmhéadú; agus
3. Oibriú éifeachtúil an MLA.

Tugtar tús áite do shlándáil, mar ní fhéadfaí na hoibleagáidí eile a chomhlíonadh gan córas slán. Tá sé sin ag teacht leis na rúin a leagtar amach in Airteagal 13(5) den Rialachán maidir le Margadh Inmheánach Leictreachais. Cuirtear seoladh tosaíochta sa dara háit, roimh oibriú éifeachtúil an CMLA, bunaithe ar an gcinneadh ó SEMC SEM-11-062 'Prionsabail an tSeolta agus Dearadh Sceideal an Mhargaidh sa Chód Trádála agus Socraíochta'. Maítear sa chinneadh seo nach mór do na OCTanna cloí le léirmhíniú 'daingean' ar sheoladh tosaíochta, is é sin, nach gcuirtear tosca eacnamaíocha san áireamh ach amháin i gcásanna eisceachtúla. Mar thoradh air sin, ní bheidh an seoladh chomh éifeachtúil sin go heacnamaíoch, uaireanta, chun ciorrú ar ghiniúint seoladh tosaíochta a sheachaint.

Laistigh de gach ceann de na hoibleagáidí ardleibhéil sin, is gá aicmiú nó ualú breise a dhéanamh ar oibleagáidí. Ar shamplaí de sin tá fo-aicmiú aonad seolta tosaíochta, mar

a chuirtear síos air i gCuid 3.1.1, agus ualú cuspóirí eacnamaíocha mar a chuirtear síos air i gCuid 3.1.2.

Tá cur i bhfeidhm praiticiúil na n-oibleagáidí sin agus an t-ordlathas a bhaineann leo sa phróiseas sceidealaithe agus seolta leagtha amach i gCuid 4.

Is oibleagáid uileghabhálach é an ceanglas maidir le trédhearcacht a chur ar fáil. Tacaíonn na OCTanna le cuspóir na trédhearcachta trína bpróiseas agus a n-uirlisí a dhearadh chun cur le raon leathan foilseachán mar a chuirtear síos air i gcuid 6.

I gcás ina bhfuil soiléiriú faoi chur i bhfeidhm na n-oibleagáidí seo de dhíth, lorgóidh na OCTanna treoir ó na hÚdaráis Rialála.  Léireofar aon nuashonrú ar chur chun feidhme na n-oibleagáidí sin laistigh den phróiseas sceidealaithe agus seolta in BMPS i gcomhréir leis na ceanglais i gCeadúnais OCTanna chun BMPS a choinneáil cothrom le dáta.

# 3. Ionchuir

Déantar cur síos sa chuid seo ar na hionchuir sonraí leis an bpróiseas sceidealaithe agus seolta, lena n-áirítear foinse na sonraí agus an chaoi a n-úsáidtear iad.

Tá na mílte mír sonraí ann atá mar ionchuir leis an bpróiseas sceidealaithe agus seolta. Is féidir iad sin a aicmiú mar shonraí tráchtála (costas an fhuinnimh ó gach aonad), sonraí teicniúla (acmhainneacht gach aonaid) chomh maith leis na paraiméadair a úsáidtear chun cuspóirí an phróisis a chur i bhfeidhm (ualú cuspóirí beartais). Tagann na sonraí ó fhoinsí éagsúla (ó Rannpháirtithe agus Oibreoirí Córais) ag amanna éagsúla (ó uair sa lá go dtí gach soicind) agus trí chomhéadain éagsúla (margadh fuinnimh agus córas cumhachta). Tá achoimre ar na míreanna sonraí, agus iad curtha i ngrúpaí de réir foinse, i Figure 3 thíos.

Baineann na hionchuir a ndéantar cur síos orthu sa roinn seo le sceidealú agus seoladh faoi ghnáthchúinsí oibríochta. Is féidir le teagmhais neamhghnácha teacht chun cinn trína gcuirtear ionchuir éagsúla san áireamh agus i gcás ina bhfuil feidhm ag sceidealú difriúil agus próisis seolta. Déantar cur síos ar na himeachtaí sin i gCuid 5 ‘Eisceachtaí’.

**Cuspóirí Beartais**

- Catagóiriú Seolta Tosaíochta
- Paraiméadair Bheartais maidir le Sceidealú agus Seoladh

**Rannpháirtithe / Soláthraithe Seirbhísí Córais**

- Sonraí Teicniúla - an margadh fuinnimh agus Seirbhísí Córais
- Sonraí Tráchtála - margadh fuinnimh
- Fógraí Fisiciúla
- Infhaighteacht / Córas Dearbhuithe maidir le hAcmhainn Seirbhíse
- Aonad faoi Thástáil

**Margaí Ionlae Ex Ante**

- Sceidil Idirnascaire*

**Oibreoirí Córais**

- Réamhaisnéisí maidir le hÉileamh agus Foinsí In-athnuaite Fuinnimh
- Srianta ar an gCóras
- Ceanglais Seirbhísí Córais
- Sonraí Teicniúla Idirnascaire
- Praghsanna agus Méideanna le haghaidh Gníomhaíochtaí Traschreasacha
- Dálaí Córais Fíor-ama

Figure 3: Ionchuir i Sceidealú agus Seoladh

*Tabhair faoi deara: Leagtar amach i gCuid 3.3 thíos na hathruithe ar sceidil idirnascairí mar thoradh ar an Ríocht Aontaithe a bheith ag fágáil an Aontais Eorpaigh agus an obair eatramhach atá i bhfeidhm faoi láthair.

Tugtar tuairisc sna rannáin seo a leanas ar gach ceann de na hionchuir sin agus, i gcás ina sainítear iad, tugtar tagairtí ábhartha iontu do na hoibleagáidí faoina soláthraítear gach ceann acu.

## 3.1. Ionchuir lena léirítear Cuspóirí Beartais

Leagtar amach thíos ionchuir a léiríonn cuspóirí beartais na hEorpa / na hÉireann / Thuaisceart Éireann.

### 3.1.1 Seoladh Tosaíochta

Tugann na OCTanna tosaíocht do chineálacha áirithe giniúna a sheoladh mar a cheanglaítear le reachtaíocht na hEorpa, na hÉireann agus Thuaisceart Éireann (féach Aguisín 1.3). Déantar aschur na n-aonad sin a uasmhéadú a mhéid is indéanta go teicniúil. Laistigh den chatagóiriú sin tá ordlathas aonad ann, sainmhínítear é sin i gcinneadh MLA ó Choiste MLA-11-062 trí ghiniúint na gréine agus na taoide a áireamh ina dhiaidh sin ar bhonn eatramhach mar a thagraítear dó i litir Choiste MLA chuig na OCTanna an 24 Márta 2017[9], agus mar a léirítear i Fíor 4 thíos. Tabhair faoi deara go bhfuil an t-ordlathas sin laistigh de cheanglais seolta eile a bhaineann le stáisiúin hidrileictreacha le linn cásanna riosca tuilte, sceidil idirnascairí a láimhseáil (ciorrú ar sceidil mhargaidh a sheachaint), aonaid eile (seoladh neamhthosaíochta) agus Gníomhaíochtaí Traschreasacha faoi stiúir OCT thar na hidirnascairí.

[9] Litir ón gCoiste MLC chuig OCTanna, dar dáta an 24 Márta 2017, 'Maidir le: Athbhreithniú ar Sheoladh Tosaíochta OCTanna: Cuimsiú Gréine agus Taoide '. SEMC Tag D/17/5471




Fíor 4: Ordú Seolta Tosaíochta ó SEM-11-062

Tabhair faoi deara, laistigh den chatagóir ghréine, taoide agus gaoithe, go bhfuil fochatagóirí ann ina léirítear inrialaitheacht Mhodúil Páirce Cumhachta (MPCanna) (in aghaidh SEM-11-062 tugtar tosaíocht d'fheirmeacha gaoithe atá inrialaithe thar fheirmeacha gaoithe ar cheart dóibh a bheith inrialaithe, ach nach bhfuil inrialaithe). D'fhoilsíomar doiciméad ina dtugtar tuairisc ar an gcaoi a ndéantar an catagóiriú sin a chinneadh agus a bhainistiú 'Beartas um Chatagóiriú Inrialaitheachta Feirmeacha Gaoithe' – déantar tagairt dó sin i gCuid 6, Foilseacháin. Bunaithe ar an treoir a chuir Coiste MLA ar fáil an 24 Márta 2017, rinne na OCTanna na córais agus na próisis a nuashonrú chun freastal ar aonaid ghréine agus taoide laistigh den ordlathas seolta tosaíochta[10]. De réir an 9 Feabhra 2024 faoi threoir CMLA, formheasadh Ordlathas Seolta Tosaíochta leasaithe chun gineadóirí gaoithe agus gréine a chur leis, gan stádas seolta tosaíochta, faoi théarmaí SEM-20-072, go pointe 1 san ordlathas Tá sé seo á chur i bhfeidhm faoi láthair maidir le sceidealú agus seoladh faoi thionscnamh SDP01 um Fhoinsí In-athnuaite Seolta Neamhthosaíochta.

[10] Doiciméad maidir le nuashonrú ar stádas inrialaitheachta MPCanna: https://cms.eirgrid.ie/sites/default/files/publications/Controllability-Status-Update-2024-09-September.pdf

Cuireann na OCTanna beartas seolta tosaíochta i bhfeidhm maidir le sceidealú, agus an t-ordlathas gaolmhar, trí raon praghsanna incriminteacha diúltacha a chur i bhfeidhm ar aonaid atá aicmithe mar sheoladh tosaíochta. Pléitear an cur chun feidhme sin i gCuid 4, An Próiseas Sceidealaithe agus Seolta.

### 3.1.2 Paraiméadair Bheartais maidir le Sceidealú agus Seoladh

Faoi na Ceadúnais ceanglaítear ar na OCTanna paraiméadair beartais a chur i bhfeidhm sa phróiseas sceidealaithe agus seolta chun éifeacht a thabhairt do bheartas na nÚdarás Rialála (RA).

Is iad seo a leanas na paraiméadair beartais sceidealaithe agus seolta arna gcinneadh ag RA:

- Fachtóirí Coigeartaithe ar Fhógra Fada (LNAF) i gcoibhneas le hAgaí Fógraí aonaid;
- Fachtóirí Maolaithe Éagothroime Córais (SIFF) i gcoibhneas le hInnéacs Éagothroime an Easnaimh Córais (SIFF); agus
- An tAm Laethúil chun an SSII/SIFF a shocrú le haghaidh Lá Trádála.

Tá na paraiméadair seo deartha chun an claonadh a laghdú maidir le haonaid ar fhógra fada a thosú thar aonaid fógra níos giorra sa phróiseas sceidealaithe. Mar aon le gnéithe eile de na próisis sceidealaithe agus seolta, dearadh an toradh seo chun rannchuidiú leis an gcuspóir margaí ex-ante a chumasú chun éagothroime fuinnimh a réiteach.

Is é cuspóir an phróisis sceidealaithe an costas a bhaineann le himeacht ó Fhógraí Fisiciúla (FF) na Rannpháirtithe a íoslaghdú. Chun é sin a bhaint amach agus chun na cuspóirí eile a chomhlíonadh maidir le srianta slándála a shásamh agus seoladh tosaíochta a uasmhéadú, déanfaidh an barrfheabhsú aonaid ar fhógra fada a sceidealú uaireanta thar aonaid ghearrfhógra bunaithe ar chostas. Chun é sin a chomhrac, agus chun an cuspóir a chur san áireamh maidir le cead a thabhairt do Rannpháirtithe éagothroime fuinnimh a réiteach, is féidir paraiméadair a chur i bhfeidhm laistigh den bharrfheabhsú chun cinntí sceidealaithe a ualú i dtreo aonaid fógra níos giorra. Baintear é sin amach trí iolraitheoirí a chur i bhfeidhm ar chostais nuathionscanta na n-aonad ar fhógra fada as líne. Laghdóidh sé sin an claonadh atá ann aonaid ar fhógra fada a thosú i gcás inar féidir aonaid fógra níos giorra a úsáid agus i gcás inar féidir an cuspóir maidir le srianta slándála oibríochtúla a chomhlíonadh agus seoladh tosaíochta a uasmhéadú a bhaint amach fós.

De réir chinneadh an Choiste MLA (SEM-25-059) an 11 Samhain 2025, chinn an Coiste MLA go socrófar LNAF agus SIFF ag nialas don tréimhse idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig

2026. Déanfar comhairliúchán i lár 2026 chun na luachanna a bheidh i bhfeidhm ó mhí Eanáir 2027 a chinneadh.

Ós rud é go bhfuil na paraiméadair sin nialasach, níl aon tionchar acu faoi láthair ar an bpróiseas sceidealaithe agus seolta. Tugtar tuairisc níos mionsonraithe ar na paraiméadair thíos ós rud é go bhféadfadh siad a bheith infheidhme ar dháta amach anseo.

#### 3.1.2.1 Fachtóirí Coigeartaithe ar Fhógra Fada

Cinnfidh na OCTanna tábla de LNAF de réir luachanna eatramhacha a bhaineann le hAga Fógra i gcomhréir le modheolaíocht arna formheas ag RA. De réir mar a mhéadaíonn an tAga Fógra, beidh an LNAF bainteach leis an Aga Fógra sin. Ós rud é gur féidir le gach aonad Aga Fógra a bheith bainteach le gach ceann dá thrí Staid Teasa (te, teolaí agus fuar mar a shainmhínítear sna Cóid TSC agus Eangaí), beidh LNAF ag gach aonad in aghaidh na Staide Teasa gaolmhaire. Faoi bhun tairseach Aga Fógra áirithe, socrófar LNAF ag nialas, rud a chiallaíonn nach mbeidh feidhm ag aon choigeartú ar an gcostas nuathionscanta maidir leis na haonaid sin.

#### 3.1.2.2 Fachtóirí Maolaithe Éagothroime Córais / Innéacs Éagothroime an Easnaimh Córais

Níor cheart go dtiocfadh gníomhaíochtaí fuinnimh chun cinn ach amháin nuair a bhíonn éagothroime fuinnimh ann. Má tá an éagothroime nialasach, ba cheart go mbeadh gach gníomhaíocht ina ngníomhaíochtaí srianta (neamhfhuinnimh) agus ní bheadh gá le LNAF toisc gur cheart go bhféachfadh an sceideal le gníomhaíochtaí srianta (neamhfhuinnimh) a réiteach ar an gcostas is lú. Dá bhrí sin, cuirfidh na OCTanna SIFF chun feidhme bunaithe ar SSII a ghníomhóidh ar chostas nuathionscanta aonaid freisin. Nuair a bheidh éagothroime an chórais ard beidh SIFF ard ann agus nuair a bheidh éagothroime an chórais íseal beidh SIFF níos lú ann. Leis sin, beifear in ann díriú ar LNAF agus SIFF tráth ar mó an seans go ndéanfar luathghníomhaíochtaí fuinnimh agus a n-éifeacht a mhaolú nó a bhaint nuair nach mbeidh gá leo. Ós rud é go bhfuil na paraiméadair seo nialasach faoi láthair, níl aon tionchar acu ar an bpróiseas sceidealaithe agus seolta.

#### 3.1.2.3 An t-am laethúil chun an SSI/SIFF a shocrú.

Is luach ríofa é an SSII, agus an SIFF a eascraíonn as, a shocraítear le haghaidh gach lae trádála ag am réamhchinntithe gach lá. Cinnfear an t-am sin i gcomhréir leis an modheolaíocht socraithe paraiméadar arna formheas ag na hÚdaráis .

Cé go bhfuil na paraiméadair sin socraithe ag nialas faoi láthair, agus dá bhrí sin nach bhfuil tionchar acu ar an bpróiseas sceidealaithe, tá an próiseas foriomlán sceidealaithe agus seolta fós deartha chun cuntas a thabhairt ar na hoibleagáid margaí ex-ante a chumasú chun éagothroime fuinnimh a réiteach (mar a thuairiscítear i gCuid 2)

## 3.2. Ionchuir ó Rannpháirtithe agus ó Sholáthraithe Seirbhíse Córais

Cuirtear síos sa chuid seo a leanas ar Ionchuir a sholáthraíonn Rannpháirtithe agus soláthraithe Seirbhíse Córais.

### 3.2.1 Sonraí Teicniúla Aonaid

Úsáidtear dhá phríomhfhoinse sonraí teicniúla aonaid sa phróiseas sceidealaithe agus seolta: Sonraí maidir le Tairiscint Theicniúil (TOD) agus acmhainní Seirbhísí Córais.

Áirítear le TOD acmhainn aschuir uasta agus íosta, rátaí rampála agus agaí fógra na n-aonad agus tá sé bunúsach don phróiseas chun aonaid a sceidealú agus a sheoladh. Trí thacair TOD réamhshainithe a roghnú, is féidir le rannpháirtí a mhodh oibríochta a chinneadh freisin (m.sh. modh CCGT nó OCGT) agus/nó breosla (faoi réir cheanglais slándála an chórais). Leagtar amach na ceanglais maidir leis na sonraí sin i gCóid Eangaí SDC1 (Cód Sceidealta agus Seolta), i rannáin D.3 TSC (Uainiú na Sonraí a Cuireadh Isteach), D.5 (Sonraí maidir le Tairiscint Theicniúil), in Aguisín H (Ceanglais Sonraí maidir le Clárú) agus in Aguisín I (Sonraí maidir le Tairiscint).

Áirítear le sonraí Seirbhísí Córais (lena n-ionchorpraítear Seirbhísí Córais DS3 agus Seirbhísí Tacaíochta Córais agus Seirbhísí Coimhdeacha eile) cuair acmhainne cúltaca feidhme, acmhainní cumhachta freasaithí agus táimhe. Úsáidtear na sonraí seo, chomh maith le TOD, chun a chinntiú go bhfuil go leor Seirbhísí Córais sceidealta chun riachtanais slándála an chórais chumhachta a chomhlíonadh. Leagtar amach na ceanglais maidir leis na sonraí sin sna Cóid Eangaí (SDC1) agus sa chomhaontú ábhartha Seirbhísí Córais DS3 (Sceideal 9 – Paraiméadair Oibriúcháin). Bainistítear na sonraí seo tríd an gcomhaontú Seirbhísí Córais ábhartha agus cuirtear isteach iad trí dhearbhuithe fíor-ama sa Logálaí Treoracha Seolta Leictreonach (EDIL) nó ar bhealaí eile, mar a shonraítear i ndoiciméid chonarthacha Sheirbhísí Córais DS3.

Úsáidtear sonraí teicniúla aonaid chun bailíochtú a dhéanamh ar FFanna (féach Cuid 3.2.3 maidir le FFanna), chun sceidil a fhorbairt d'aonaid a úsáideann a n-acmhainn theicniúil chun ceanglais slándála agus ceanglais eile a chomhlíonadh agus chun a chinntiú go bhfuil seoladh na n-aonad laistigh dá saintréithe teicniúla. Bailíochtaíonn na OCTanna sonraí teicniúla aonaid trí thástáil aonaid agus monatóireacht leanúnach. Chun cáiliú chun Seirbhís Chórais a sholáthar, cruthaítear acmhainn aonaid agus déantar faireachán air le haghaidh na seirbhíse sin. Chun cáiliú chun Seirbhísí Córais DS3 a sholáthar, ní mór d'aonaid sraith tástálacha sonracha Seirbhísí Córais DS3 a shásamh lena ndéantar measúnú ar a n-acmhainní agus lena gcinntear sonraí teicniúla aonaid ábhartha.

### 3.2.2 Sonraí Tráchtála Aonaid

Leagtar amach na ceanglais maidir le haighneachtaí sonraí tairisceana tráchtála an Mhargaidh Cothromúcháin a chur isteach i gCóid Eangaí SDC1, i rannáin D.3 TSC (Uainiú na Sonraí a Cuireadh Isteach), D.4 (Sonraí um Thairiscint Tráchtála) agus i bhFoscríbhinn I (Sonraí maidir le Tairiscint). Tá dhá fhoirm ag na sonraí um thairiscint tráchtála seo:

- Sonraí maidir le Tairiscint Choimpléascach: Sonraí maidir le Tairiscint Choimpléascach: sonraí faoi thairiscintí 3 chuid ina bhfuil péirí cainníochta nuathionscanta, péirí cainníochta gan ualach agus péirí cainníochta praghsanna incriminteacha agus deicriminteacha; agus
- Sonraí maidir le Tairiscint Shimplí: Péirí cainníochta praghsanna incriminteacha agus deicriminteacha.

Ní dhéanann na OCTanna aon choigeartú ar na Rannpháirtithe a chuir sonraí um thairiscint tráchtála isteach fiú má tá earráid aitheanta sna sonraí seo. Ní dhéanann siad aon choigeartuithe ar an bpróiseas sceidealaithe agus seolta le haghaidh earráidí den sórt sin. Tá sé de fhreagracht ar an Rannpháirtí a shonraí tairisceana tráchtála a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le rialacha TSC.

Ní ionchur sa phróiseas sceidealaithe agus seolta iad sonraí tráchtála a bhaineann le soláthar Seirbhísí Córais faoi láthair toisc go n-íoctar gach Seirbhís Chórais a bhreithnítear sa phróiseas sceidealaithe agus seolta trí úsáid a bhaint as taraifí comhchoiteanna (i.e., cuirtear ráta íocaíochta seasta in aghaidh na seirbhíse i bhfeidhm ar gach soláthraí seirbhíse). Dá bhrí sin, roghnaítear soláthraithe Seirbhíse Córais bunaithe ar a sonraí um thairiscint tráchtála sa Mhargadh Cothromúcháin (i gcás inarb infheidhme) agus ar a n-acmhainn theicniúil chun seirbhís a sholáthar. Tá Socruithe Todhchaí do Sheirbhísí Córais (STSC) á bhforbairt faoi láthair. Leis na socruithe sin, tabharfar isteach Socruithe Seirbhísí Córais Lá Roimh Ré (DASSA) trína soláthrófar roinnt Seirbhísí Córais, amhail cúlchistí, go dtí an méid is gá ag céim an lae amach romhainn. Léireofar tionchar na socruithe sin ar an bpróiseas sceidealaithe agus seolta i nuashonrú ar BMPS amach anseo.

Faoi láthair roghnaíonn na OCTanna an tacar sonraí tráchtála cuí (casta nó simplí) le húsáid sa phróiseas sceidealaithe agus seolta mar atá leagtha amach in Aguisín 2.1. Is é is cuspóir don phróiseas sceidealaithe agus seolta an costas a bhaineann le himeacht ó Fhógraí Fisiciúla na rannpháirtithe a íoslaghdú. Tá sonraí tráchtála aonaid mar bhonn chun an costas sin a chinneadh.

### 3.2.3 Fógraí Fisiciúla

Cuireann Rannpháirtithe Fógraí Fisiciúla (FFanna) isteach mar a n-aschur beartaithe gan tairiscintí a nglactar leo san áireamh (i.e. ní léiríonn an Fógra Fisiciúil aon ghníomhaíocht

chomhardaithe a dhéantar ar an aonad). Tá sé de fhreagracht ar na Rannpháirtithe a chinntiú go bhfuil a gcuid FFanna comhsheasmhach leis na Sonraí maidir le Tairiscint Theicniúil dá n-aonaid. I gcás aonaid cheallra ESPS, féadfaidh Rannpháirtithe FFanna dearfacha nó diúltacha a chur isteach chun a n-aschur beartaithe a léiriú. Déileálfar le haighneachtaí den sórt sin ar an mbealach céanna agus a chaitear le haonaid eile, le haighneachtaí tosaigh lena léirítear suíomh beartaithe an Rannpháirtí agus tabharfar cothrom le dáta iad, i gcás inar gá, ionas go léireofar leis an FF Críochnaitheach an suíomh arna thrádáil ex ante. Ní mór do gach FF a bheith indéanta go fisiceach agus comhsheasmhach le Sonraí maidir le Tairiscint Theicniúil an aonaid agus le saintréithe teicniúla ábhartha eile, lena n-áirítear staid réamh-mheasta an mhuirir tráth a chuirtear isteach é. Déanfar faireachán ar a mhéid a léiríonn na FFanna a cuireadh isteach staid fhisiciúil na n-aonad ceallraí, lena n-áirítear staid luchtaithe.

Ceanglaítear ar gach Rannpháirtí inseolta FFanna a chur isteach. Rannpháirtithe nach féidir a sheoladh agus a bhfuil stádas seolta tosaíochta acu, ní bheidh sé d'oibleagáid orthu FFanna a chur isteach (fiú má rinne siad trádáil sna margaí nó má tá siad ag súil le trádáil iontu) ach féadfaidh siad a roghnú é sin a dhéanamh chun críoch faisnéise. Baineann na OCTanna úsáid as ár réamhaisnéisí féin ar a n-aschur mar FF intuigthe do na haonaid neamh-inseolta seo. Leagtar amach na ceanglais maidir le FFanna a chur isteach i gCód Eangaí SDC1, i rannáin D.3 TSC (Uainiú na Sonraí a Cuireadh Isteach), D.7 (Sonraí maidir le Fógra Fisiciúil) agus i bhFoscríbhinn I (Sonraí maidir le Tairiscint).

Úsáidtear FF aonaid in éineacht lena chuair chostais incriminteacha agus deicriminteacha chun cuar costas ilchodach a dhéanamh a úsáidtear laistigh den phróiseas sceidealaithe agus seolta. Cuirtear FFanna a chuirtear isteach le haghaidh aonaid ESPS Ceallraí chun feidhme de réir mhodheolaíocht leantach FF (a leagtar amach a thuilleadh i gCuid 4.4.5). Cuirtear bratach freisin le FFanna le haghaidh aonaid atá á dtástáil chun a chinntiú go dtugtar tosaíocht don FF laistigh den phróiseas sceidealaithe agus seolta. Déantar plé níos mó air sin i gcuid 3.2.5.

### 3.2.4 Dearbhuithe maidir le hInfhaighteacht agus Acmhainn Seirbhísí Córais

Ceanglaítear ar rannpháirtithe infhaighteacht réamh-mheasta cumhachta gníomhaí (MW) a chur isteach dá n-aonaid agus uasdátaithe fíor-ama á gcur ar fáil de réir mar a athraíonn an fhaisnéis seo. Is gá do sholáthraithe Seirbhíse Córais nuashonruithe ar acmhainní Seirbhíse Córais a chur ar fáil freisin.

Is iad seo a leanas na hinfhaighteachtaí réamhaisnéise a chuireann Rannpháirtithe isteach tríd an gComhéadan Margaidh Cothromúcháin (BMI):

- Próifíl Infhaighteachta Réamhaisnéise;

- Próifíl Aschuir Íosta Réamhaisnéise; agus
- Próifíl Giniúna Cobhsaí Íosta Réamhaisnéise.

Leagtar amach na ceanglais maidir leis na haighneachtaí sin i gCóid Eangaí SDC1 agus i rannáin D.3, D.4.2 agus D.5.1 TSC (Uainiú na Sonraí a Cuireadh Isteach, Ceanglais maidir le Sonraí um Thairiscintí Tráchtála agus Ceanglais maidir le Sonraí um Thairiscintí Teicniúla faoi seach).

Cuireann Rannpháirtithe dearbhuithe infhaighteachta fíor-ama ar fáil freisin trí chomhéadan EDIL leis na OCTanna. Leagtar amach na ceanglais maidir le dearbhuithe infhaighteachta fíor-ama i gCóid Eangaí SDC1.

Tá sé de fhreagracht ar na Rannpháirtithe a chinntiú go bhfuil an infhaighteacht réamh-mheasta ailínithe le dearbhuithe infhaighteachta fíor-ama in EDIL. Mar shampla, má dhéantar aonad a thruipeáil, déanfaidh an Rannpháirtí a infhaighteacht a athdhearbhú go nialas in EDIL agus déanfaidh sé an infhaighteacht réamhaisnéise a thabhairt cothrom le dáta trí BMI i gcomhréir leis an tréimhse réamhaisnéise a cheadaítear chun infhaighteacht a chur isteach.

Soláthraíonn aonaid ghaoithe agus ghréine neamh-inseolta comharthaí infhaighteachta fíor-ama trí Chóras Bainistíochta Fuinnimh (EMS). Tagann infhaighteacht réamhaisnéise le haghaidh aonaid neamh-inseolta ghaoithe agus ghréine ón réamhaisnéisí gaoithe agus gréine na nOCTanna[11].

Maidir le haonaid inseolta, déantar dearbhuithe Seirbhísí Córais fíor-ama amhail cumhacht fhreasaitheach nó acmhainní cúltaca feidhme i bhfíor-am trí EDIL. Leagtar amach na ceanglais maidir le Seirbhísí Córais a dhearbhú i gCóid Eangaí SDC1. Déantar aon athruithe níos fadtéarmaí ar chumas Seirbhíse Córais a bhainistiú tríd an gcomhaontú Seirbhísí Córais faoi seach atá i bhfeidhm le gach soláthraí Seirbhíse Córais.

Roghnaíonn na OCTanna na sonraí infhaighteachta iomchuí (réamh-mheasta nó fíor-ama) lena n-úsáid sa phróiseas sceidealaithe agus seolta mar a leagtar amach i bhfoscríbhinn 2.1. Cinntear le sonraí infhaighteachta aonaid an raon atá ar fáil lena úsáid sa phróiseas sceidealaithe agus seolta.

Dearbhaíonn aonaid ESPS ceallraí infhaighteacht trí chórais oibríochta, lena n-áirítear EMS agus EDIL, agus freastalaíonn gach ceann acu ar chuspóirí ar leith. Ní gá d'aonad ESPS ceallraí, as féin, infhaighteacht a fhógairt athuair nuair a shroichtear an chainníocht stórála íosta nó uasta. Mar sin féin, féadfaidh rannpháirtithe rogha a

[11]Leanann an cur chuige maidir le giniúint na gréine an tsamhail ghaoithe. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil sa doiciméad dar teideal "Modheolaíocht Réamhaisnéise Gaoithe agus Gréine maidir le Sceidealú agus Seoladh" a foilsíodh ar leathanach Freagrachtaí OCT ar www.SEM-O.com.

dhéanamh infhaighteacht a fhógairt athuair i gcás nach mbíonn FF indéanta a thuilleadh. Ní mór aon laghdú ar chumas fisiciúil an aonaid maidir le hallmhairiú/onnmhairiú (m.sh. caillteanas páirteach nó iomlán ar chumas MW) nó neamhábaltacht chun freagairt do threoir seolta agus í a leanúint laistigh den fhráma ama riachtanach, a léiriú trí dhearbhú infhaighteachta nuashonraithe i gcomhréir le ceanglais Chód Eangaí SDC1.

### 3.2.5 Aonad Faoin bhFógra Tástála

Chun tástáil aonaid a éascú lena n-éilítear próifíl reatha shonrach, cuireann Rannpháirtithe FFanna isteach trí BMI ina sonraítear an tréimhse a n-iarrtar ar an aonad a bheith á thástáil le bratach tástála. Maidir le haon aighneacht FF ina bhfuil FF le bratach tástála, beidh formheas de láimh ag teastáil ón OCT ina leith sula nglacfar leis sna córais sceidealaithe agus seolta. Aon mhodhnuithe ina dhiaidh sin ar thástáil FF, lena n-áirítear cealú, tá sé faoi réir fhormheas OCT freisin.

Cinnfidh an cineál tástála atá á iarraidh ag aonad an t-am fógra a theastaíonn ó na OCTanna chun tástáil a mheas agus a cheadú agus a ionchorprú sa phróiseas sceidealaithe agus seolta. Leagtar amach sna Cóid Eangaí sainmhínithe maidir le haicmiú tástálacha mar Thástáil Suntasach nó Miontástáil (OC8 i gCód Eangaí EirGrid, agus OC10 agus OC11 i gCód Eangaí SONI).

Tugann na OCTanna tosaíocht d'aonad atá á thástáil sa phróiseas sceidealaithe agus seolta ionas go n-urramófar a FF a mhéid is indéanta go teicniúil.

Ba cheart do rannpháirtithe féachaint ar na*Treoirlínte maidir le hAonaid faoi Thástáil do Rannpháirtithe sa Mhargadh* a foilsíodh ina gcuirtear síos ar na socruithe chun tástáil a chur chun cinn.

## 3.3. Sceidil Idirnascairí Margaidh Ex-Ante

Is aschur de mhargaí ionlae ex-ante IDA1 agus IDA2 iad sceidil idirnascairí. Cuirtear iad seo in iúl do na OCTanna tar éis an chéad mhargadh ionlae (IDA1) a chríochnú ag ~ 18:00 ar lá D-1 agus an dara margadh ionlae (IDA2) ag ~ 08:30 ar Lá D.

Léirítear sceidil na n-idirnascairí mar phróifílí éilimh sheasta agus/nó mar phróifílí giniúna laistigh den phróiseas sceidealaithe agus seolta. Mar sin féin, féadfaidh na OCTanna na próifílí seo a leasú trí Ghníomhaíochtaí Traschreasacha a úsáid mar a thuairiscítear i gcuid 3.4.6.

Mar a tugadh faoi deara roimhe seo, ó d'fhág an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach, níl sceidil idirnascairí lá roimh ré ex ante ag na OCTanna. Tá SONI agus EirGrid ag obair le OCTanna eile sa Bhreatain Mhór agus mar chomhaltaí de ENTSO-E chun na gealltanais a rinne na rialtais laistigh den Chomhaontú Trádála agus Comhair a chur chun feidhme.

## 3.4. Ionchuir Oibritheora Córais

Is iad seo a leanas na hoibreoirí córais dá dtagraítear sa roinn seo: an tOibritheoir Córais Dáilte (OCD) in Éirinn (Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe de chuid Líonraí BSL) agus an tOibreoir Líonra Dáileacháin (OGD) i dTuaisceart Éireann (Leictreachas Thuaisceart Éireann Teoranta), OCT na Breataine Móire (Oibritheoir Córais Fuinnimh Náisiúnta), Úinéirí an Idirnascaire agus na OCTanna in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann (EirGrid agus SONI).

### 3.4.1 Réamhaisnéis Éilimh

Táirgeann na OCTanna réamhaisnéisí éilimh lena léirítear an táirgeadh leictreachais réamh-mheasta is gá chun freastal ar an éileamh, lena n-áirítear caillteanais chórais ach glan ar cheanglais éilimh aonaid ('féin-soláthar').

Tá na réamhaisnéisí bunaithe ar shonraí stairiúla dlínse don ghiniúint iomlán (traidisiúnta, gaoth agus grian). Úsáidtear an ghiniúint iomlán mar athróg ionadach don éileamh iomlán. Déantar na réamhaisnéisí do gach dlínse a ríomh ar leithligh mar gheall ar na próifílí éilimh éagsúla in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, agus chun na difríochtaí i roinnt laethanta saoire bainc agus laethanta speisialta a léiriú. Ní léiríonn an réamhaisnéis ach an ghiniúint atá infheicthe do na OCTanna trí SCADA; mar sin féin, ní mór dúinn giniúint nó micrighiniúint atá leabaithe go domhain a mheas mar chuid den phróiseas réamhaisnéise. Déantar na réamhaisnéisí féin trí úsáid a bhaint as pacáiste bogearraí dílseánaigh. Foghlaimíonn an t-algartam an gaol idir éileamh an chórais agus tacar d'athróga tuartha (lá na seachtaine, am an lae, seachtain na bliana, laethanta speisialta, meánteocht in aghaidh na huaire) bunaithe ar shonraí stairiúla. Ansin, cruthaíonn sé tuar do gach leath uair an chloig den tréimhse réamhaisnéise.

Ullmhaíonn agus foilsíonn na OCTanna réamhaisnéis éilimh 4 lá ag taifeach ama leathuair an chloig ar bhonn laethúil. Déanann na OCTanna an réamhaisnéis seo a nuashonrú ansin ar bhonn leanúnach chun dálaí éilimh iarbhír a chur san áireamh agus an réamhaisnéis a idirshuí go taifeach 1 nóiméad lena húsáid sa phróiseas sceidealaithe agus seolta.

Táirgtear réamhaisnéisí éilimh i gcomhréir le hoibleagáidí an Chóid Eangaí - OC1.6 i gCód Eangaí EirGrid agus OC1.5 i gCód Eangaí SONI.

Sa phróiseas sceidealaithe, forbraíonn na OCTanna pleananna lena ndéantar giniúint leordhóthanach a sceidealú chun an réamhaisnéis éilimh a chomhlíonadh.

Tá tuilleadh sonraí maidir le réamhaisnéis éilimh ar fáil i ndoiciméad ar leith dar teideal 'Short-term Demand Forecasting Methodology for Scheduling and Dispatch' [Modheolaíocht Réamhaisnéise Éilimh Ghearrthéarmaigh le haghaidh Sceidealú agus Seoladh] agus in BP_SO_4.2_Demand Forecasting for Scheduling and Dispatch business

process [An Próiseas Gnó maidir le Réamhaisnéisiú Éilimh le haghaidh Sceidealú agus Seoladh].

### 3.4.2 Réamhaisnéis In-athnuaite

Soláthraíonn na OCTanna réamhaisnéisí cumhachta gaoithe agus gréine ó dhá sholáthraí réamhaisnéise neamhspleácha. Áirítear sna réamhaisnéisí sin an t-aschur cumhachta arna réamh-mheas ó gach feirm ghaoithe agus ó gach feirm ghréine ag a bhfuil Uastoilleadh Easpórtála (MEC) níos mó ná nó cothrom le 5 MW mar aon leis an táirgeadh cumhachta réamh-mheasta comhiomlán iomlán agus éiginnteacht maidir leis an réamhaisnéis cumhachta comhiomlán i bhfoirm bandaí muiníne maidir leis an réamhaisnéis. Soláthraítear sonraí seasta, amhail suíomh, uimhir tuirbín, cineál agus samhail agus airde moil, le haghaidh gach feirme gaoithe do na soláthraithe réamhaisnéise gaoithe. Ina theannta sin, seoltar tomhais mheitéareolaíocha, faisnéis faoi éaradh seirbhíse agus SCADA ó gach suíomh (nuair is féidir) chuig na soláthraithe ar bhonn leanúnach. Úsáideann na soláthraithe réamhaisnéise gaoithe an fhaisnéis sin chun samhlacha a fhorbairt agus a chur faoi oiliúint le haghaidh gach feirm ghaoithe. Úsáidtear samhlacha Tuartha Uimhriúil Aimsire (TUA) mar aon leis na samhlacha tuartha cumhachta gaoithe forbartha ansin chun na réamhaisnéisí cumhachta gaoithe a tháirgeadh.

Cuireann gach soláthraí réamhaisnéise réamhaisnéis amh ar fáil (gan cuntas a thabhairt ar éarthaí seirbhíse) gach 6 uair an chloig, ag taifeach ama 15 nóiméad don chéad 4.5 lá eile. Ansin déanann na OCTanna réamhaisnéisí a choigeartú chun éarthaí seirbhíse a chur san áireamh, na réamhaisnéisí seo a chumasc agus iad a chumasc le hinfhaighteacht gaoithe agus gréine fíor-ama ar bhonn leanúnach agus idirshuí le taifeach 1 nóiméad le húsáid sa phróiseas sceidealaithe agus seolta.

Ní áirítear réamhaisnéis chiorrúcháin sna réamhaisnéisí toisc nach gcuirtear chun feidhme iad ach amháin in oibríocht fíor-ama.

Tabhair faoi deara, cé gur féidir le Rannpháirtithe gaoithe agus gréine FFanna a chur isteach a léiríonn a dtáirgeadh réamhaisnéise, ní úsáidtear iad sin sa phróiseas sceidealaithe agus seolta. Ina ionad sin, forbraítear sceidil ina n-úsáidtear réamhaisnéis na OCTanna féin maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh. Is é catagóiriú seolta tosaíochta na giniúna in-athnuaite is cúis leis an gcur chuige sin

Tá tionchar na giniúna gréine ag éirí níos suntasaí ar oibriú an chórais cumhachta. Tá réamhaisnéis d'fheirmeacha gréine atá rannpháirteach sa mhargadh i bhfeidhm ó R2 2017. Cuirtear sonraí seasta ar fáil do na Soláthraithe Réamhaisnéise do gach suíomh agus déantar iad a athbhreithniú de réir mar a dhéantar nuashonruithe. Tá réamhaisnéis na giniúna leabaithe, i ndáil leis an bpróiseas sceidealaithe agus seolta, á forbairt. Foilsítear tuilleadh faisnéise maidir le réamhaisnéis na gaoithe agus na gréine i

ndoiciméad ar leith dar teideal Wind and Solar Forecastology for Scheduling and Dispatch [Modheolaíocht Réamhaisnéise Gaoithe agus Gréine le haghaidh Sceidealú agus Seoladh] agus i bPróiseas Gnó BP_SO_4.3_Wind Forecasting.

### 3.4.3 Srianta

Le srianta, forchuirtear teorainneacha ar oibriú fisiceach aonad chun ceanglais slándála oibríochtúla a choinneáil faoi ghnáthchoinníollacha agus faoi choinníollacha teagmhasacha (teip ar phíosa trealaimh, e.g. líne tharchuir nó aonad tarchuir). Tá léiriú ar chuid de na srianta ar chóras cumhachta na hÉireann agus Thuaisceart Éireann le fáil i Fíor 5 thíos. Tá catagóirí srianta breise ann freisin a bhaineann le slándáil an tsoláthair, bainistíocht hidrileictreach, agus an comhshaol a chothabháil.




**Fíor 5: Léaráid de Shrianta an Chórais Cumhachta**

Déanann na OCTanna srianta a chinneadh trí staidéir phleanála, anailís fíor-ama agus monatóireacht a dhéanamh ar an gcóras cumhachta. Tá formhór na srianta ar eolas roimh ré agus déantar iad a shamhaltú sna huirlisí sceidealaithe chun a chinntiú go n-urramaíonn an sceideal a eascraíonn as sin na ceanglais aitheanta. D'fhéadfadh srianta eile teacht chun cinn trí anailís agus faireachán fíor-ama agus déantar iad a bhainistiú in oibríocht fíor-ama.

Cinneann an fheidhm maidir le Pleanáil d'Éarthaí Tarchuir seicheamhú na n-éarthaí tarchuir le linn an tséasúir éartha. Le linn na hanailíse sin, sainaithnítear srianta suntasacha tarchuir, amhail an gá le haonaid bhunriachtanacha, nó srianta ar aonaid áirithe nó grúpaí aonad áirithe a reáchtáil. Gach seachtain, déantar anailís bhreise ar shrianta don tseachtain dár gcionn, bunaithe ar éarthaí seirbhíse tarchurtha agus aonad a bhfuiltear ag súil leo agus ar dhálaí éilimh réamh-mheasta. Déantar an anailís seo ag baint úsáide as samhlacha an chórais cumhachta agus uirlisí anailíse córais cumhachta dhílseánaigh chun dálaí agus teagmhais chórais ar leith a shamhaltú.

In oibriú fíor-ama an chórais cumhachta, is gá freagairt d'éarthaí seirbhíse éigeantacha (amhail tuisliú ar líne tharchuir) nó do shrianta gan choinne (amhail leibhéil giniúna gaoithe atá níos airde ná mar a bhíothas ag súil leo) toisc nach féidir gach cás a chumhdach san anailís sheachtainiúil roimh ré. Déanann na OCTanna anailís slándála gach cúig nóiméad lena mbreithnítear luchtú ciorcaid, voltais an chórais agus cobhsaíocht neamhbhuan do raon teagmhas. Ritheann an anailís fíor-ama sin i gcomhthráth leis an sceidealú agus leis an seoladh agus d'fhéadfadh srianta teacht chun cinn nach léirítear sna sceidil. Déantar cásanna den sórt sin a bhainistiú trí na cinntí seolta fíor-ama mar a leagtar amach i roinn 4.

Ní cheanglaítear ar FFanna na rannpháirtithe na srianta sin a urramú (srianta fisiciúla na n-aonad féin amháin) agus mar sin is príomhghné den phróiseas sceidealaithe agus seolta é na srianta sin a chur i bhfeidhm ar na FFanna chun sceideal agus seoladh atá slán go fisiceach a tháirgeadh. Tá srianta atá múnlaithe sna huirlisí sceidealaithe ina bpríomhionchur sa phróiseas Praghsála Éagothroime freisin trí Bhratacha Oibreoirí Córais a shocrú dá dtagraítear i gCuid 4.6 agus trí fhoilsiú ''Modheolaíocht d'Oibreoirí Córais agus Marcáil Neamh-Imeallach' (féach Cuid 6, Foilseacháin)[12].
Foilsíonn na OCTanna tuairisc ar na cineálacha srianta agus sonraí maidir le gach srian tarchuir sa doiciméad Nuashonrú Seachtainiúil ar Shriantachtaí Oibríochtúla – féach Cuid 6, Foilseacháin. Faoi láthair, déantar an doiciméad seo a nuashonrú ar bhonn seachtainiúil agus comhlánaítear é le tuairisciú ad hoc ar aon srianta leasaithe nó nua nach gcuimsítear sna nuashonruithe seachtainiúla e.g., mar fhreagairt ar éaradh seirbhíse éigeantach.

D'fhéadfadh srianta teacht chun cinn freisin ar aonaid atá nasctha leis an líonra dáileacháin. I gcás ina mbíonn tionchar ag srianta den sórt sin ar ár gcumas aonaid a

[12] Féach freisin Nóta Faisnéise maidir leis an bpróiseas marcála a bhaineann le srianta sreafa idir limistéir https://www.sem-o.com/documents/general-publications/Information_Note_on_Inter-Area_Flow_Constraints.pdf Methodology for Determining System Operator and Non Marginal Flags [Modheolaíocht chun Oibreoirí Córais agus Marcáil Neamh-Imeallach a Chinneadh]

sheoladh/a rialú, cuirfidh an OCD/OGD ábhartha sinn ar an eolas ionas go léireofar an srian sa phróiseas sceidealaithe agus seolta.

Tá Samhlacha Oibriúcháin OCT/OCD á bhforbairt idir EirGrid agus Líonraí BSL in Éirinn agus idir SONI agus Líonraí NIE i dTuaisceart Éireann. Tá na Samhlacha Oibriúcháin sin tábhachtach mar mhodh chun comhordú sábháilte agus slán a chumasú idir OCT agus OCD maidir le hoibriú acmhainní atá nasctha le dáileadh, agus go háirithe i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag OCD acmhainní den sórt sin a úsáid chun srianta ar an gcóras dáilte a bhainistiú. Léirítear sa Phlean Ilbhliantúil 2025-2029 ó EirGrid agus Líonraí BSL[13] go bhfuil sé ar intinn acu Samhail Oibriúcháin a bheith i bhfeidhm ó thréimhse 2027.

Tá Líonraí BSL agus EirGrid ag plé faoi láthair le prótacail oibriúcháin eatramhacha chun dul chun cinn roinnt meicníochtaí giniúna solúbtha atá nasctha leis an gcóras dáilte a éascú. Tá prótacal eatramhach amháin i bhfeidhm faoi láthair, inar iarr an OCD ar EirGrid (ag gníomhú dó mar OCT) an sásra giniúna solúbtha a chur i bhfeidhm thar a cheann. Is é EirGrid a chuireann an srian chun feidhme (arna iarraidh sin don OCD), agus déantar gníomhaíochtaí a chlibeáil mar 'Srian DCC' chun a chinntiú nach dtabhóidh an OCT costais srianta as an ngníomhaíocht a dhéantar thar ceann an OCD.

Cuireadh Samhail Oibriúcháin OCT-OCD Líonraí SONI-NIE chun feidhme in 2025 i gcomhthráth le táirgí solúbthachta Líonraí NIE ag teacht chun bheith oibríochtúil agus tá tionchar díreach aici ar sceidealú agus seoladh OCT. Tar éis chur chun feidhme na nuashonruithe is gá ar an gCód Eangaí agus ar fhoinsí eile oibleagáidí. Forbraíodh an tsamhail ar na toimhdí seo a leanas:

- I gcás ina ndéanann Líonraí NIE sceidil roimh Am Dúnta Gheata an Mhargaidh Cothromúcháin, gníomhachtú acmhainne atá nasctha le dáileadh agus atá rannpháirteach sa mhargadh mórdhíola leictreachais freisin chun a éileamh a laghdú nó chun a ghiniúint a mhéadú maidir le páirt a ghlacadh i dtáirgí solúbthachta an OCD, meastar go seolfaidh an OCT an t-aonad ina bhfuil an acmhainn chuig an leibhéal a éilíonn an OCD óna sceideal ar a laghad, agus nach seolfaidh sé an t-aonad faoi bhun an leibhéil sin toisc go mbeadh fadhbanna ann don chóras dáilte dá ndéanfaí amhlaidh.

  I gcás ina bhfuil an t-aonad á sheoladh, eiseoidh an OCT Treoracha Seolta le "bratacha tástála" lena gcinnteofar nach seolfar na Treoracha Seolta tríothu lena bpróiseáil i gcórais agus próisis phraghsála nó socraithe. Is socrú sealadach (am agus/nó leibhéal teoranta MW) é an socrú seo maidir le bratach tástála lena

[13] Líonraí BSL – Plean Ilbhliantúil OCD/OCT 2025 - 2029

bhféadfar cur chuige níos prionsabálta a chinneadh. Is dul chun cinn riachtanach é seo, atá i gcomhréir le riachtanas toirte an táirge amach anseo.

- Éilíonn líonraí go ndéanfaí acmhainn den sórt sin a ghníomhachtú laistigh d'achar ama tar éis Am Dúnta Gheata an Mhargaidh Cothromúcháin, mar shampla mar fhreagairt ar fhabht, seolfaidh an OCD an iarraidh, le leibhéil MW laistigh de thairseacha ábharthachta arna gcomhaontú roimh ré leis an OCT, go díreach chuig an aonad agus ba cheart don aonad freagairt go díreach don iarraidh sin ar ghníomhachtú seachas fanacht le Treoir Seolta ón OCT. Déanfaidh an OCD comhordú ansin leis an OCT chun iad a chur ar an eolas faoin ngníomhachtú.

### 3.4.4 Ceanglais Seirbhísí Córais

Tá gá le Seirbhísí Córais (amhail cúltacaí feidhme agus cumhacht fhreasaitheach) a sholáthar ó sholáthraithe seirbhíse chun tacú le hoibriú slán an chórais cumhachta. Sonraíonn na OCTanna an ceanglas maidir le Seirbhísí Córais ar roinnt bealaí:

- ceanglais 'bhunriachtanacha' chun tacú le soláthar cumhachta freasaithí ó aonaid i suíomhanna áirithe ar an gcóras cumhachta;
- ceanglais chórais atá réasúnta statach amhail íosleibhéal táimhe an chórais; agus/nó
- ceanglais dhinimiciúla maidir le cúltacaí feidhme nach mór a bheith leordhóthanach chun an éagothroime is mó a d'fhéadfadh eascairt as caillteanas an Teagmhais Tagartha a chumhdach, sna treoracha dearfacha (chun caillteanas an LSI a chumhdach) agus diúltacha (chun caillteanas an LSO a chumhdach).

Foilsíonn na OCTanna ceanglais maidir leis na Seirbhísí Córais atá múnlaithe sa phróiseas sceidealaithe agus seolta inár nUasdátú Seachtainiúil ar Shriantachtaí Oibríochtúla - féach Cuid 6, Foilseacháin.

### 3.4.5 Sonraí Teicniúla Idirnascaire

Is feidhm d'acmhainneacht na n-idirnascairí agus d'acmhainneacht na gcóras tarchurtha ar an dá thaobh é an cumas cumhacht a aistriú thar na hidirnascairí (idirnascairí na Maoile, EWIC agus Greenlink SDAV). Comhordaíonn na OCTanna socrú na n-acmhainneachtaí idirnasctha le hÚinéirí an Idirnascaire agus le OCT na Breataine Móire. Cuireann na hacmhainneachtaí sin leis na margaí ionlae ex-ante agus leis an bpróiseas sceidealaithe agus seolta[14]. Faoi Airteagal 311(1)(b) laistigh den Chomhaontú Trádála

---

[14] Leagtar amach an cur chuige eatramhach in 'Socruithe Eatramhacha OCT Traschreasacha le haghaidh chur i bhfeidhm GB-ISEM' Chomhghrúpa Cur Chun Feidhme SEM-GB: www.sem-o.com/documents/general-publications/Interim-Cross-Zonal-TSO-Arrangements-for-GB-ISEM-go-live-Publication.pdf

agus Comhair, ní mór don Mhargadh Leictreachais Aonair agus don Bhreatain Mhór a chinntiú go gcuirfear an leibhéal uasta acmhainneachta d'idirnascairí leictreachais ar fáil, chun freastal ar an ngá le hoibriú slán an chórais a chinntiú; agus an úsáid is éifeachtúla as na córais. Chomh maith leis sin, faoi Airteagal 311(1)(c), ní fhéadfar acmhainneachtaí an idirnascaire a chiorrú ach amháin i gcásanna éigeandála, agus ní mór an ciorrú sin a bheith neamh-idirdhealaitheach.

Cuirtear na hacmhainneachtaí cinntithe ar fáil do na margaí ionlae ex-ante mar theorainneacha ar mhalartuithe cumhachta traschreasacha incheadaithe (idir MLA agus Socruithe Trádála agus Tarchurtha Leictreachais na Breataine (BETTA)). Baineann na OCTanna úsáid freisin as na hacmhainní seo sa phróiseas sceidealaithe agus seolta chun an toilleadh atá ar fáil do Ghníomhaíochtaí Traschreasacha a chinneadh. Pléitear Gníomhaíochtaí Traschreasacha i gcuid 3.4.6.

Socraítear ráta rampála an idirnascaire oibríochtúil i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Airteagal 3 den Chomhaontú Oibriúcháin maidir le Bloc Rialaithe Lódmhinicíochta. Cuirtear ráta rampála MW/nóim i bhfeidhm maidir le sceidealú agus seoladh gach idirnascaire.

Is féidir leis na hidirnascairí roinnt Seirbhísí Córais a sholáthar freisin. Tá na hacmhainneachtaí seo mar a comhaontaíodh sna comhaontuithe Seirbhísí Córais ábhartha atá i bhfeidhm le hÚinéirí an Idirnascaire

### 3.4.6 Praghsanna agus Méideanna le haghaidh Gníomhaíochtaí Traschreasacha

Cé go gcinntear sceidil idirnascairí (idirnascairí na Maoile, EWIC agus Greenlink SDAV) leis na margaí ionlae ex-ante, is féidir iad a choigeartú, faoi chúinsí sainithe, trí Ghníomhaíochtaí Traschreasacha. Is é Gníomhaíochtaí Traschreasacha an t-ainm comhchoiteann do roinnt seirbhísí atá ar fáil chun iompórtálacha nó easpórtálacha ar na hidirnascairí a laghdú nó a mhéadú ar chúiseanna teoranta agus sonracha. I measc na nGníomhaíochtaí Traschreasacha, cuirtear dhá rogha trádála chun feidhme: Trádáil Chomhordaithe Tríú Páirtí (CTPT) agus Cothromú Trasteorann (CBB).

Ní úsáidfear CTPT agus CBB ach amháin chun seoladh tosaíochta agus / nó slándáil an chórais a éascú. D'fhéadfadh na OCTanna freisin Glantoilleadh an Aistrithe (NTC) a leagan síos ar na hidirnascairí ar chúiseanna slándála córais. Sa bhreis ar pháipéar cinnteoireachta SEM-24-025, tá feabhas á chur ag na OCTanna ar thrédhearcacht a bhaineann le laghduithe NTC trí mhionsonraí leordhóthanacha a fhoilsiú lena mínítear an bunús le NTC[15] a leagan síos. Chun saincheisteanna maidir le slándáil an chórais a réiteach, féachfaidh na OCTanna ar dtús le gníomhaíochtaí 'áitiúla' a dhéanamh laistigh

[15] Nós Imeachta Ríofa maidir le Glantoilleadh an Aistrithe d'Idirnascairí

den Mhargadh Leictreachais Aonair. Ó thaobh seoladh tosaíochta de, féachfaidh siad freisin le tús áite a thabhairt do ghníomhaíochtaí 'áitiúla' MLA (amhail aschur na giniúna traidisiúnta a laghdú chun spás a chruthú do chumhacht ghaoithe). Mura leor na gníomhartha seo, féachfaidh siad ansin ar thrádáil idirnascaire. Ní tharlaíonn trádálacha go dtí go ndúntar na margaí ionlae faoi seach, mar sin ní bhíonn tionchar acu ar rannpháirtithe sna margaí sin. Tá SONI agus EirGrid i dteagmháil faoi láthair le OCT na Breataine Móire chun feabhas a chur ar na Gníomhaíochtaí Traschreasacha atá ar fáil faoi láthair.

D'fhéadfadh cinntí gearrthéarmacha a bheith i gceist le cúiseanna slándála córais nó d'fhéadfaidís a bheith ina gcur chun feidhme níos fadtéarmaí amhail bainistiú uaireanta oibriúcháin ar ghineadóirí. Ní mór gach trádáil atá beartaithe a chomhaontú le OCT na Breataine Móire. Beidh sé de cheart ag OCT na Breataine Móire diúltú don trádáil atá beartaithe i gcás ina meastar go bhfuil tionchar diúltach aige ar oibriú slán, éifeachtúil agus eacnamaíoch a gcórais.

Tugtar tuairisc sa tábla thíos ar na Gníomhaíochtaí Traschreasacha -a comhaontaíodh chun socruithe athbhreithnithe MLA a chur i bhfeidhm. Áirítear sa tábla thíos freisin aon Ghníomhaíochtaí Traschreasacha a tugadh isteach tar éis dóibh a bheith curtha i bhfeidhm. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil i bpáipéar an Chomhghrúpa Cur Chun Feidhme SEM-GB dar teideal "Socruithe Eatramhacha Traschreasacha le haghaidh tosach feidhme GB-ISEM".

### Tábla 1: Gníomhaíochtaí Traschreasacha le haghaidh na socruithe athbhreithnithe MLA

| Gníomhaíocht Traschreasach | Tuairisc |
|---|---|
| Trádáil Chomhordaithe Tríú Páirtí - CTPT | Le haghaidh tréimhsí a bhfuil na ceantanna ionlae trasteorann curtha i gcrích ina leith agus faoi réir chomhaontú OCT na Breataine Móire, déanann na OCTanna conradh le tríú páirtí chun trádáil a dhéanamh i margadh ionlae na Breataine Móire chun an sreabhadh traschreasach a athrú. Tá méideanna CTPT teoranta do thoilleadh na n-idirnascairí. Ní dhéantar na trádálacha sin ach amháin le haghaidh shlándáil an chórais (lena n-áirítear bainistiú ar phlódú) agus/nó seoladh tosaíochta. I measc na mbuntáistí a bhaineann leis an gcineál trádála seo thar Chothromú Trasteorann (a bhfuil cur síos air thíos) tá acmhainneacht le haghaidh níos mó leachtachta, praghsanna níos iomaíche agus níos mó solúbthachta. |

| Gníomhaíocht Traschreasach | Tuairisc |
|---|---|
| Cothromú Trasteorann - CBB | Tá socruithe trádála i bhfeidhm ag na OCTanna le OCT na Breataine Móire. Déanann na OCTanna tairiscintí ar mhéideanna fuinnimh agus ar phraghsanna a mhalartú ar bhonn laethúil. De ghnáth, cuirtear uasteorainn 200 MW le méideanna CBB (is féidir 200 MW a shárú le comhaontú idir SONI/EirGrid agus OCT na Breataine Móire) sa dá threo le haghaidh gach idirnascaire i gcomhréir le prótacail oibriúcháin a comhaontaíodh idir OCTanna, Úinéir an Idirnascaire agus OCT na Breataine Móire. Déanann OCT na Breataine Móire praghsáil ar cheirdeanna a thionscnaíonn na OCTanna de réir a nósanna imeachta inmheánacha. Déanann OCT na Breataine Móire ceirdeanna a thionscnaítear a phraghsáil go laethúil ag na OCTanna bunaithe ar thoilleadh bharrachais atá ar fáil ar ghearrfhógra i rith an lae trádála. I gcomhréir leis na prótacail oibriúcháin agus le hoibleagáidí OCT na Breataine Móire faoi Rialacha Margaidh na Breataine Móire, foilseoidh OCT na Breataine Móire na praghsanna a sholáthraíonn OCT na Breataine Móire chuig na OCTanna agus na praghsanna a sholáthar na OCTanna do OCT na Breataine Móire ar shuíomh gréasáin Faisnéise mhargadh na Breataine Móire (www.bmreports.com). Níl an tseirbhís ar fáil ach ar amscála rollach 1 go 2 uair an chloig ó fhíor-am (tar éis dhúnadh gheata an Mhargaidh Cothromúcháin BETTA). Ní dhéantar na trádálacha sin ach amháin le haghaidh shlándáil an chórais (lena n-áirítear bainistiú ar phlódú) agus/nó seoladh tosaíochta. Tá gach cás de CBB faoi réir chomhaontú OCT na Breataine Móire. I bhfianaise scálaí ama níos déine na seirbhíse seo agus infhaighteacht na socruithe Comhpháirtí Trádála atá ann cheana, ní minic a úsáideann na OCTanna ná OCT na Breataine Móire an mheicníocht seo de chuid CBB. |
| Glantoilleadh an Aistrithe d'Idirnascairí a Leagan Síos | Féadfaidh na OCTanna NTC a leagan síos ar na hidirnascairí le go seachnófaí an baol go mbeadh an córas/na córais tarchurtha i gceachtar den dá dhlínse i staid foláirimh.[16] Déanann siad ríomh (Ghlan)toilleadh an aistrithe lá roimh ré chun a chinneadh cé acu |

[16]Is é achar ama na ngníomhaíochtaí sin an difríocht idir luachanna glantoillte an aistrithe d'idirnascairí a laghdú sna gníomhaíochtaí '*Treoir Éigeandála-EI* agus '*Glantoilleadh an Aistrithe d'Idirnascairí a Leagan Síos*', mar a leagtar amach sa tábla thuas agus thíos. Is é is aidhm do ghlantoilleadh an aistrithe d'idirnascairí a leagan síos ná cosc a chur ar bheith i staid foláirimh/éigeandála córais ach is le linn

| Gníomhaíocht Traschreasach | Tuairisc |
|---|---|
| | an gá nó nach gá NTC a leagan síos. Tá an ríomh sin bunaithe ar na sonraí margaidh is déanaí agus ar dhálaí an chórais réamhaisnéise don lá dár gcionn. |
| Cúnamh Éigeandála - CÉ | Tá socruithe Cúnaimh Éigeandála i bhfeidhm ag na OCTanna le OCT na Breataine Móire. Is seirbhís éigeandála í seo a ligeann do cheachtar páirtí cúnamh traschreasach éigeandála a iarraidh ar an bpáirtí eile. Bhainfí úsáid as an tseirbhís le linn cásanna d'easnaimh toillte. Comhaontaítear praghas seasta roimh ré (cé go mbeadh feidhm ag aon phraghas CBB níos airde dá ndéanfaí an tseirbhís a ghníomhachtú) agus cuirtear méid seasta ar fáil. |
| Treoir Éigeandála - TÉ | Tá socrú Treorach Éigeandála i bhfeidhm ag na OCTanna le OCT na Breataine Móire. Is seirbhís éigeandála í an tseirbhís seo lena ligtear do cheachtar páirtí treoir a thabhairt maidir le laghdú ar shreabhadh idirnascaire i dtreo nialais. Bhainfí úsáid as an tseirbhís le linn teagmhais slándála oibríochtúla amhail rólódáil ciorcaid agus bheadh cur i bhfeidhm NTC laghdaithe ar an idirnascaire mar thoradh air. Déantar an praghas le haghaidh Treoir Éigeandála a ríomh tar éis teagmhais. |
| Sreabhadh Traschreasach Diallta Minicíochta | Is freagairt uathoibríoch é seo (ar mhinicíocht ard nó íseal) trínar féidir le hidirnascairí cúltaca a sholáthar. De ghnáth ní mhaireann an freagra ach tamall beag. Is féidir soláthar na seirbhíse sin a dhéanamh trí 'freagairt statach' nó 'freagairt dhinimiciúil', mar a thugtar orthu. Soláthraítear freagairt statach i mbloc réamhshainithe MW ag socrú minicíochta réamhshainithe. Tugtar freagairt mhinicíochta ar fhreagairt dhinimiciúil freisin. Caitear le gníomhachtú na seirbhísí sin mar thrádáil CBB. |
| Idirnascaire faoi Thástáil | Is féidir le hidirnascaire iarraidh go ndéanfaí tástáil air le haghaidh roinnt tréimhsí socraíochta éagothroime nó le haghaidh lá trádála iomlán. Is féidir tástáil a aicmiú mar thástáil shuntasach nó mar mhiontástáil bunaithe ar an tionchar ar an gcóras cumhachta agus ar an margadh. Is féidir coimisiúnú a áireamh le |

teagmhais slándála oibríochtúla a dhéantar an treoir éigeandála chun glantoilleadh an aistrithe d'idirnascairí a laghdú.

| Gníomhaíocht Traschreasach | Tuairisc |
|---|---|
| | tástáil, tástáil tar éis athchóirithe, tástáil ar Chód Eangaí, modhnú ar chórais rialaithe nó tástálacha eile ar airde an baol go dtruipeálfaidh an t-idirnascaire leo. |

Cé is moite de Ghlantoilleadh Aistrithe Idirnascaire a Shocrú, tarlaíonn aon úsáid a bhaintear as Gníomhaíochtaí Traschriosacha tar éis dhúnadh na margaí traschreasacha.

Nuair a dhéantar trádáil, beidh na praghsanna agus na méideanna fuinnimh a thairgtear mar chuid de na gníomhaíochtaí neamhéigeandála ina n-ionchur sa phróiseas sceidealaithe agus seolta.

Tá roinnt doiciméad próisis oibríochtúil foilsithe ina gcuirtear i láthair ar bhealach níos mionsonraithe an chaoi a gcuirtear Gníomhaíochtaí Traschreasacha chun feidhme. Áirítear orthu *BP_SO_11.1 Praghsanna agus Méideanna Trádála CBB a Ríomh; BP_SO_11.2 CBB Trádáil idir EirGrid/SONI agus NGET; BP_SO_11.3 Gníomhartha Éigeandála Idirnascaire*; agus *BP_SO_11.4 Trádáil Comhordaithe Tríú Páirtí*.

### 3.4.7 Dálaí Córais Fíor-ama

Tá faisnéis faoi stádas fíor-ama an chórais cumhachta bailithe trí Chóras Bainistíochta Fuinnimh (EMS) agus trí Chóras Rialaithe Maoirseachta agus Fála Sonraí (SCADA). Áirítear leis an bhfaisnéis sin:

- stádas ciorcad tarchurtha mar i seirbhís nó as seirbhís.
- stádas na n-aonad (curtha air/as).
- sreafaí cumhachta ar chiorcaid agus idirnascairí.
- éileamh fíor-ama.
- aschur agus infhaighteacht fíor-ama gaoithe agus gréine.
- toilleadh luchtaithe uasta agus íosta MWh ceallraí.
- voltais an chórais.
- minicíocht córais.

Leis an bpróiseas sceidealaithe, glactar ‘roghbhlúirí’ de stádas fíor-ama an chórais cumhachta ionas go ndéantar na coinníollacha córais is cothroime le dáta, mar aon le coinníollacha réamhaisnéise, a shamhaltú sna córais sceidealaithe. Is féidir leis an bhfaisnéis seo athrú ó shoicind go soicind agus mar sin is príomhionchur í do na cinntí seolta fíor-ama agus do na gníomhartha rialaithe a dhéantar.

# 4. An Próiseas Sceidealaithe agus Seolta

Tá raon gníomhaíochtaí a bhaineann le pleanáil beagnach fíor-ama agus oibriú an chórais cumhachta san áireamh i bpróiseas sceidealaithe agus seolta na OCTanna.

Tá an próiseas seo deartha chun cuspóirí beartais Eorpacha agus dlínse a chur chun feidhme (féach roinn 2 Oibleagáidí) bunaithe ar raon ionchur tráchtála agus teicniúil (e.g. praghsanna, réamhaisnéisí agus srianta mar a leagtar amach i gCuid 3 Ionchuir). Áirítear le haschuir an phróisis Sceidil Oibríochtaí Tháscacha a tháirgeadh, chun Treoracha Seolta a eisiúint, chun sonraí a sholáthar do chórais praghsála agus socraithe agus chun faisnéis a sholáthar chun tacú le sásraí tuairiscithe agus foilseacháin éagsúla mar a léirítear thíos.




**Fíor 6: Léargas Ginearálta ar Ionchuir, Cuspóirí agus Aschuir an Phróisis Sceidealaithe agus Seolta.**

Tugtar tuairisc sa chuid seo ar an gcaoi a mbaintear na cuspóirí beartais sin amach laistigh den phróiseas sceidealaithe agus seolta agus d'aschuir an phróisis sin. Déantar cur síos sa chuid seo ar an bpróiseas sin faoi ghnáthchoinníollacha oibríochta. Is féidir le teagmhais neamhghnácha teacht chun cinn trína gcuirtear próisis éagsúla i bhfeidhm. Déantar cur síos ar na himeachtaí sin i gCuid 5 'Eisceachtaí'.

Tá roinnt réimsí laistigh de na próisis sceidealaithe agus seolta ar gá feabhas a chur orthu le cur ar chumas EirGrid agus SONI sainorduithe de Phacáiste um Fhuinneamh Glan an Aontais a chomhlíonadh agus chun tacú le EirGrid agus SONI spriocanna foinsí in-athnuaite Rialtas na hÉireann agus Thuaisceart Éireann a bhaint amach.

Tá EirGrid agus SONI ag tabhairt faoin gClár Sceidealaithe agus Seolta (SDP) faoi láthair. Is é is aidhm do SDP feabhas a chur ar na córais agus na próisis sceidealaithe agus seolta in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, comhlíonadh an Phacáiste um Fhuinneamh Glan

(CEP) agus cóireáil Foinse Fuinnimh In-athnuaite a mbaineann Seoladh Neamhthosaíochta leo atá athraitheach a thabhairt i gcrích agus teicneolaíochtaí eangaí ísealcharbóin/nialasacha amhail Ceallraí, Comhdhlúthadáin Shioncronacha a éascú chun tacú leis na spriocanna níos leithne maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh agus spriocanna Treáite Neamhshioncronaigh Córais (TNSC). Tá an SDP fós ar siúl, agus cuireadh na tionscnaimh ESPS ceallraí agus Feabhsuithe Seolta Gaoithe i gcrích i mí na Samhna 2025.

## 4.1. Léargas Ginearálta ar an bPróiseas

Tá an próiseas sceidealaithe agus seolta bunaithe ar Mhargadh Cothromúcháin. Is é seo an t-aon sásra trína ndéanann na OCTanna aonaid a sceidealú agus a sheoladh chun srianta slándála oibríochtúla a bhainistiú (lena n-áirítear Seirbhísí Córais a sholáthar), giniúint seolta tosaíochta a uasmhéadú agus an margadh cothromúcháin a oibriú go héifeachtúil.

Leis an Margadh Cothromúcháin, ceanglaítear ar Rannpháirtithe, i gcás aonaid inseolta, FFanna a chur isteach le COD, lena léirítear a gcostais incriminteacha agus deicriminteacha chun bogadh ón staid sin, le Dúnadh Gheata an Lae Trádála (13:30 lá roimh ré). Is féidir le rannpháirtithe a FFanna agus a COD a thabhairt cothrom le dáta tar éis na tréimhse sin agus suas go dtí Dúnadh Gheata na Tréimhse Socraíochta Éagothroime chun a ngníomhaíocht trádála ionlae nó aon nuashonrú ar a dtairiscintí cothromúcháin a léiriú.

Is féidir le coinníollacha ar an gcóras cumhachta athrú ón méid a bhí tuartha (éagsúlachtaí éilimh, gaoithe agus gréine), agus is féidir le ciorcad tarchurtha agus infhaighteacht aonaid athrú ar bhealach neamhbheartaithe. Chun na cuspóirí a ndéantar síos orthu i gCuid 2 a chomhlíonadh, oibríonn na OCTanna próiseas sceidealaithe leanúnach chun a chinntiú go gcuireann an fhaisnéis mhargaidh agus chórais is déanaí leis an seoladh iarbhír. Ciallaíonn cineál leanúnach an phróisis, aon uair a eisítear Treoir Seolta, go mbeidh sé bunaithe ar na suíomhanna margaidh is déanaí, ar an bhfógra is déanaí maidir le hacmhainn aonaid agus ar na dálaí córais cumhachta iarbhír agus réamhaisnéise is déanaí.

Tá trí phríomhghníomhaíocht sa phróiseas sceidealaithe agus seolta:

- **Próiseáil sonraí ionchuir**: próiseáiltear na hionchuir sonraí mar a chuirtear síos orthu i gCuid 3 chun iad a chur i láthair i bhfoirm atá iomchuí do gach ceann de na hachair ama sceidealaithe.
- **Sceidealú**:

- **Seoladh**: Treoracha Seolta agus gníomhaíochtaí rialaithe eile a eisiúint chuig Rannpháirtithe agus Soláthraithe Seirbhísí Córais.

Déantar cur síos sna rannáin seo a leanas ar na trí phríomhchuid den phróiseas. Ba cheart a thabhairt faoi deara go leanann na próisis agus na huirlisí de bheith faoi athbhreithniú. Dá bhrí sin, tá na próisis sin faoi réir athrú.

## 4.2. Próiseáil Sonraí Ionchuir

Liostaítear i gCuid 3 cineálacha agus foinsí na n-ionchur sa phróiseas sceidealaithe agus seolta. Is gá na sonraí ionchuir iomchuí a roghnú ós rud é go n-oibríonn an próiseas sceidealaithe thar raon scálaí ama margaidh. I gcásanna áirithe, déantar na sonraí ionchuir a idirshuí chun gur féidir iad a sceidealú ag an réiteach iomchuí. I gcásanna eile, déantar sonraí ionchuir a choigeartú nó a ionadú chun éifeacht a thabhairt do chuspóirí beartais. Seo a leanas samplaí den phróiseáil sonraí ionchuir sin (tugtar tuilleadh sonraí in Aguisín 2.1 maidir le cuid de na céimeanna maidir le próiseáil sonraí ionchuir sin):

- **Praghsanna deicriminteacha diúltacha a chur i bhfeidhm maidir le haonaid seolta tosaíochta** – cuireann na OCTanna raon praghsanna deicriminteacha diúltacha i bhfeidhm maidir le haonaid seolta tosaíochta chun éifeacht a thabhairt don chuspóir beartais a bhaineann le haschur giniúna seolta tosaíochta a uasmhéadú suas go dtí a FF. Cuirtear na praghsanna a chuirtear i bhfeidhm in ionad aon phraghsanna incriminteacha a thairgeann aonad chun críoch sceidealaithe agus seolta.
- **Idirshuíomh réamhaisnéise éilimh** – déantar an réamhaisnéis éilimh fhadtéarmach a tháirgeadh ag taifeach 30 nóiméad. Chun a bheith in ann sceidealú a dhéanamh ar thaifeach 5 nóiméad (féach an chéad Cuid eile), déanann na OCTanna an réamhaisnéis éilimh a idirshuí chun réamhaisnéis taifigh 1 nóiméad a tháirgeadh sa ghearrthéarma. Baineann próiseas den chineál céanna leis na réamhaisnéisí gaoithe agus gréine.
- **Cumasc réamhaisnéise éilimh** – ciallaíonn neamhchinnteacht réamhaisnéise nach mbeidh éileamh fíor-ama an chórais ag teacht leis an réamhaisnéis fhadtéarmach de ghnáth. Chun réamhaisnéis réalaíoch ghearrthéarmach ar éileamh a tháirgeadh, déanann na OCTanna an chéad chuid den réamhaisnéis fhadtéarmach a choigeartú, ionas go mbeidh sé ailínithe le héileamh fíor-ama, ach é a chumasc ar ais leis an réamhaisnéis fhadtéarmach. Baineann próiseas den chineál céanna leis na réamhaisnéisí gaoithe agus gréine.
- **Sonraí um thairiscintí tráchtála agus infhaighteacht aonaid a roghnú** – roghnaíonn na OCTanna sonraí iomchuí na Rannpháirtithe le húsáid i ngach ceann de na tréimhsí

sceidealaithe. Sa ghearrthréimhse (RTD), úsáideann na OCTanna sonraí simplí um thairiscint tráchtála agus dearbhuithe infhaighteachta fíor-ama. San fhadtéarma (LTS agus RTC) úsáideann na OCTanna sonraí casta tairisceana tráchtála agus infhaighteacht réamhaisnéise.

- **Cuair a Chruthú don Chostas Ilchodach** – bunaithe ar na sonraí um thairiscint tráchtála agus na FFanna arna gcur isteach ag rannpháirtithe sna hachair ama riachtanacha, cruthaíonn na OCTanna cuar costas ilchodach aonair do gach eatramh sceidealaithe.
- **An Clár Tagartha Idirnascairí a Tháirgeadh** – déantar coigeartú ar an sceideal idirnascairí chun an ráta rampa oibríochtúil a chuirtear i bhfeidhm ar gach idirnascaire a chur san áireamh.
- **Aonaid Stáisiún Cumhachta Stórála Fuinnimh (ESPS) Ceallraí a Chóireáil**[17] – Léirítear Aonaid Stáisiún Cumhachta Stórála Fuinnimh (ESPS) Ceallraí sa chóras margaidh agus úsáid á baint as cineál breosla tiomnaithe do ghineadóirí stórála ceallraí. Féadfaidh Aonaid ESPS Ceallraí FFanna agus Sonraí um Thairiscint Tráchtála a chur isteach ar fud a raoin oibríochta, lena n-áirítear luchtú agus díluchtú araon. Chun críoch sceidealaithe agus seolta, déantar Aonaid ESPS Ceallraí a sceidealú trí chur chuige ina leantar FFanna a úsáid, i gcás inarb indéanta. Mar is amhlaidh le gach aonad, féadfaidh na OCTanna imeacht ón FF a cuireadh isteach i bhfíor-am i gcás inar gá sin chun slándáil an chórais a choinneáil ar bun nó chun srianta oibríochtúla a chur san áireamh.
- **Aonaid Gineadóra Teoranta Fuinnimh a Chóireáil** – Sainmhínítear aonaid hidrileictreacha shruth na habhann mar Aonaid Gineadóra Teoranta Fuinnimh sa Chód Trádála agus Socraíochta. Tá aonaid hidrileictreacha shruth na habhann beartaithe chun a FF a leanúint ar mhaithe le héascaíocht a dhéanamh ar shrianta a bhaineann le bainistiú hidrileictreach agus cúinsí comhshaoil gaolmhara, agus chun éifeacht a thabhairt don chuspóir beartais a bhaineann le haschur giniúna seolta tosaíochta a uasmhéadú suas go dtí a FF. Féadfaidh na OCTanna imeacht ó na sceidil sin le linn an tseolta i bhfíor-am nuair a chuirfidh siad san áireamh infhaighteachtaí agus srianta an aonaid, an t-ordú fiúntais eacnamaíoch agus bainistiú éifeachtach na dteorainneacha fuinnimh atá fágtha chun an córas cumhachta a chomhardú thar an lá trádála.

[17] Rinneadh dul chun cinn ar Aonaid ESPS Ceallraí tríd an gClár Sceidealaithe agus Seolta chun tacú lena rannpháirtíocht i bpróisis sceidealaithe agus seolta laistigh den Mhargadh Cothromúcháin.

- **Comhdhlúthadáin Shioncronacha a Chóireáil[18]:** Tá réiteach eatramhach ann faoi láthair maidir le sceidealú agus seoladh na gcomhdhlúthadán sioncronach ar an gcóras cumhachta. Is iad seo a leanas mionsonraí an réitigh eatramhaigh sin:
    - Cláraítear comhdhlúthadán sioncronach mar aonad 'Ilbhreosla'.
    - Is le hoptamú LTS a dhéantar comhdhlúthadán sioncronach a sceidealú ach luach támhaí an aonaid a chur san áireamh agus cinntear cé acu an t-aonad a sceidealú i sceideal oibríochtaí táscacha LTS nó gan é a sceidealú. Urramaíonn an dá sceidealóir eile (i.e. RTC agus RTD) staid tiomantais an aonaid i sceideal oibríochtaí táscacha LTS atá foilsithe.

## 4.3. Sceidealú

Is éard is sceidealú ann ná an próiseas a bhaineann leis na Treoracha Seolta a eisítear a phleanáil bunaithe ar na hionchuir a bhfuil cur síos orthu thuas. Oibríonn an próiseas sceidealaithe gar don fhíor-am chomh fada leis an Lá Trádála dar gcionn. I bhfianaise an mhéid ionchur sa phróiseas agus cineál casta an phróisis féin, roinntear ina achair ama éagsúla é lena gcumasaítear anailís ghearrthéarmach a dhéanamh go sciobtha agus go rialta, fad is a dhéantar anailís fhadtéarmach, a bhfuil níos mó ama i gceist lena próiseáil, ar bhonn níos annaimhe. Is é an aidhm atá ann ná plean rollach, comhtháite agus reatha a bhaint amach ina bhfuil gníomhartha maidir le 'tiomantas aonaid' agus 'seoladh eacnamaíoch'.

### 4.3.1 Tiomantas Aonaid agus Seoladh Eacnamaíoch

Cinntear na gníomhartha seo ach úsáid a bhaint as clár optamaithe um Thiomantas Aonaid faoi Shrian Slándála (SCUC) nó Seoladh Eacnamaíoch faoi Shrian Slándála (SCED). Is éard atá iontu sin ná cláir chasta mhatamaiticiúla ina n-úsáidtear teicnící optamaithe chun an fhadhb sceidealaithe a shimpliú ionas go gcinnfear laistigh de shrianta ama na n-oibríochtaí fíor-ama í. Is amhlaidh atá sé sin toisc nach féidir dul i mbun "áireamh lántrialach", ina ndéantar tástáil ar gach toradh féideartha, i bhfianaise scála na bhfadhbanna atá le réiteach.

Is é is cuspóir do SCUC ná stádas tiomnaithe na n-aonad a chinneadh, i.e. cibé acu atá aonad ar siúl (sioncronaithe) nó as (díshioncronaithe) agus sceidil na n-aonad, i.e. a leibhéal aschuir MW táscach ag amanna ar leith, agus an costas is lú a bhaineann le himeacht ó Fhógraí Fisiciúla an Rannpháirtí ann fad is a urramaítear srianta teicniúla agus cuspóirí beartais eile an tráth céanna.

[18] Áirítear le scóip an 'Chláir Sceidealaithe agus Seolta' feabhas a chur ar chóireáil na nAonad comhdhlúthadáin sioncronach i gcórais an mhargaidh láir

Ní dhéanann SCED cinntí maidir le tiomantas aonaid (tógann sé na cinntí sin ó SCUC) ach déanann sé sceidil MW na n-aonad atá tiomnaithe cheana nó atá sceidealaithe le bheith tiomnaithe a optamú. Cosúil le SCUC, is é an cuspóir atá leis ná an costas is lú a bhaineann le himeacht ó Fhógraí Fisiciúla an rannpháirtí a sceidealú fad is a urramaítear srianta teicniúla an tráth céanna.

### 4.3.2 Uirlis Corrlaigh Rampála

Cuidítear le sceidealú a dhéanamh trí Uirlis Corrlaigh Rampála. Cuireann an uirlis sin ar chumas na OCTanna na seirbhísí Corrlaigh Rampála a sceidealú agus a sheoladh go cruinn agus próifílí athraitheacha éilimh agus giniúna a bhainistiú le comhtháthú méadaithe fuinnimh gaoithe. Ríomhann an uirlis an cúltaca Corrlaigh Rampála iomlán atá ag teastáil (acmhainn bhreise atá ar fáil lena cur in úsáid), agus na dualgais rampála ionchais ó thaobh an chórais agus cúrsaí dlínse de (suim na n-athruithe ar sceidil táirgthe ar fud na n-aonad uile). Cuirtear suim an cheanglais maidir leis an gcúltaca Corrlaigh Rampála agus na dleachta rampála ionchais faoi bhráid na sceidealóirí agus cuirtear i bhfeidhm iad mar chineál sriantachta ar a dtugtar éileamh an Chorrlaigh Rampála. Tháinig srianta an Chorrlaigh Rampála i bhfeidhm an 8 Meán Fómhair 2020[19].

### 4.3.3 Cineálacha Reatha Sceidealaithe: LTS, RTC agus RTD

Cuireann na OCTanna na cláir optamaithe seo i bhfeidhm i dtrí chás de chineálacha reatha sceidealaithe a gcuirtear achair ama sceidealaithe éagsúla san áireamh i ngach ceann acu. Is iad seo a leanas na cineálacha reatha sceidealaithe:

- **Sceideal Fadtéarmach (LTS) -** úsáidtear optamú SCUC chun comhairle maidir le tiomantas aonaid a chur ar fáil ó dhá uair an chloig roimh ré (trí uair an chloig don chéad rith lá roimh ré) le haghaidh sceideal suas le 30 uair an chloig. Tagann laghdú ar ionchas LTS de réir mar a laghdaíonn an t-am idir an rith agus deireadh an lae trádála a bhfuil torthaí margaidh lá roimh ré ar fáil dó. Tionscnaítear LTS de láimh, agus féadfaidh uainiú cruinn gach reatha a bheith éagsúil mar gheall ar an spleáchas ar phríomh-ionchuir a bheith ar fáil. Leagtar amach sa tábla thíos an t-uainiú agus an réasúnaíocht atá le huainiú gach reatha LTS, chomh maith leis an ionchas uasta ar féidir le gach rith torthaí a tháirgeadh dó.

**Tábla 2: Amanna táscacha agus an réasúnaíocht atá le ritÍ éagsúla LTS.**

[19] Féach an Nóta Faisnéise maidir le Srianta an Chorrlaigh Rampála ar shuíomh gréasáin SEMO: https://www.sem-o.com/documents/general-publications/Ramping_Margin_Requirements_in_Scheduling.pdf

| Tionscnamh Rith LTS[20] | An Réasúnaíocht le hUainiú | Ionchas Uasta |
| --- | --- | --- |
| Tar éis 14:00 | Torthaí an Mhargaidh Lá Roimh Ré faighte; Réamhaisnéis cothrom le dáta le haghaidh foinsí in-athnuaite ar fáil. | Suas go dtí 22:30 ar an lá trádála dár gcionn. |
| Tar éis 18:00[21] | Torthaí IDA1 SEM-GB faighte; Réamhaisnéis cothrom le dáta le haghaidh foinsí in-athnuaite ar fáil. | Suas go dtí 22:30 ar an lá trádála dár gcionn. |
| Tar éis 22:00 | Ullmhú le haghaidh ísliú na hoíche. | |
| Tar éis 00:00[14] | Deimhniú ar ísliú ualaigh na hoíche agus ardú ualaigh na maidine; Réamhaisnéis cothrom le dáta ar fáil le haghaidh foinsí in-athnuaite. | Suas go dtí 22:30 ar an lá trádála céanna. |
| Tar éis 06:00[14] | Réamhaisnéis cothrom le dáta le haghaidh foinsí in-athnuaite ar fáil. | |
| Tar éis 08:30 | Torthaí IDA2 SEM-GB faighte. | |

Tabhair faoi deara nach n-áirítear aon chumas idirnasctha SEM-GB sna Margaí Lá Roimh Ré atá i bhfeidhm ón 31 Nollaig 2020 ar aghaidh, mar sin beidh sceidil na n-idirnascairí a eascraíonn as sin saorga don chéad rith lá roimh ré lena chinntiú gur féidir leis na OCTanna leanúint ar aghaidh ag feidhmiú go slán i bhfianaise an fhógra níos déanaí faoi sceidil na n-idirnascairí iarbhír. Féadfar iad a shocrú ar náid ar dtús, ach i gcásanna áirithe, féadfaidh sceidil na n-idirnascairí athrú ó náid chun meastacháin níos réadúla ar sceidil na n-idirnascairí a léiriú[22]. Leanfar de thoilleadh na n-idirnascairí a leithdháileadh sna ceantanna ionlae ionas go mbeidh an margadh fós in ann sceidil idirnascairí

[20] Is garmheastacháin iad na hamanna uile toisc go mbíonn tionscnamh an reatha spleách ar shonraí a bheith ar fáil ó fhoinsí seachtracha, lena n-áirítear soláthraithe réamhaisnéise agus torthaí margaidh.

[21] +1 uair an chloig le linn Am Coigilte Sholas An Lae (Am na hÉireann) toisc nach gcloíonn réamhaisnéisiú foinsí in-athnuaite le hAga Coigilte Sholas An Lae.

[22] I gcás fhormhór an ama, ní bhíonn aon chinnteacht ag na sceidealóirí faoina mbeidh i gceist le sceidil na n-idirnascairí go dtí go dtiocfaidh na comhaid IDA1. I gcás an chéad reatha LTS, tagann na comhaid idirnascaire isteach ar náid. Má tháirgeann LTS sceidil neamhshlána agus na comhaid idirnascaire ag náid, bogann na rialtóirí ar shiúl ó phróifíl nialasach suas go leibhéal ar ar féidir le LTS sceidil shlána a tháirgeadh.

neamhnialais a tháirgeadh. Mar iarmhairt air sin, ní bhíonn sceidil idirnascairí lá roimh ré ag na OCTanna go dtí 18:10 gach lá.

- **Tiomantas Fíor-Ama (RTC)** – úsáidtear optamú SCUC chun comhairle maidir le tiomantas aonaid a chur ar fáil gar don fhíor-am (ó 30 nóiméad) chomh fada le ceithre uair an chloig roimh ré (agus sceideal á tháirgeadh lena gclúdaítear 3.5 uair an chloig).
- **Seoladh Fíor-Ama (RTD)** – úsáidtear optamú SCED chun comhairle maidir le seoladh MW a chur ar fáil bunaithe ar dhálaí córais fíor-ama agus réamhaisnéisí ar feadh uair an chloig gar don fhíor-am (10 nóiméad).

Léirítear seicheamhú na rití sceidealaithe seo **Fíor 7**: Seicheamh Reatha an Sceidealaithe Léirithigh

thíos.




Fíor 7: Seicheamh Reatha an Sceidealaithe Léirithigh

### 4.3.4 Aschuir Sceidealaithe

Is Sceideal Oibríochtaí Táscach (IOS) é aschur gach ceann de na rití sceidealaithe seo. Soláthraítear na nithe seo a leanas le IOS:

- **Stádas tiomnaithe aonaid**: stádas ar siúl/as gach aonaid i ngach eatramh sceidealaithe; agus
- **Leibhéil táirgthe agus ídithe**[23]**:** Leibhéil MW in aghaidh an eatraimh sceidealaithe.

Léireofar le IOSanna freisin aon Ghníomhaíocht Thraschreasach atá beartaithe a chur i bhfeidhm. Soláthraítear tuilleadh faisnéise maidir le Gníomhaíochtaí Traschreasacha a sceidealú i gCuid 3.4.6.

Chomh maith le táirgeadh IOSanna, táirgeann an próiseas sceidealaithe orduithe fiúntais de ghníomhartha atá ar fáil agus is féidir leis na OCTanna a dhéanamh chun aonaid a mhéadú / a thosú nó a laghdú / a mhúchadh mar fhreagairt ar dhálaí córais atá ag athrú, ar dálaí iad sin a bhféadfadh sé nár cuireadh san áireamh san IOS iad (e.g. athrú ó leibhéil ghaoithe arna dtuar nó truipeáil aonaid a éilíonn aonaid mhearthosaithe a thosú).

De bharr chineál leanúnach an phróisis sceidealaithe agus cuntas á thabhairt sna hionchuir is déanaí, beidh na IOSanna ina léiriú maith ar an tiomantas agus na leibhéil seolta ionchais. Mar sin féin, bíonn na IOSanna táscach i gcónaí go dtí go n-eiseofar Treoir maidir le Seoladh nó go ndéanaimid gníomhaíocht rialaithe, mar a phléitear sa chéad chuid eile.

Soláthraítear tuilleadh sonraí maidir leis an bpróiseas reatha sceidealaithe in Aguisín 2.2. Foilsítear IOSanna mar a chuirtear síos orthu i gCuid 6, Foilseacháin.

## 4.4. Gníomhartha Seolta agus Rialaithe

Bunaithe ar na IOSanna agus dálaí córais fíor-ama á gcur san áireamh (amhail minicíocht an chórais, voltas, luchtú ciorcaid theirmigh agus cobhsaíocht dhinimiciúil), déanann na OCTanna Treoracha maidir le Seoladh agus gníomhartha rialaithe eile a chinneadh agus a eisiúint chuig aonaid aonair ar féidir iad a sheoladh agus a rialú. Déanfar aon athrú riachtanach ón IOS i gcomhréir le hord fiúntais gníomhartha atá ar fáil (chun aonaid a mhéadú nó a laghdú) agus leibhéil oibriúcháin aonaid fíor-ama, saintréithe freagartha aonaid agus ceanglais slándála oibríochtúla á gcur san áireamh.

### 4.4.1 Ceanglas maidir le Treoracha a Leanúint

Ní mór do gach aonad na Treoracha maidir le Seoladh a eisítear a leanúint. Tá gach feirm ghaoithe inrialaithe á rialú go díreach ag na OCTanna Níor cheart d'aon aonad sioncronú, díshioncronú d'aon ghnó, ná aschur a athrú (seachas i gcás freagairt mhinicíochta uathoibríoch) gan Treoir maidir le Seoladh a bheith faighte ó na OCTanna

[23] Ídiú aonad stórála agus aonad ar thaobh an éilimh.

### 4.4.2 Cineálacha Treoracha

Glactar na Treoracha maidir le Seoladh / gníomhartha rialaithe seo a leanas bunaithe ar na IOSanna:

- Tiomnaigh – ceangail (sioncronaigh) leis an gcóras cumhachta.
- Tarraing siar – dícheangail (díshioncronaigh) ón gcóras cumhachta.
- Leibhéal MW – an leibhéal MW cumhachta gníomhaí ar ar cheart don aonad oibriú.
- Rialú Cumhachta Gníomhaí feirme gaoithe / aonaid gréine – pointí socraithe rialaithe cumhachta gníomhaí MW.
- Gníomhaíocht Thraschreasach– athrú a chur i bhfeidhm ar ICRP ar mhaithe le Gníomhaíocht Thraschreasach a chur i bhfeidhm.

Chomh maith leis na treoracha sin atá bunaithe ar na IOSanna, tugtar faoi ghníomhartha rialaithe eile ar aonaid agus ar idirnascairí chun Seirbhísí Córais a sholáthar amhail cumhacht fhreasaitheach agus, mar shampla, chun Modhanna Oibriúcháin a athrú. Tá cur síos ar na Treoracha maidir le Seoladh agus tá na gníomhartha rialaithe is féidir leis na OCTanna a dhéanamh leagtha amach in Aguisín 2.3. Tá liosta iomlán de chineálacha treoracha le fáil sna Cóid Eangaí – SDC2.4.2.4.

### 4.4.3 Achair ama

Eisítear Treoracha maidir le Seoladh agus gníomhartha rialaithe i gcaitheamh achair éagsúla ama lena léirítear saintréithe teicniúla na n-aonad. Is féidir na treoracha sin a chatagóiriú mar threoracha fógra fhada (treoracha a thagann i bhfeidhm roimh Dhúnadh Gheata an Mhargaidh Cothromúcháin) agus treoracha ar ghearrfhógra (treoracha a thagann i bhfeidhm tar éis Dhúnadh Gheata an Mhargaidh Cothromúcháin):

- Gníomhartha ar fhógra fhada: D’fhéadfadh roinnt uaireanta an chloig a bheith i gceist chun treoracha a chur i bhfeidhm maidir le sioncronú agus eisítear iad i gcomhréir leis an am fógra a theastaíonn ón aonad le tosú, rud a thiteann amach, i gcás roinnt mhaith aonaid theirmeacha, roimh Dhúnadh Gheata an Mhargaidh Cothromúcháin. Baineann na treoracha fógra níos faide sin le srianta slándála oibríochtúla a bhainistiú, cuir i gcás an acmhainn dhóthanach a chur in úsáid chun cúltacaí feidhme a sholáthar agus srian a chur le haonaid chun tacaíocht voltais a sholáthar. Is féidir tabhairt fúthu freisin lena chinntiú go gcuirtear dóthain spás cloiginn ar fáil, agus go soláthraítear Seirbhísí Córais, ar mhaithe le giniúint seolta tosaíochta a éascú. Ar roinnt aonad, d’fhéadfadh sé go mbeadh níos mó ná uair an chloig i gceist leis an bpróiseas díshioncronaithe, i.e. an t-am ó insítear nach mór aonad a mhúchadh go dtí go ndéantar é a dhícheangal iarbhír ón gcóras cumhachta.

- Gníomhartha ar ghearrfhógra: Treoracha a bhaineann le cothromú fíor-ama soláthair agus éilimh, optamú srianta slándála agus leibhéil seolta tosaíochta (treoracha seolta 'MW' agus rialú cumhachta gníomhaí feirme gaoithe / aonaid gréine). Eisítear na treoracha sin tar éis dhúnadh gheata an Mhargaidh Cothromúcháin i bhfíor-am agus rátaí rampála na n-aonad atá ar siúl cheana féin á gcur san áireamh. Is féidir treoir a thabhairt d'aonaid lena ngabhann amanna ar ghearrfhógra sioncronú/díshioncronú san achar ama sin freisin. Tugtar treoracha maidir le soláthar Seirbhísí Córais amhail cumhacht fhreasaitheach i bhfíor-am freisin agus saintréithe freagartha chóras rialaithe an aonaid á gcur san áireamh.

Féadfar Treoracha maidir le Seoladh a eisiúint tráth ar bith agus le haghaidh cainníocht ar bith, fad is a urramaítear saintréithe teicniúla na n-aonad (seachas na treoracha de chineál uasmhéadaithe agus éigeandála a bhfuil cur síos orthu in Aguisín 2.3). Dá réir sin, cé gur cheart Treoracha maidir le Seoladh a bheith i gcomhréir leis an IOS is déanaí ar bhonn ginearálta, ní gá go mbeidís ag teacht le heatramh sceidealaithe nó cainníocht sceidealaithe an IOS go baileach. Mar shampla, i gcás IOS lena ngabhann an sceideal seo a leanas le haghaidh aonaid – 14:00 100 MW, 14:05 110 MW, 14:10 120 MW – d'fhéadfadh sé go n-eiseofaí Treoir iarbhír maidir le Seoladh ag 14:02 de 130 MW.

Le huainiú agus méid na dtreoracha iarbhír a eisítear agus éagsúlachtaí idir iad agus an IOS, cuirfear dálaí fíor-ama an chórais cumhachta san áireamh (agus tá sampla díobh sin liostaithe i gCuid 3.4.7). Mar shampla, cuirfidh na OCTanna cinneadh maidir le seoladh siar nó tabharfaidh siad ar aghaidh é le go n-athródh aonad a aschur bunaithe ar mhinicíocht iarbhír an chórais. Má tá minicíocht an chórais íseal, rud a thugann éagothroime dhiúltach, le fios, féadfaidh na OCTanna treoir a chur ar aghaidh chun aonad a mhéadú nó laghdú aonaid a chur siar. I measc cúiseanna eile éagsúlachta, tá earráid réamhaisnéise ualaigh, earráid réamhaisnéise foinsí in-athnuaite, feidhmíocht theicniúil aonad agus srianta córais.

Eisítear treoracha maidir le tiomantas aonaid i gcomhréir le hamanna fógra aonaid faoi réir riachtanais i dtaobh shlándáil an chórais.

### 4.4.4 Seoladh Tosaíochta

Is éard a chuimsítear le giniúint seolta tosaíochta ná aonaid inseolta (e.g. móin, hidreachumhacht, CTÉ) agus aonaid neamh-inseolta (ach ar féidir iad a rialú go ginearálta) (cumhacht ghaoithe agus ghréine).

Ní mór d'aonaid inseolta FFanna a chur isteach, agus beidh feidhm ag a stádas seolta tosaíochta maidir lena gcainníochtaí ar tugadh FF ina leith a mhéid a cheadaítear le hoibriú slán an chórais cumhachta. Ní chaithfear le haon infhaighteacht os cionn na

cainníochta ar tugadh FF ina leith mar sheoladh tosaíochta ach sa ghnáthord eacnamaíoch.

Aonaid neamh-inseolta a bhfuil stádas seolta tosaíochta acu, féadfaidh siad FFanna a chur isteach; mar sin féin, rithfidh siad de réir a n-infhaighteachta iarbhír faoi réir srianta slándála oibríochtúla agus dá réir sin amháin.

I gcás inar gá aonaid neamh-inseolta a chiorrú nó a shrianadh, eisítear pointí socraithe rialaithe do na haonaid sin ar bhonn pro rata – do na haonaid uile i gcás imeachtaí ciorrúcháin ar an gcóras domhanda nó d'fho-thacar d'aonaid laistigh de ghrúpa sriantachta[24].

Soláthraítear níos mó sonraí maidir leis na gníomhartha seolta agus rialaithe a dhéantar in Aguisín 2.3. Foilsítear treoracha maidir le seoladh mar a chuirtear síos orthu i gCuid 6, Foilseacháin.

#### 4.4.5 Aonaid Stáisiún Cumhachta Stórála Fuinnimh (ESPS) Ceallraí

Cuireann Aonaid ESPS Ceallraí go mór le solúbthacht an chórais, lena n-áirítear cúlchiste srianta minicíochta agus fuinneamh cothromúcháin. Samhaltaítear aonaid ESPS ceallraí laistigh de na córais sceidealaithe agus úsáid á baint as Fógraí Fisiciúla (FFanna) arna gcur isteach thar raonta dearfacha agus diúltacha MW araon.

Ní dhéanann an próiseas optamaithe sceidealaithe seoladh aonad ceallraí ESPS a optamú go díreach bunaithe ar shrianta fuinnimh amhail teorainneacha staide luchtaithe nó Sonraí Tairisceana Tráchtála. Seachas sin, faoi ghnáthdhálaí oibriúcháin, déantar aonaid ceallraí ESPS a sceidealú agus úsáid á baint as cur chuige "lean FF", ina mbíonn a n-aschur sceidealaithe ag teacht leis an FF is deireanaí a cuireadh isteach.

Laistigh den bhogearra optamaithe sceidealaithe, is mar shrian bog a láimhseáiltear an ceanglas maidir le FF a leanúint. Tríd sin, is féidir an srian a mhaolú san optamú nuair is gá chun sceideal oibríochta indéanta agus slán a bhaint amach.

Cuirtear an t-ionchur ó aonaid ceallraí ESPS leis an gcúltaca san áireamh laistigh den optamú sceidealaithe agus cinntear na hionchuir de réir a gcuar acmhainneachta cúltaca, staid luchta (SoC), agus infhaighteacht fhíor-ama. Ar deireadh thiar, cinntear ionchur cúltaca fíor-ama de réir ceanglais i dtaobh shlándáil an chórais agus na srianta oibríochta atá ann ag an am.

---

[24] Féach an Fógra Faisnéise maidir le Grúpaí Sriantachta Uirlisí Seolta Gaoithe ar shuíomh gréasáin EirGrid: https://cms.eirgrid.ie/sites/default/files/publications/Wind-Dispatch-Tool-Constraint-Group-Overview_1.pdf.

Braitheann éifeachtacht na modheolaíochta 'lean FF' ar FFanna atá indéanta go fisiciúil a bheith á gcur isteach ag rannpháirtithe margaidh. Tá léargas ag an Lárionad Rialaithe ar FFanna réamh-mheasta, ar chonairí staide luchtaithe, agus ar theorainneacha oibriúcháin ábhartha. Leis an bhfaisnéis sin, cuirtear ar chumas na Lárionad Rialaithe indéantacht FF a mheas agus rioscaí oibríochta féideartha a shainaithint.

Marcáiltear gach gníomh cothromúcháin a ordaítear ar aonaid ESPS ceallraí mar ghníomhartha de chuid an Oibreora Córais (OC). Léiríonn sé sin go seoltar aonaid ceallraí ESPS chun FFanna arna gcur isteach a leanúint den chuid is mó, agus gurb iondúil gur gníomhartha neamhfhuinnimh a dtugtar fúthu ar bhonn neamh-mhargaidh iad Treoracha maidir le Seoladh a imíonn ó na FFanna.

I gcás nach bhfuil sé indéanta Fógraí Fisiciúla a chomhlíonadh ar chúiseanna seachas gníomh de chuid an Oibreora Córais Tarchurtha (OCT) níos luaithe sa Lá Trádála[25], na OCTanna, faoi ghnáthchúinsí (i.e. i gcásanna nach bhfuil leagtha amach thíos), an t-aonad ESPS ceallraí a sheoladh chun a Fhógra Fisiciúil a leanúint.

I gcásanna ina bhfuil FFanna indéanta, déanfaidh na OCTanna an t-aonad ceallraí ESPS a sheoladh chun a FF a leanúint, ach amháin nuair is gá oibriú ar bhealach atá difriúil ón FF sna cúinsí, agus ar na cúiseanna, a leagtar amach thíos.

Chun slándáil an chórais a choinneáil ar bun, giniúint seolta tosaíochta a éascú, agus athsheoladh neamh-mhargaidh giniúna in-athnuaite a íoslaghdú, seoltar ceallraí ar shiúl ó na FFanna a cuireadh isteach dóibh i gcás inar gá. Déanfar aonaid ceallraí ESPS a sheoladh ar shiúl ó na Fógraí Fisiciúla sna cúinsí seo a leanas:

- Rabhadh nó Staid Córais Éigeandála
- Srianta tarchuir áitiúla
- Treoracha OCD
- Ceanglais maidir le ciorrúchán nó seoladh tosaíochta
- FF dodhéanta ( mar gheall ar ghníomh seolta OCT níos luaithe mar a mhínítear thíos)
- Imeachtaí minicíochta.

[25] Tagraíonn 'gníomh OCT níos luaithe sa Lá Trádála' d'aon treoir ó an OCT a bhfuil feidhm aici don Lá Trádála sin agus a éilíonn ar an aonad ceallraí ESPS imeacht óna chuid FFanna, sa chaoi is go bhféadfadh sé nach mbeadh an t-oibreoir aonaid in ann trádáil a dhéanamh chun an neamhfhéidearthacht a réiteach.

Coinneoidh na OCTanna an rogha freisin seoladh amach ó FFanna i gcúinsí áirithe ar chúiseanna praiticiúla. Mar sin, is féidir aonaid ceallraí ESPS a sheoladh ar shiúl ó na Fógraí Fisiciúla sna cúiseanna seo a leanas:

- freagairt ardmhinicíochta/ísealmhinicíochta a sholáthar (m.sh. chun teagmhais ionfhotha/easfhotha a mhaolú);
- Ceanglas maidir le cúltaca a chomhlíonadh;
- rialáil minicíochta; agus
- bainistiú rampála idirnascaire
- cruth an ualaigh sa samhradh
- cásanna ina n-éiríonn sé neamhphraiticiúil an t-aschur a shocrú de réir an FF (m.sh. FFanna a bhfuil pointí athraithe iomadúla agus deilte beag MW acu).

Déanfaidh na OCTanna iarracht líon na gcásanna ina n-imítear ó na FFanna le linn an tseolta a íoslaghdú ar na cúiseanna sin, agus slándáil an chórais agus sláine oibríochtúil á gcosaint ag an am céanna.

I gcás nach féidir FF a chur i bhfeidhm mar gheall ar ghníomh OCT níos luaithe sa Lá Trádála[26], agus mura mbeadh an neamh-indéantacht sin tagtha chun cinn murach sin, déanfaidh na OCTanna an t-aonad a dhíriú ar shiúl ón FF sin a luaithe a bheidh an Íoschainníocht Stórála Oibríochtúil nó an Uaschainníocht Stórála Oibríochtúil bainte amach. Beidh sé mar thoradh air seo go seolfar ordú le haghaidh aschur 0 MW nó, i gcás ina n-éilíonn aon cheann de na cúinsí a liostaíodh roimhe seo é, go dtabharfar treoir chun urscaoileadh a dhéanamh má tá an chainníocht stórála uasta oibríochtúil bainte amach, nó chun luchtú a dhéanamh má tá an chainníocht stórála íosta oibríochtúil bainte amach. Féadfar cásanna ina gcuirtear Fógraí Fisiciúla nach bhfuil indéanta isteach arís agus arís eile a tharchur go foirmiúil chuig an Aonad Monatóireachta Margaidh.

Tá réiteach buan á fhorbairt faoi Chlár um Margadh Straitéiseach (SMP) na OCTanna chun aonaid ESPS ceallraí a chomhtháthú agus a optamú. Tá coinne leis go mbeifear in ann úsáid níos éifeachtúla a bhaint as acmhainní ceallraí laistigh de chreataí sceidealaithe agus seolta amach anseo dá bharr sin.

## 4.5. Oibleagáidí a Chomhlíonadh

Tá sé de chuspóir ag an bpróiseas sceidealaithe agus seolta seo ligean do na OCTanna na hoibleagáidí a leagtar amach i gCuid 2 a chomhlíonadh. Is iad seo:

[26] Tagraíonn 'gníomh OCT níos luaithe sa Lá Trádála' d'aon treoir ó an OCT a bhfuil feidhm aici don Lá Trádála sin agus a éilíonn ar an aonad ceallraí ESPS imeacht óna chuid FFanna, sa chaoi is go bhféadfadh sé nach mbeadh an t-oibreoir aonaid in ann trádáil a dhéanamh chun an neamhfhéidearthacht a réiteach.

- sландáil oibríochtúil a chinntiú.
- giniúint seolta tosaíochta a uasmhéadú
- oibriú éifeachtúil MLA; agus
- trédhearcacht a sholáthar.

Sna rannáin seo a leanas leagtar amach an chaoi a ndéanann na OCTanna na hoibleagáidí sin a chur i bhfeidhm go praiticiúil laistigh den phróiseas sceidealaithe agus seolta. Léirítear an cur i bhfeidhm sin i Fíor 8 thíos.




Fíor 8: Cuspóirí a Chur i bhFeidhm

(*LNAF agus SIFF socraithe ar náid faoi láthair de réir SEM-24-054a. Féach Cuid 3.1.2 le haghaidh tuilleadh faisnéise faoi na paraiméadair sin.)

### 4.5.1 Slándáil Oibríochtúil a Chinntiú

Trí anailís a dhéanamh ar dhálaí agus cásanna arna réamhaisnéisiú, sainíonn OCTanna srianta slándála córais lena leagtar teorainneacha síos laistigh den phróiseas sceidealaithe. Sanntar costas sáraithe sriantachta do gach cineál sriantachta a thabhaítear má sháraítear an srian laistigh den optamú sceidealaithe. Leis an gcostas sin, cuirtear stop leis an optamú srian a shárú toisc go mbeadh costas dealraitheach níos airde laistigh den optamú i gceist dá thoradh sin. Is éard atá sna costais sáraithe sriantachta sin ná paraiméadair laistigh den optamú a chuireann na OCTanna in oiriúint chun éifeacht a thabhairt do gach srian.  Sa chleachtas, is dearbhcheanglais iad na srianta uile agus ní mór iad a urramú.

Leis an bpróiseas sin, gabhtar formhór na ndeacrachtaí i dtaobh shlándáil an chórais cumhachta agus cinntítear go mbíonn sceideal na nOCTanna slán. Mar sin féin, chun cúiseanna a thabhairt le dálaí córais fíor-ama, déanann na OCTanna monatóireacht

leanúnach ar stádas an chórais freisin chun deacrachtaí slándála eile a d’fhéadfadh a bheith ann a chinneadh (e.g. cinn a d'fhéadfadh teacht chun cinn tar éis d’aonad nó do chiorcad tarchuir truipeáil). Dá bhrí sin, cuirtear an measúnú slándála fíor-ama sin san áireamh leis an seoladh fíor-ama lena chinntiú go gcoinnítear slándáil oibríochtúil ar bun.

### 4.5.2 Giniúint Seolta Tosaíochta a Uasmhéadú

Déanann na OCTanna an stádas seolta tosaíochta a shannadh le linn phróiseas an sceidealaithe agus an tseolta trí raon praghsanna deicriminteacha diúltacha réamhshocraithe a leithdháileadh do na haonaid a shainítear le haghaidh seoladh tosaíochta (féach ar chuid 3 Ionchuir). Léiríonn na praghsanna sin a suíomh coibhneasta in ordlathas an tseolta tosaíochta – dá mhéad an tosaíocht is ea is diúltaí an praghas deicriminteach. Cuirtear na praghsanna deicriminteacha diúltacha sin in oiriúint de réir coimhlintí féideartha le sriantachtaí eile nó le praghsanna aonad eile.

Aon phraghas deicriminteach a chuirtear isteach, cuirtear an praghas seolta tosaíochta réamhshocraithe seo ina ionad chun críche optamaithe, ach níl aon tionchar ag an bpraghas ionaid sin ar phraghsáil nó ar shocrú. Bhí sé de chuspóir ag MOD_10_19 a chinntiú nárbh é an praghas deicriminteach a cuireadh isteach ó ghineadóirí seolta tosaíochta a shocraigh an praghas éagothroime agus nár úsáideadh ach chun críoch réitigh é. Formheasadh MOD_10_19 agus na hiarrataí ar athruithe riachtanacha chun an mionathrú sin a chur i bhfeidhm in MMS. Mar sin féin, mar gheall ar dhúshlán ó rannpháirtí sa mhargadh, cuireadh an mionathrú sin ar athló agus níl aon amlíne i bhfeidhm faoi láthair lena chur i bhfeidhm.

Is é an aidhm leis na praghsanna deicriminteacha diúltacha sin ná na gníomhartha sin a sheachaint tríd an inneall optamaithe toisc go mbeadh costas níos airde i gceist leo mar thoradh orthu (tá an t-optamóir ag iarraidh na costais a íoslaghdú). Mar sin féin, is féidir na haonaid sin a dheicrimintiú fós d'fhonn sárú ar aon sriantachtaí slándála oibríochtúla a sheachaint (sárú lena mbeadh costas níos airde i gceist leis).

Forbraíonn na OCTanna an sceideal lena chinntiú go gcuirtear ‘spás’ dóthanach ar fáil chun freastal ar ghiniúint seolta tosaíochta (i.e. laghdófar aschur aonad seolta neamhthosaíochta nó féadfar iad a tharraingt siar fiú) agus lena chinntiú go ndéantar Seirbhísí Córais dóthanacha a sceidealú chun tacú le hoibriú an chórais (cuir i gcás táimhe dhóthanach a sceidealú ar an gcóras chun tacú le hoibriú an chórais le linn dálaí gaoithe airde).

Is é cuspóir na OCTanna seolta ansin aon sriantacht nó ciorrúchán a bhaineann le slándáil oibríochtúil ar fhoinsí seolta tosaíochta a íoslaghdú.

### 4.5.3 Oibriú Éifeachtúil an MLA

Is iad seo a leanas na hoibleagáidí sonracha a leagtar amach i gCeadúnas na OCTanna a bhaineann leis an ngné eacnamaíoch den phróiseas sceidealaithe agus seolta:

- an costas a bhaineann le himeacht ó fhógraí fisiciúla a íoslaghdú;

- a mhéid is praiticiúil, an Margadh Ex-Ante a chumasú chun éagothroime fuinnimh a réiteach; agus
- a mhéid is praiticiúil, an costas a bhaineann le gníomhartha neamhfhuinnimh a íoslaghdú.

Cuireann na OCTanna na hoibleagáidí sin i bhfeidhm trí dhearadh ginearálta an phróisis sceidealaithe agus seolta agus trí chóireáil shonrach na sonraí tráchtála laistigh den phróiseas mar a chuirtear síos air sna rannáin seo a leanas.

#### 4.5.3.1 An Próiseas Dearaidh

Comhlíontar na cuspóirí sin i bpáirt trí dhearadh ginearálta an phróisis sceidealaithe agus seolta, is é sin dearadh ina n-úsáidtear an fhaisnéis is déanaí atá ar fáil chun sceidil a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn leanúnach agus chun seoladh a chinneadh. Déantar éascaíocht ar ghníomhaíocht mhargaidh ex-ante ar na bealaí seo a leanas:

- Úsáid eisiach na socruithe margaidh cothromúcháin mar an sásra chun na gníomhartha seolta aonaid uile a dhéanamh. Ní ghlacann na OCTanna páirt sna margaí lá roimh ré ná sna margaí ionlae, agus níl aon socruithe conarthacha ‘lasmuigh den mhargadh’ againn chun rannpháirtíocht aonad sna margaí sin a bhainistiú.
- Próiseas sceidealaithe leanúnach a chur i bhfeidhm lena gcuirtear san áireamh an fhaisnéis mhargaidh ex-ante is déanaí a chuireann Rannpháirtithe ar fáil. Ós rud é gur féidir le Rannpháirtithe a gcuid costas agus FFanna a thabhairt cothrom le dáta suas go dtí Dúnadh Gheata na Tréimhse Socraíochta Éagothroime, déantar na sceidil a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn níos rialta lena chinntiú go mbíonn na OCTanna ag oibriú de réir na suíomhanna tráchtála is déanaí freisin.
- Treoracha maidir le tiomantas aonaid a eisiúint i gcomhréir le hamanna fógra (faoi réir riachtanais i dtaobh shlándáil an chórais), rud a thugann am do Rannpháirtithe chun éagothroime fuinnimh a réiteach trí na margaí ex-ante; agus
- 

Trédhearcacht a sholáthar do Rannpháirtithe maidir leis na próisis agus foilsiú faisnéise amhail míchothromaíochtaí fuinnimh réamhaisnéise, Sceidil Oibríochtaí Táscacha, agus Treoracha Seolta.

#### 4.5.3.2 Íoslaghdú Costas

Baineann dhá cheann d’oibleagáidí Ceadúnais OCTanna le costais a íoslaghdú – an costas a bhaineann le himeacht ó FFanna a íoslaghdú, agus an costas a bhaineann le gníomhartha neamhfhuinnimh a íoslaghdú.

Sa phróiseas sceidealaithe agus seolta, ní dhéanann na OCTanna idirdhealú idir gníomhartha fuinnimh agus neamhfhuinnimh, ach seachas sin déanaimid an costas a

bhaineann leis na gníomhartha uile a íoslaghdú i dtaca leis an gcostas a bhaineann le himeacht ó FFanna. Ní dhéantar an t-idirdhealú sin sa phróiseas sceidealaithe agus seolta toisc gur féidir comhpháirt fuinnimh agus neamhfhuinnimh araon a bheith i gceist le gach gníomh. Déantar an t-idirdhealú ar bhonn *ex post*, áfach, ach rialacha maidir le marcáil a chur i bhfeidhm mar a chuirtear síos air sin sa 'Modheolaíocht d'Oibreoirí Córais agus Marcáil Neamh-Imeallach' (dá dtagraítear i rannáin 4.6 agus 6.4).

Cuireann na OCTanna cuspóir íoslaghdaithe costas i bhfeidhm ach cuair costas ilchodach a chruthú bunaithe ar na sonraí um thairiscint tráchtála agus na FFanna arna gcur isteach ag Rannpháirtithe (dá dtagraítear i gCuid 4.2 agus ar bhealach níos mine in Aguisín 2.1). Leis an uasmhéadú ansin, íoslaghdaítear an costas a bhaineann le himeacht ó FFanna (bunaithe ar an gcuar costas ilchodach) don sceideal fad is a chomhlíontar ceanglais i dtaobh shlándáil an chórais agus a uasmhéadaítear giniúint seolta tosaíochta an tráth céanna.

Déantar aon athrú ón sceideal optamaithe i gcomhréir le hord fiúntais gníomhartha (chun aonaid a mhéadú/a thosú nó aonaid a laghdú/a mhúchadh) agus leibhéil oibriúcháin aonaid fíor-ama, saintréithe freagartha aonaid agus ceanglais slándála oibríochtúla á gcur san áireamh.

#### 4.5.3.3 Ualú i dreo Gníomhartha Fógra níos giorra

Mar aon leis na gnéithe deartha próisis a leagtar amach thuas, dearadh paraiméadair maidir leis an mbeartas um sceidealú agus seoladh (mar a phléitear i gCuid 3.1.2) chun cur leis an oibleagáid maidir lena cheadú do mhargaí ex-ante éagothroime fuinnimh a réiteach. Mar a luaitear sa chuid seo, tá na paraiméadair sin socraithe ar náid faoi láthair, mar sin níl aon tionchar acu ar an bpróiseas sceidealaithe agus seolta i láthair na huaire. Mar sin féin, rinne na OCTanna cur síos ar chur i bhfeidhm na bparaiméadar anseo toisc go bhfuil sé beartaithe athmheasúnú a dhéanamh ar an gcaoi a mbaintear feidhm astu mar chuid den chomhairliúchán bliantúil ar Pharaiméadair Sceidealaithe agus Sheolta an Chóid Trádála agus Socraíochta.

I gcás inar ann d'éagothroime fuinnimh arna réamhaisnéisiú, réiteofar an éagothroime sin sa phróiseas sceidealaithe toisc gur srian mór i dtaobh shlándáil an chórais atá sa chothromaíocht fuinnimh. Tá paraiméadair na mbeartas um sceidealú agus seoladh (LNAFanna agus SIFFanna) deartha chun an próiseas sceidealaithe a ualú i dtreo gníomhartha fógra níos giorra chun an chothromaíocht fuinnimh sin a bhaint amach, ach an chuma a chur ar ghníomhartha fógra níos faide go bhfuil siad níos costasaí. Ar an mbealach sin, tugtar níos mó ama do Rannpháirtithe chun an éagothroime fuinnimh sna margaí ex-ante a réiteach.

Déantar an costas tionscnaimh do gach aonad a choigeartú de réir an LNAF atá sonrach don aonad (a bhaineann le ham fógra aonaid) agus an SIFF (a bhaineann leis an easnamh córais réamhaisnéise) mar a leanas:

$$\text{Startup cost in scheduling run} = \text{Submitted startup cost} \times \{1 + (\text{LNAF} \times \text{SIFF})\}$$

Cé go bhfuil sé beartaithe le cur i bhfeidhm na gcúinsí sin an sceideal a ualú i dtreo gníomhartha fógra níos giorra, ní tharlódh sé sin dá mbeadh ciorrúchán ar sheoladh tosaíochta nó sárú ar shrian slándála mar thoradh air, toisc go bhfuil costais níos airde ag baint leis na nithe sin laistigh den optamú.

Arís eile, ós rud é go bhfuil na paraiméadair sin socraithe ar náid faoi láthair, níl aon tionchar acu ar an bpróiseas sceidealaithe agus seolta.

#### 4.5.3.4 Comhoptamú Seirbhísí Córais

Mar a luaitear i gcuid 3.2.2 ní thugann na OCTanna cuntas i gcostas na Seirbhísí Córais sa phróiseas sceidealaithe agus seolta, mar sin níl comhoptamú chostais an mhargaidh fuinnimh agus na Seirbhísí Córais ar bun acu faoi láthair. An cuspóir chun an costas a bhaineann le himeacht ó FFanna a íoslaghdú, baineann sé go hiomlán le sonraí tráchtála an mhargaidh cothromúcháin arna gcur isteach ag Rannpháirtithe.

Déanfar athbhreithniú ar an seasamh sin agus forbrófar na socruithe tráchtála do Sheirbhísí Córais a thuilleadh.

#### 4.5.3.5 Trédhearcacht a Sholáthar

Chun trédhearcacht a sholáthar maidir leis an bpróiseas sceidealaithe agus seolta, foilsítear doiciméid ina gcuirtear síos ar an bpróiseas (cuir i gcás an BMPS seo agus na Próisis Oibríochta), na hionchuir a bhaineann leis (cuir i gcás réamhaisnéisí éilimh agus gaoithe) agus na haschuir a bhaineann leis (Sceidil Oibríochtaí Tháscacha agus Treoracha maidir le Seoladh).

Leagtar amach tuilleadh faisnéise maidir leis na foilseacháin i gCuid 6, Foilseacháin.

## 4.6. Sonraí chuig Córais Phraghsála agus Socraíochta

Is de bharr na dTreoracha maidir le Seoladh a eisítear agus na ngníomhartha a dhéantar a sholáthraítear fuinneamh cothromúcháin agus Seirbhísí Córais. Cuirtear sonraí ón bpróiseas sceidealaithe agus seolta leis na córais socraíochta ábhartha ionas go socraítear Rannpháirtithe agus soláthraithe Seirbhísí Córais i gceart. Tá muirir ann freisin a bhaineann le feidhmíocht aonad, cuir i gcás Muirir Chórais Eile agus Dreasachtaí Feidhmíochta Gineadóra (GPInna) agus le haschuir an phróisis a bhaineann le socraíocht an Mhargaidh Toillte.

Léirítear i dtábla 3 thíos raon na n-aschur mar chuid den phróiseas sceidealaithe agus seolta a úsáidtear i gcórais phraghsála agus socraíochta. Tabhair faoi deara go bhfuil ionchuir sonraí bhreise ann le gach córas, cuir i gcás COD, TOD agus méadrú margaidh nach n-áirítear sa léaráid seo.

**Tábla 3: Aschuir ón bpróiseas sceidealaithe agus seolta i bpraghsáil agus socraíocht**

| Mír Sonraí don Phróiseas Sceidealaithe agus Seolta | Praghsáil Éagothroime | Cothromú / Socraíocht an Mhargaidh Acmhainne | Socraíocht na Seirbhísí Córais | Muirir Chórais Eile agus GPInna |
|---|---|---|---|---|
| Treoracha maidir le Seoladh | Tá | Tá | Tá | Tá |
| Gníomhaíochtaí Traschreasacha | Tá | Tá | Tá | |
| Infhaighteachtaí Fíor-Ama | Tá | Tá | Tá | Tá |
| Bratacha Oibreoirí Córais | Tá | Tá | | |
| Bratacha Neamh-Imeallacha | Tá | | | |
| Cainníocht Chúltaca Gearrthéarmaigh | Tá | | | |
| Cainníocht an Cheanglais maidir le Cúltaca Feidhme | Tá | | | |
| Cainníocht an Rialaithe Éilimh | Tá | | | |
| Bratach Seirbhísí Córais | | Tá | | |
| Méadrú Oibríochtúil (SCADA) | | | Tá | Tá |

Sainítear idirbhearta sonraí ón Oibreoir Córais chuig an Oibreoir Margaidh in Aguisín K den TSC. Socraítear an Praghas Éagothroime le haghaidh gach Tréimhse Praghsála Éagothroime (gach tréimhse 5 nóiméad) de réir an aonaid imeallaigh, neamhshrianta sa tréimhse sin. Sainaithnítear laistigh de gach sceideal RTD cé acu atá nó nach bhfuil aonad srianta i ngach tréimhse 5 nóiméad. Is próiseas uathoibrithe riailbhunaithe é an próiseas sainaitheanta sin agus tá trácht air sa 'Modheolaíocht d'Oibreoirí Córais agus Marcáil Neamh-Imeallach', féach Cuid 6, Foilseacháin.

I gcás nach gcinntear bratacha Oibreoirí Córais agus clibeanna maidir leis an nGlanmhéid Éagothroime (e.g. nuair a fhaightear Treoir maidir le Seoladh níos mó ná 20 nóiméad

mall agus go gcailltear ríomh an Phraghais Éagothroime), is é an impleacht atá aige sin ar Shocrú an Mhargaidh Cothromúcháin ná go socraítear na bratacha Oibreoirí Córais agus na clibeanna maidir leis an nGlanmhéid Éagothroime ar 1, de réir TSC Fx.3.3.2(i) agus (ii). Is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith air sin ná go socrófaí an t-aonad/na haonaid dá ndéantar difear ar Shonraí Simplí um Thairiscint Tráchtála. Mar sin féin, nuair nach mbíonn bratacha Oibreoirí Córais agus clibeanna maidir leis an nGlanmhéid Éagothroime ar fáil i gcás gach Tréimhse Praghsála Éagothroime i dTréimhse Shocraíochta Éagothroime agus i gcás gach aonaid (e.g. le linn éaradh seirbhíse pleanáilte nó neamhbheartaithe), is é an loighic réamhshocraithe ná go socraítear na haonaid ar Shonraí Casta um Thairiscint Tráchtála sa Tréimhse Shocraíochta Éagothroime. Tugadh an loighic sin isteach le Mod_19_19 i mí na Samhna 2020.




**Fíor 9: Loighic Mharcála le haghaidh roghnú COD Praghsála Éagothroime mar thoradh ar Mod_19_19.**

# 5. Eisceachtaí

Leagtar amach sa chuid seo den BMPS na teagmhais eisceachtúla is féidir titim amach, rud a fhágann go n-imíonn na OCTanna ó na próisis a leagtar amach i gCuid 4, agus déantar cur síos ann ar an gcaoi a dtuairiscítear na teagmhais sin.

Níl aon TSC ná sainmhíniú Cóid Eangaí ann i gcás 'eisceachta'. Chun na teagmhais sin a chur i gcomhthéacs, is gá cur síos a dhéanamh ar dtús ar ghnáthghníomhaíocht oibríochta laethúil.

## 5.1. Gnáthghníomhaíocht Oibríochtúil

Cuireann na OCTanna san áireamh éiginnteacht san éileamh arna réamhaisnéisiú, giniúint in-athnuaite, agus teagmhais theagmhasacha amhail athruithe ar infhaighteacht aonad agus truipeáil ciorcad tarchuir. Déanann na OCTanna cúltacaí a sceidealú agus sriantachtaí a cheapadh chun aghaidh a thabhairt ar na héiginnteachtaí agus na teagmhais sin a mhéid is féidir agus cuimsímid sna IOSanna iad.

Féadann dálaí agus imeachtaí nach ngabhtar sna IOSanna teacht chun cinn freisin. Is mar gheall ar thoimhdí samhaltaithe laistigh de na huirlisí sceidealaithe agus seolta a tharlaíonn sé sin, e.g. ní ghabhann na samhlacha saintréithe dinimiciúla an-ghearrthéarmach na n-aonad. Chomh maith leis sin, fágann gráinneacht na IOSanna (bíonn IOS an RTD ag eatraimh 5 nóiméad) nach ndéantar sceidealú do na nóiméid eatramhacha iad ina bhféadfadh an t-éileamh nó an ghaoth a bheith níos airde nó níos ísle, agus ina bhféadfadh leibhéil oibriúcháin aonad nó idirnascairí a bheith difriúil.

Is é an aidhm na OCTanna ná na IOSanna a leanúint ar an mbealach is dlúithe agus is féidir. Mar sin féin, le Treoracha iarbhír maidir le Seoladh, cuirfear an t-aiseolas fíor-ama ón gcóras cumhachta (voltais, minicíocht, luchtú teirmeach agus cobhsaíocht an chórais) san áireamh freisin. Beidh aon imeacht fíor-ama ón IOS bunaithe ar ord fiúntais na ngníomhartha atá ar fáil faoi réir na srianta a fhorchuirtear le ceanglais slándála oibríochtúla agus cumais theicniúla na n-aonad.

Ní mheasann na OCTanna gur rud eisceachtúil é imeacht ón IOS ach gur cuid de ghnáthoibriú riachtanach fíor-ama córais cumhachta atá casta agus dinimiciúil é. Foilsíonn na OCTanna IOSanna, Treoracha iarbhír maidir le Seoladh agus raon tuarascálacha eile a léiríonn an ghníomhaíocht sin (féach Cuid 6, Foilseacháin).

Féadann teagmhais neamhghnácha, nó 'eisceachtaí', teacht chun cinn freisin agus is éard a bhíonn mar thoradh orthu ná go n-oibrítear lasmuigh de na próisis a bhfuil cur síos orthu i gCuid 4 agus in Aguisín 2, i.e. lasmuigh de na IOSanna agus lasmuigh de na coigeartuithe maidir leis an ord fiúntais/coigeartuithe bunaithe ar shrianta ar na

IOSanna. Ní thiteann na teagmhais sin amach ó lá go chéile ach má tharlaíonn siad, féadann siad cur isteach go mór ar oibriú an chórais cumhachta agus na margaí fuinnimh.

Is deacair na cásanna oibriúcháin uile a shainaithint agus gach ceann a leagan amach mar chás ‘tipiciúil’ nó ‘eisceachtúil’. Sa tábla thíos soláthraítear barúil na OCTanna maidir leis na teagmhais a shainaithnítear faoi láthair laistigh de gach catagóir; aithníonn siad áfach, go bhféadfadh athrú teacht ar an liosta teagmhas sin agus ar an gcaoi a ndéantar iad a chatagóiriú in MLA. Soláthraítear sonraí breise maidir le heisceachtaí agus an chaoi a ndéantar iad a thuairisciú sa chéad chuid eile.

**Tábla 4: Samplaí de ghnáthchásanna oibriúcháin agus cásanna eisceachtúla**

| Gnáthghníomhaíocht | Eisceachtaí |
|---|---|
| • Tosú nó múchadh aonad nó coigeartú aschur aonaid nó idirnascaire chun:<br>○ voltais an chórais, minicíocht, luchtú ciorcaid theirmigh agus cobhsaíocht a choinneáil ar bun laistigh de theorainneacha oibríochta.<br>○ soláthar agus éileamh a chothromú.<br>○ cúltacaí a sholáthar mar fhreagairt ar thruipeáil aonaid nó idirnascaire.<br>○ freagairt do thruipeáil ciorcad tarchuir arb é atá mar thoradh air sin ná ceanglas chun athsheoladh a dhéanamh ar mhaithe le srianta a bhainistiú.<br>○ tástáil aonaid nó córais cumhachta a éascú; agus<br>○ Gníomhaíochtaí Traschreasacha neamhéigeandála a sholáthar.<br>• An NTC ar na hidirnascairí a chinneadh. | • Múchadh iomlán nó páirteach an chórais (lándorchú);<br>• Gníomhartha éigeandála;<br>• Rialú Éilimh (Sceitheadh lóid);<br>• Stoirmeacha (Ómra/Oráiste agus os a chionn sin de réir ranguithe Met Éireann agus Oifig Meitéareolaíochta na Ríochta Aontaithe faoi seach), Eachtraí Suntasacha; agus<br>• Éigeandálaí Breosla. |

## 5.2. Eisceachtaí

Leagtar amach na heisceachtaí agus na sásraí tuairiscithe a ghabhann leo sa tábla thíos. Tá na heisceachtaí seo bunaithe den chuid is mó ar na sainmhínithe ar chineálacha teagmhas ó na Cóid Eangaí agus is teagmhais iad a mbíonn tionchar ábhartha acu ar Rannpháirtithe. Aithníonn na OCTanna freisin go mb'fhéidir go mbeadh teagmhais eile sa chatagóir seo a d'fhéadfadh tuairisciú breise a spreagadh, agus déantar tuilleadh plé air sin thíos.

### 5.2.1 Léargas ginearálta

Tábla 5: Sásraí um chur síos agus tuairisciú le haghaidh cásanna oibriúcháin eisceachtúla

| Eisceacht | Tuairisc | Sásra Tuairiscithe |
|---|---|---|
| Múchadh Iomlán<br><br>(Arna shainmhíniú i gCóid Eangaí EirGrid agus SONI) | Múchadh iomlán an chórais cumhachta.<br><br>Tá na rialacha a bhaineann le teagmhas den sórt sin le fáil sa TSC agus sna Cóid Eangaí. Ó thaobh an mhargaidh de, is éard a bhíonn mar thoradh ar 'Chliseadh an Chórais Leictrigh' ná cur i bhfeidhm 'Socraithe Riartha'. Dírítear an próiseas sceidealaithe agus seolta le linn imeacht den sórt sin ar athchóiriú an chórais cumhachta agus úsáid á baint as aonaid Dúthosaithe ar conradh agus plean athbhunaithe an chórais cumhachta arna réamhshainiú. | Cuireann OCTanna 'Foláireamh um[27] Staid Lándorchaithe' (Foláireamh Gorm) amach lena dtugtar fógra d'úsáideoirí an chórais faoin teagmhas.<br><br>Tugann MO fógra do Rannpháirtithe go bhfuil 'Socrú Riartha' á chur i bhfeidhm.<br><br>Foilsíonn na OCTanna tuarascáil um teagmhas poiblí.<br><br>Tuairiscítear sa Tuarascáil bhliantúil um Fheidhmíocht an Chórais Tarchurtha Uile-Oileáin í. |

[27] https://www.sem-o.com/documents/general-publications/BP_SO_09.2-Declaration-of-System-Alerts.pdf

| Eisceacht | Tuairisc | Sásra Tuairiscithe |
|---|---|---|
| **Múchadh Páirteach**<br><br>(Arna shainmhíniú i gCóid Eangaí EirGrid agus SONI) | Múchadh cuid den chóras cumhachta. | Mar atá thuas. |
| **Éigeandáil**<br><br>(Arna sainmhíniú i gCód Eangaí EirGrid amháin) | Staid neamhghnách chórais lena n-éilítear gníomh uathoibríoch nó láimhe chun cailliúint saoráidí tarchurtha nó soláthair giniúna a chosc nó a theorannú, ar cailliúint í sin a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt ar iontaofacht an chórais tarchurtha. | Cuireann OCTanna foláireamh iomchuí amach lena dtugtar fógra d'úsáideoirí an chórais faoin teagmhas.<br><br>Tuairiscítear teagmhais i dtaobh cur isteach ar sholáthar sa Tuarascáil Bhliantúil um Fheidhmíocht an Chórais Tarchurtha Uile-Oileáin. |
| **Giniúint Neamh-Mhargaidh a Ghníomhachtú**<br><br>(Sainmhínítear sa Phlean Riosca-Ullmhachta d'Éirinn í[28]) | Tá giniúint neamh-mhargaidh (ina bhfuil aonaid TEG agus aonaid arna gCoinneáil ag Gob na Muine) soláthartha ag EirGrid ar bhonn sealadach faoi threoir an Choimisiúin um Rialáil Fóntais (CRU).<br><br>Is iondúil go ngníomhachtaítear na haonaid ghiniúna sin faoi dhálaí dochta nuair a mheastar go rachadh an córas i Staid Foláirimh nó Éigeandála murach sin. Leagtar amach i Rannáin 5.2.2.3 agus 5.2.3.2 an chaoi a gcaitear le haonaid TEG agus aonaid arna gcoinneáil ag Gob na Muine sa chóras faoi seach. Leagtar amach i gCuid 5.2.4 na difríochtaí oibríochtúla idir an | Eiseofar Foláireamh Corrlaigh Córais in Éirinn i gcás ina mbeadh an córas tar éis dul isteach i Staid Foláirimh nó i Staid Éigeandála dá mba rud é nár cuireadh an corrlach dlínse san áireamh.<br><br>Féadfar Foláireamh Corrlaigh Córais a eisiúint in Éirinn freisin nuair a chuireann SONI staid Foláirimh amach, nuair a bhíonn tacaíocht mhargadh-bhunaithe uasmhéadaithe ag EirGrid thar an Nasclíne Thuaidh-Theas, nuair a bhíonn cumas aistrithe breise ag an Nasclíne, nuair |

[28] Plean Riosca-Ullmhachta na hÉireann don Earnáil Leictreachais 2026-2029

| Eisceacht | Tuairisc | Sásra Tuairiscithe |
|---|---|---|
| | dá aicme sin de ghiniúint neamh-mhargaidh.<br><br>Ní chuirtear aonaid TEG san áireamh i ríomhanna corrlaigh go dtí go rachadh an córas isteach i staid Foláirimh nó Éigeandála murach iad. Sa chás sin, eiseofar Foláireamh Corrlaigh.<br><br>Ní sheoltar aonaid TEG ach amháin i gcás inar léir nach leor iad na bearta margadh-bhunaithe ina n-aonar chun meathlú breise ar chás an tsoláthair leictreachais a chosc.<br><br>I bhfianaise an fhógra agus na n-amanna rampála níos faide a ghabhann leo, féadfar iarraidh ar aonaid Ghob na Muine sioncronú a dhéanamh i gcás ina bhfuil coinne leis nach gcoiscfeadh bearta margadhbhunaithe agus aonaid TEG meathlú breise ar chás an tsoláthair leictreachais gan an córas dul i staid Foláirimh nó Éigeandála. Nuair a iarrtar orthu, is féidir treoir maidir le sioncronú do na haonaid sin a chur ar ceal tráth níos gaire don am, sa chás ina dtiocfadh laghdú ar an riosca maidir le slándáil an tsoláthair. D'fhéadfaí iarraidh ar na haonaid sin sioncronú a dhéanamh mar fhreagairt ar | a bhíonn trádáil ar na hidirnaisc uasmhéadaithe, agus nuair a bhíonn Cúnamh Éigeandála ar Idirnascaire na Maoile curtha i bhfeidhm ag SONI.<br><br>Cuirfear teachtaireacht mhargaidh amach cibé uair a sheoltar aonaid TEG.<br><br>I gcás ina seoltar aonad mar fhreagairt ar éaradh seirbhíse éigeantach áitiúil lena ngabhann údair imní chriticiúla i dtaobh cúrsaí sábháilteachta/an chórais, ní chuirfear Foláireamh Corrlaigh amach.<br><br>Cuirfear fógra "Riosca Easnaimh Corrlaigh" amach chuig an margadh ina gcuirfear in iúl cathain a sheolfar aonaid Ghob na Muine, agus cuirfear in iúl an tréimhse amach romhainn ina bhfuil riosca mór Foláirimh Córais nó Staide Éigeandála in éagmais aonad neamh-mhargaidh sa ríomh corrlaigh.<br><br>Seoladh aonaid Ghob na Muine agus aonaid TEG mar fhreagairt ar chorrlaigh theanna, beidh sé sin le feiceáil i dtuarascálacha an Mhargaidh Cothromúcháin |

| Eisceacht | Tuairisc | Sásra Tuairiscithe |
|---|---|---|
| | bhagairtí ar nós na gcinn siúd a bhaineann le roinnt de na cásanna géarchéime leictreachais náisiúnta a leagtar amach in RPP, mar aon le cásanna ina bhféadfadh uaireanta reatha TEG a bheith i mbaol. | (Féach Cuid 5.2.2.3). Déanfar tuairisciú ar liosta Foláireamh Corrlaigh, fógraí maidir le Riosca Easnaimh Corrlaigh, agus tréimhsí seolta na n-aonad sin. |
| Cúnamh Éigeandála<br><br>(Ceann de na Gníomhaíochtaí Traschreasacha atá ar fáil do na OCTanna / OCT na Breataine Móire) | Treoir ó OCT (arna tionscnamh ag EirGrid, SONI nó Oibreoir an Chórais Leictreachais Náisiúnta) chuig idirnascaire lena ndéantar sceideal an idirnascaire a choigeartú sa dá treo ag brath ar chineál na héigeandála. Úsáidtear í chun déileáil le ganntanas toillte nó le srianadh córais nach féidir a réiteach trí ghníomhartha eile. | Is éard a bhíonn mar thoradh air sin ná go ndéantar Trádáil idir Oibreoirí Córais agus foilsítear tríd an tuarascáil BMI REPT_030 dar teideal 'Tuarascáil um Thrádáil Idirnascairí SO' í. |
| Treoir Éigeandála<br><br>(Arna sainmhíniú i gCód Eangaí EirGrid amháin. Déantar tagairt léi freisin do cheann de na Gníomhaíochtaí Traschreasacha atá ar fáil do na OCTanna / OCT na Breataine Móire) | Treoir maidir le Seoladh ó OCT chuig aonad lena bhféadfaí gníomh nó freagairt a éileamh atá lasmuigh de na teorainneacha a thugtar le fios leis na dearbhuithe a bhí i bhfeidhm ag an am.<br><br>I gcás idirnascairí, is treoir ó OCT í seo (arna tionscnamh ag EirGrid, SONI nó Oibreoir an Chórais Leictreachais Náisiúnta) chun sceideal an idirnascaire a | I láthair na huaire, níl aon tuairisciú sainráite ar Threoracha Éigeandála d'aonaid. I gcás ina dtarlóidís, cuirfidh na OCTanna Treoracha Éigeandála san áireamh i dtuarascáil bhliantúil ar eisceachtaí.<br><br>Is éard a bheadh mar thoradh ar aon Treoir Éigeandála a bhaineann le |

| Eisceacht | Tuairisc | Sásra Tuairiscithe |
|---|---|---|
| | laghdú i dtreo nialais ar chúiseanna slándála oibríochtúla. | hidirnascaire ná go dtiocfadh laghdú ar NTC agus go gcuirfí in iúl do Rannpháirtithe é mar chuid den ghnáthphróiseas um fhógraí NTC. |
| Rialú Éilimh / Díscor Éigeandála de Láimh / Díscor Beartaithe de Láimh /<br><br>Sceitheadh Lóid de réir Uainchláir / Sceitheadh Uathoibríoch Lóid<br><br>(Cód Eangaí SONI OC4) | Laghdú ar an éileamh a dhéantar nuair nach féidir Corrlach Rialála a bhaint amach ar shlí eile, nó nach bhfuil dóthain toillte ar fáil chun freastal ar an éileamh. | Cuireann OCTanna foláireamh iomchuí amach lena dtugtar fógra d'úsáideoirí an chórais faoin teagmhas (Staid Éigeandála Córais).<br><br>Is é an SO a thugann fógra don MO faoi theagmhais Rialaithe Éilimh mar a leagtar amach in Aguisín K den TSC.<br><br>Tuairiscítear teagmhais i dtaobh cur isteach ar sholáthar sa Tuarascáil bhliantúil um Fheidhmíocht an Chórais Tarchurtha Uile-Oileáin. |
| Rialú Éilimh<br><br>(Cód Eangaí EirGrid OC5) | Na modhanna uile, nó ceann ar bith díobh, chun laghdú ar an Éileamh nó méadú ar an Éileamh a bhaint amach. | Cuireann OCTanna foláireamh iomchuí amach lena dtugtar fógra d'úsáideoirí an chórais faoin teagmhas (Staid Éigeandála Córais).<br><br>Is é an SO a thugann fógra don MO faoi theagmhais Rialaithe Éilimh mar a leagtar amach in Aguisín K den TSC. |

| Eisceacht | Tuairisc | Sásra Tuairiscithe |
|---|---|---|
| | | Tuairiscítear teagmhais i dtaobh cur isteach ar sholáthar sa Tuarascáil bhliantúil um Fheidhmíocht an Chórais Tarchurtha Uile-Oileáin. |
| Teagmhas Suntasach (sainmhíniú Chód Eangaí SONI)<br><br>Teagmhas Suntasach Córais<br><br>(Sainmhíniú Chód Eangaí EirGrid) | Teagmhais a raibh éifeacht oibríochtúil acu, nó a bhféadfadh éifeacht oibríochtúil a bheith acu, ar an gcóras tarchuir, ar chóras úsáideora, nó ar chóras úinéara idirnascaire.<br><br>Uirlisí ríthábhachtacha a chailliúint (ag a mbíonn tionchar ar sheoladh). | Féadfaidh OCTanna foláireamh iomchuí a chur amach lena dtugtar fógra d'úsáideoirí an chórais faoin teagmhas.<br><br>Cuirtear tuarascáil i scríbhinn ar fáil do na OCTanna, d'úsáideoir córais nó do OCT seachtrach/ón lucht sin (ag brath ar chineál an teagmhais) agus comhroinntear leis na páirtithe lena mbaineann í. Arna rialú faoi Chód Eangaí EirGrid OC7, Cód Eangaí SONI OC5. |
| Slándáil Breosla<br><br>(Cód Eangaí SONI) | Fógraí agus treoracha a bhaineann le Cód Slándála Breosla Thuaisceart Éireann. | Bíonn feidhm ag cainéil chumarsáide an Chóid Eangaí Ábhartha le linn aon teagmhas.<br><br>Tuairisciú chuig an Roinn Geilleagair agus Comhordaitheoir Éigeandála Líonra Thuaisceart Éireann (NINEC) de réir mar is gá le linn aon teagmhas. |

| Eisceacht | Tuairisc | Sásra Tuairiscithe |
|---|---|---|
| Éigeandáil sa Soláthar Gáis<br><br>(Cóid Eangaí EirGrid agus SONI) | Treoracha a bhaineann le héigeandálaí maidir le soláthar gáis (lena n-áirítear aistriú agus athlíonadh breosla thánaistigh). | Bíonn feidhm ag cainéil chumarsáide an Chóid Eangaí Ábhartha le linn aon teagmhas. |

### 5.2.2 Giniúint Éigeandála Shealadach (TEG)

#### 5.2.2.1 Cúlra

Fuair EirGrid TEG agus suiteáladh TEG faoi threoir an CRU, de bhun na bhforálacha sa Phlean Riosca-Ullmhachta d'Éirinn. Ós rud é go dtarlaíonn an ghiniúint sin lasmuigh den mhargadh, tá gníomhachtú na n-aonad sin faoi réir Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2019/941 maidir le Riosca-Ullmhacht.

I mí Mheán Fómhair 2021, d'fhoilsigh an CRU an Páipéar Faisnéise maidir leis an gClár Gníomhartha i dtaobh Shlándáil an tSoláthair Leictreachais[29] ina leagtar amach clár oibre chun aghaidh a thabhairt ar easnamh toillte féideartha in Éirinn. Eisíodh nuashonruithe maidir le dul chun cinn faoin gclár oibre[30,31]. Cuireadh deireadh leis an gclár in 2025. D'fhoilsigh an CRU nuashonrú ar an bPlean Riosca-Ullmhachta i mí Eanáir 2026, lenar cuimsíodh sonraí a bhaineann le haonaid ghiniúna neamh-mhargaidh (TEG agus REU)[32].

Tháinig an chéad cheann de na haonaid sin i bhfeidhm ag deireadh 2023. Soláthraíodh thart ar 650 MW de TEG faoi dhá sciar (TEG1 agus TEG2).

- Baineann tréimhse seirbhíse tosaigh 36 mí leis na haonaid TEG1 ó thús na seirbhíse, agus tá rogha ar fáil do EirGrid síneadh suas le dhá thréimhse bhreise, 12 mhí an ceann (3+1+1 bhliain), a chur leis an socrú. Tháinig an chéad cheann de na haonaid sin i bhfeidhm agus cuireadh tús lena seirbhís ag deireadh 2023.

---

[29] CRU21115-Security-of-Electricity-Supply--Programme-of-Actions.pdf

[30] Electricity_Security_of_Supply_Programme_of_Work_Update_April_2024_.pdf (divio-media.com)

[31] Deimhníonn nuashonrú an chláir go ndeachaigh EirGrid i mbun Comhaontú Seirbhísí le BSL le go mbeadh na trí aonad ag Gob na Muine ar fáil i gcónaí ( MP1, 2 & 3). Tá seirbhísí á soláthar ag na haonaid faoin gComhaontú Seirbhísí seo ón 1 Iúil 2025, i gcomhréir leis an gclár Slándáil an tSoláthair Leictreachais - Aonaid Ghob na Muine a Choinneáil (MP1, MP2 agus MP3).

[32] Plean Riosca-Ullmhachta na hÉireann don Earnáil Leictreachais 2026-2029

- Tagann na haonaid TEG2 faoin Acht um EirGrid, Leictreachas agus Móin (Leasú), 2022 lena gceadaítear tréimhse seirbhísí tosaigh suas go dtí an 31 Márta 2027 agus an rogha ann síneadh a chur léi go dtí tráth nach déanaí ná an 31 Márta 2028, faoi réir formheasa.

Is féidir na haonaid sin a sheoladh i bhfíor-am. Leagtar amach sa chuid seo na dálaí faoina bhféadfaí iad a bhreithniú i ríomhanna corrlaigh agus iad a sheoladh.

Le hAirteagal 11(1)(g) de Rialachán (AE) 2019/941 ceanglaítear go dtabharfaí aghaidh ar an gcaoi a gcaitear le bearta neamh-mhargaidh sna Pleananna Riosca-Ullmhachta d'Éirinn agus do Thuaisceart Éireann faoi seach. Rinneadh an plean d'Éirinn a nuashonrú, cuireadh faoi bhráid Choimisiún an Aontais Eorpaigh é, agus foilsíodh é i mí Eanáir 2026 ag an CRU (mar an t-údarás inniúil d'Éirinn). Tá an plean do Thuaisceart Éireann tugtha chun críche agus cuireadh faoi bhráid Choimisiún an Aontais Eorpaigh é ag DESNZ (mar an t-údarás inniúil). Baineann an fhaisnéis thíos leis an gcaoi a ndéileáiltear le giniúint neamh-mhargaidh tráth foilsithe BMPS.

#### 5.2.2.2 Cuspóirí

Ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar na ceanglais maidir le maolú riosca faoin bPlean Riosca-Ullmhachta d'Éirinn, mar aon le reachtaíocht Eorpach ghaolmhar, dearadh an chaoi a gcaitear le giniúint neamh-mhargaidh in oibríochtaí córais agus margaidh agus na cuspóirí seo a leanas ann:

1. Córas cumhachta na hÉireann a dhaingniú i gcomhréir leis an treoir ón CRU;
2. An tionchar ar na margaí mórdhíola a íoslaghdú;
3. Córais agus próisis atá ann cheana a úsáid a mhéid is féidir;
4. An scála agus an chastacht is gá a thabhairt le chéile;
5. Cur chuige aonair a ghlacadh i gcás na giniúna neamh-mhargaidh uile;
6. An gá atá leis na haonaid sin a sheoladh a íoslaghdú a mhéid is féidir; agus
7. Comhcheangal le próisis agus nósanna imeachta atá ann cheana maidir le héigeandálaí ar an gcóras cumhachta.

I bhfianaise na gcuspóirí sin, leagtar amach an gcaoi a gcaitear le TEG in oibríochtaí margaidh agus córais thíos.

#### 5.2.2.3 Caitheamh le TEG sa Mhargadh

Tá an chaoi a gcaitear le TEG sa MLA bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

1. **Margaí ex-ante:** Níl cead ag aonaid TEG páirt a ghlacadh i Margaí Ex-Ante. Ar an ábhar sin, níor cheart go mbeadh praghsanna agus méideanna margaidh ex-ante, agus sceidil allmhairí/onnmhairí margaidh ex-ante, thíos leis sin.
2. **Margadh toillte:** Ní ghlacann aonaid TEG páirt i gceantanna an Mhargaidh Toillte. Ní bhíonn roghanna iontaofachta acu ná ní fhaigheann siad íocaíochtaí an mhargaidh toillte, agus ní bheidh siad faoi réir muirir dhifríochta.
3. **Seirbhísí coimhdeacha sa mhargadh:** Níl conradh ag oibreoirí aonad TEG chun ioncam a sholáthar ná a fháil as seirbhísí coimhdeacha. Agus aonaid TEG á sceidealú agus á seoladh, níor cheart, a mhéid is féidir, dul i gcion ar sholáthraithe seirbhísí coimhdeacha eile.
4. **Margadh cothromúcháin:** Tá láithreacht ag na haonaid TEG laistigh den Mhargadh Cothromúcháin ('BM') agus glacann siad páirt sa BM ach déanann siad amhlaidh ar bhealach difriúil ó aonaid mhargaidh eile. Is iondúil nach mbíonn siad ar fáil le haghaidh gníomhartha cothromúcháin ach ní chuirfear ar fáil iad lena seoladh ach amháin nuair a shainaithnítear riosca i leith shlándáil an tsoláthair agus i gcás inar léir nach leor iad na bearta margadhbhunaithe ina n-aonar chun meathlú breise ar chás an tsoláthair leictreachais a chosc. Ní chuirtear ar fáil don BM iad nuair a laghdaítear slándáil an tsoláthair.
5. Ceanglaítear ar aonaid TEG tairiscintí casta a chur isteach faoi réir an Chóid Chleachtais maidir le Tairiscintí (seachas tairiscintí simplí). Tá an tiomantas agus an seoladh bunaithe ar phraghsanna incriminteacha réasúnta ard arna gcinneadh roimh ré, ar praghsanna iad lena bhforscríobhtar na praghsanna tairisceana casta arna gcur isteach chun an úsáid a íoslaghdú. Marcáiltear na gníomhartha uile mar chinn neamhfhuinnimh. Faigheann oibreoirí na n-aonad sin íocaíochtaí agus muirir ón BM. Aon Chíos Infrimeallach a fhaigheann aonad TEG tríd an BM, íoctar le EirGrid ina dhiaidh sin é chun tairbhe d'úsáid chustaiméirí an chórais.
6. Beidh seoladh na n-aonad TEG ag Oibreoir an Chórais le feiceáil i dtuarascáil BM.

### 5.2.2.4 Cóireáil Oibríochtaí Córais

**Éire**

Is iondúil nach gcuirtear an toilleadh a sholáthraíonn na haonaid TEG san áireamh i ríomhanna corrlaigh. Ní chuirtear TEG san áireamh i ríomhanna corrlaigh agus éaradh seirbhíse beartaithe á sceidealú.

Is iad seo a leanas na critéir chun toilleadh TEG a chur san áireamh i ríomhanna corrlaigh agus chun aonaid TEG a sheoladh faoi dhálaí dochta corrlaigh:

1. Staid an chórais: Nuair a chuirtear in iúl le ríomhanna corrlaigh córais d'Éirinn go rachadh an córas i Staid Foláirimh nó Staid Éigeandála in éagmais toilleadh TEG, cuirtear an toilleadh sin san áireamh sa ríomh corrlaigh. Fanfaidh an córas sa

Ghnáth-Staid ansin má bhíonn an toilleadh TEG atá ar fáil dóthanach chun aghaidh a thabhairt ar an easnamh (féach Fíor 6 thíos). Baineann sé sin le cé acu a seoladh nó nár seoladh na haonaid TEG, i bhfianaise na hacmhainne rampála sciobtha a bhaineann leo (i.e. faoi cheann níos lú ná 15 nóiméad). Eisíonn Oibreoir an Chórais Staid Foláirimh nó Staid Éigeandála don chóras nuair a chomhlíontar na critéir ábhartha do na staideanna sin tar éis TEG a chur san áireamh i ríomhanna corrlaigh.

2. Trédhearcacht sa mhargadh: Cuirtear Fógra Margaidh (Foláireamh Corrlaigh córais) amach i bhfíor-am nuair a bheadh an córas cumhachta in Éirinn i Staid Foláirimh nó Éigeandála murach sin (in éagmais TEG).

3. Seoladh TEG: Seoltar na haonaid TEG a luaithe a chuirtear Foláireamh Corrlaigh amach (i gcás ina gceadaítear a leithéid de réir cúrsaí ama), agus i gcás inar léir nach leor iad na bearta margadhbhunaithe ina n-aonar chun meathlú breise ar chás an tsoláthair leictreachais a chosc – tar éis na tréimhsí ina seolfar acmhainní atá teoranta ó thaobh fuinnimh de a chur san áireamh (e.g. hidreachumhacht, ceallraí, Aonaid an Éilimh). I gcás nach gceadaítear a leithéid de réir cúrsaí ama, cuirfear Foláireamh Corrlaigh amach a luaithe is féidir tar éis na haonaid a sheoladh.

4. Beartú tosaíochta aonad TEG: Déanfar tosaíocht seolta na n-aonad TEG aonair a threorú le hábhair mhachnaimh oibriúcháin agus le cineál an cháis agus na mbagairtí córais gaolmhara ag an am, lena n-áirítear an líon uaireanta reatha atá ar fáil do gach ceann de na haonaid TEG, costas oibriúcháin (gás vs driogáit), lóistíocht (athsholáthar na stoc breosla), amanna rampála, agus aon riosca a bhfuiltear ar an eolas faoi d'oibriú iontaofa na n-aonad.

Eisíonn EirGrid staid Foláirimh nó Éigeandála nuair a chomhlíontar na critéir ábhartha agus TEG san áireamh i ríomhanna corrlaigh.

**Slándáil an tsoláthair áitiúil agus rioscaí sábháilteachta**

I gcásanna eisceachtúla ina dtagann riosca sábháilteachta nó riosca do shlándáil an tsoláthair áitiúil chun cinn (nach mbaineann le corrlaigh chórais), féadfar aonaid neamh-mhargaidh a sheoladh gan Foláireamh Corrlaigh a eisiúint, tar éis breithniú a dhéanamh ar na bearta margaidh atá ar fáil agus an t-éileamh solúbtha atá ar fáil. Cuirfear fógra margaidh amach a luaithe is féidir, agus an tréimhse dár seoladh na haonaid á cur in iúl.

**Tástáil**

Féadfar na haonaid TEG a thástáil ó am go chéile. Féadfar na haonaid sin a sheoladh gan Foláireamh Corrlaigh a chur amach sna cásanna seo a leanas:

1. Tástáil arna déanamh ag Oibreoir an Chórais: Chun an infhaighteacht agus na hamanna freagartha a dheimhniú faoi thástáil oibríochta. Tá sé sin i gcomhréir

leis an bpróiseas le haghaidh aonaid theirmeacha eile nach seoltar tríd an margadh cothromúcháin go rialta.[33]

2. Tástáil arna déanamh ag oibreoirí TEG: Ar mhaithe le hullmhacht oibríochtúil na n-aonad a chinntiú. Ceanglaítear go mbeadh Fógra Fisiciúil (FF) ag na haonaid TEG chun leibhéil ghiniúna a bhfuil coinne leo a chur in iúl le linn tástála ar an lá féin. Ceanglaítear go mbeadh FF ag na haonaid TEG ar mhaithe le tástáil ar an lá féin.

Ní chuireann an OCT Foláireamh Corrlaigh amach le linn na dtástálacha sin mar is teachtaireacht don mhargadh í go bhfuil dálaí an chórais thar a bheith docht, agus, ar an mbealach céanna le Staid Foláirimh córais, ceanglaítear ar rannpháirtithe margaidh a n-infhaighteacht a uasmhéadú, rud nach mbeadh amhlaidh agus an OCT i mbun tástála. Eiseoidh an OCT fógra margaidh láithreach tar éis an tástáil a thionscnamh (bheadh sé contrártha do chuspóir na tástála fógra a eisiúint roimpi, ós rud é go bhfuiltear ag tástáil amanna freagartha/ullmhacht oibríochtúil, agus d’fhéadfadh rabhadh roimh ré toradh bréagach a thabhairt.

### Tuaisceart Éireann

I gcomhréir leis na forálacha maidir le comhoibriú agus cúnamh faoi Airteagal 15 den Rialachán maidir le Riosca-Ullmhacht, féadfaidh EirGrid na haonaid TEG a sheoladh más gá chun cosc a chur le sceitheadh lóid, nó chun méideanna sceite lóid i dTuaisceart Éireann a laghdú, i gcomhréir leis an bPlean Riosca-Ullmhachta d’Éirinn [34]a fhéadfar a thabhairt cothrom le dáta ó am go chéile.

### Tuairisciú agus trédhearcacht

Le hAirteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2019/941 ceanglaítear ar an Údarás Inniúil (CRU) na páirtithe leasmhara ábhartha ina Bhallstát a chur ar an eolas faoi chur i bhfeidhm aon bheart nár bearta margadhbhunaithe iad. Tacóidh EirGrid le soláthar na faisnéise céanna ach na nithe seo a leanas a dhéanamh:

1. Tuarascálacha Ionchais ar Chorrlaigh Chórais a fhoilsiú dhá uair sa tseachtain lena dtaispeántar an t-ionchas leis an toilleadh arna soláthar ag aonaid TEG agus dá huireasa.

---

[33] Business Process BP_SO_12.1 Unit Testing

[34] Roimhe seo, dhéanfadh an BMPS tagairt don Nóta Eolais; tá sé sin ionchorpraithe anois sa RPP, arb é an príomhfhoinse eolais maidir le TEG é

2. Fógra "Foláirimh Corrlaigh" a chur amach don mhargadh nuair a chuirtear aonaid TEG san áireamh i gcorrlaigh chórais chun Staid Foláirimh nó Éigeandála a sheachaint in Éirinn, nó chun tacú le Tuaisceart Éireann.
3. Fógra a chur amach don mhargadh maidir leis na tréimhsí ina ndearnadh na haonaid TEG a shioncronú.
4. Liosta a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin EirGrid de na dátaí agus na hamanna a seoladh na haonaid TEG agus an chúis atá leo sin[35].

### 5.2.3 Aonaid Choinnithe atá ann Cheana (Gob na Muine)

#### 5.2.3.1 Cúlra

Le Gníomh 3 den Chlár Gníomhartha i dtaobh Shlándáil an tSoláthair Leictreachais de chuid an CRU, féachadh le fiosrú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le síneadh a chur le saolré oibríochtúil roinnt seanaonad, ar bhonn sealadach, go dtí go soláthrófaí acmhainn nua ar mhaithe lena n-athsholáthar tríd an Sásra um Íocaíocht Toillte. Mar chuid den ghníomh sin, chuir EirGrid tús le plé le roinnt páirtithe maidir lena n-aonaid ábhartha, lena n-áirítear le BSL maidir leis an bhféidearthacht a bhaineann leis na trí Aonad ag Gob na Muine (MP1, MP2 agus MP3) (Aonaid Ghob na Muine) a choinneáil ar bhonn sealadach. D'eisigh an CRU Treoir chuig EirGrid ar an 18 Iúil 2023 chun dul i mbun comhaontú le BSL chun Seirbhísí i dtaobh Shlándáil an tSoláthair a chur ar fáil ag Gob na Muine faoin Sásra Conarthach Spriocdhírithe agus, ag féachaint d'Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2019/941 – an Rialachán maidir le Riosca-Ullmhacht. Tháinig an Comhaontú Seirbhísí i bhfeidhm ar an 14 Lúnasa 2023.

Leagtar amach an creat chun an Comhaontú sin a bhaint amach i bPáipéar Faisnéise an CRU - Cur Chuige Rialála i leith Shlándáil an tSoláthair Leictreachais Áitiúil a Choinneáil ar Bun (CRU17346)[36].

Is Comhaontú sealadach ó thús atá ann, agus cé go bhfuil feidhm leis go dtí mí an Mhárta 2029, áirítear roghanna scortha ann do EirGrid chun deireadh a chur leis an gcomhaontú go hiomlán nó go páirteach (is é sin ar leibhéal an aonaid) ar an 30 Meán Fómhair 2027 nó ar an 30 Meán Fómhair 2028, má cheadaítear a leithéid leis na dálaí i dtaobh shlándáil an tsoláthair mar a bheidh ag an am.

Ó dháta dúnta beartaithe Aonaid Ghob na Muine ar an 30 Meitheamh 2025, ní chuirfear i mbun feidhme iad ach amháin nuair is gá ar chúiseanna a bhaineann le slándáil an

[35] EirGrid Non-Market Generation 3-Month Report - Margins & Alerts (Q2 2026)
[36] Soláthar Shlándáil an tSoláthair--Clár Gníomhartha

tsoláthair agus ní oibreofar sna margaí ex-ante iad. Aistríodh na haonaid go stádas neamh-mhargaidh ar an 1 Iúil 2025. Leagtar amach na sonraí ina dtaobh sin sa pháipéar dar teideal *Security of Electricity Supply – Retention of Moneypoint Units (MP1, MP2 & MP3)*, arna chur amach ag an CRU ar an 17 Márta 2023 [37].

Tá an Comhaontú a socraíodh le BSL bunaithe ar Ola Bhreosla Throm (HFO) a úsáid seachas gual. Nuair a oibrítear ar HFO, cuirtear borradh faoi infhaighteacht Aonaid Ghob na Muine agus laghdaítear a ndéine carbóin i gcomparáid le hoibriú guail fad is a choinnítear éagsúlacht breosla ar Oileán na hÉireann an tráth céanna.

#### 5.2.3.2 Cóireáil Oibríochtaí Córais

Le hAirteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2019/941 ceanglaítear nach ngníomhachtófar bearta nach bearta margadhbhunaithe iad ach amháin mar rogha an díogha mura féidir feidhm a bhaint as aon cheann de na roghanna a sholáthraíonn an margadh, nó *i gcás inar léir nach leor iad na bearta margadhbhunaithe ina n-aonar chun meathlú breise ar chás an tsoláthair leictreachais a chosc*. Ceanglaítear leis freisin nach mbeadh bearta nach bearta margadhbhunaithe iad ina gcúis le saobhadh míchuí san iomaíocht ná i bhfeidhmiú éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh leictreachais, (lena n-áirítear an SEM). Ceanglaítear go mbeidís riachtanach, comhréireach, neamh-idirdhealaitheach agus sealadach.

D’fhéadfadh cásanna den sórt sin teacht chun cinn le linn tréimhsí nach leor an acmhainn mhargadhbhunaithe iontu chun na ceanglais slándála atá ann a chomhlíonadh, agus le linn cásanna géarchéime leictreachais amhail na cinn siúd a liostaítear faoin bPlean Riosca-Ullmhachta (RPP), nó in oirchill na gcásanna sin.

Ó thaobh cúrsaí oibríochta de, murab ionann agus aonaid TEG ar féidir iad a shioncronú i bhfíor-am (faoi bhun 15 nóiméad), bíonn amanna fógra i bhfad níos faide i gceist le hAonaid Ghob na Muine (ag brath ar an staid teasa mar a shainíonn a TOD), mar aon le hamanna rampála níos faide, agus amanna íosta ‘ar siúl’ níos faide agus iad sioncronaithe. Ar an ábhar sin, beidh gá le cinneadh a dhéanamh maidir leis na haonaid sin a thiomnú i bhfad roimh an bhfíor-am i gcomhthéacs na héiginnteachta níos mó a bhaineann leis an éileamh, réamhaisnéisí FIF, agus allmhairí.

#### 5.2.3.3 Prionsabail maidir le cinnteoireacht

Féadfaidh Oibreoir an Chórais treoir a thabhairt do cheann amháin nó níos mó d’Aonaid Ghob na Muine ullmhú le haghaidh sioncronaithe, nó sioncronú leis an gcóras cumhachta,

[37] Security_of_Electricity_Supply_Retention_of_Moneypoint_Units_Information_Paper.pdf, 17 March 2023.

i gcás ina dtugtar le fios leis na dálaí córais a bhfuil coinne leo go bhfuil riosca níos mó ann go rachadh an córas i staid Foláirimh nó Éigeandála, tar éis breithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

1. An t-ionchas don tréimhse amach romhainn a bhaineann leis na hamanna fógra agus rampála agus na hamanna íosta 'ar siúl' d'aonaid Ghob na Muine, i bhfianaise staid teasa na n-aonad, lena n-áirítear:
    a. Réamhaisnéis éilimh.
    b. Réamhaisnéis FIF, éiginnteachtaí san áireamh.
    c. Infhaighteacht giniúna inseolta, lena n-áirítear rioscaí oibríochta arna ndearbhú ag oibreoirí.
    d. Sriantachtaí giniúna (teorainneacha fuinnimh, srianta i dtaobh uaireanta reatha, agus aon sriantachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le breosla).
    e. Sreafaí an idirnascaire a bhfuil coinne leo.
2. An acmhainn atá ar fáil ó na haonaid TEG chun freagairt i gcás ina dtagann easnamh acmhainne chun cinn, mar aon leis na huaireanta reatha atá ar fáil agus aon rioscaí a bhfuiltear ar an eolas fúthu (cuir i gcás sriantachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le breosla).
3. Cásanna agus dálaí gaolmhara an chórais a leagtar amach i gCuid 5.2.3.6.

### 5.2.3.4 Seoladh tosaíochta

Is é an seoladh tosaíochta seo a leanas mar aon leis na cúinsí gaolmhara atá mar threoir don phróiseas cinnteoireachta.

**Tábla 6: Critéir chinnidh maidir le seoladh tosaíochta**

| Seoladh Tosaíochta | Cúinse |
|---|---|
| Acmhainní margadhbhunaithe | Giniúint thraidisiúnta atá ar fáil lena n-áirítear an éiginnteacht agus an tionchar féideartha a bhaineann le haon rioscaí móra a bhfuiltear ar an eolas fúthu |
| | Gléasra teoranta uaireanta reatha: buaicsholáthraithe, Aonaid an Éilimh - soláthar breosla san áireamh. |
| | Gléasra teoranta fuinnimh: hidreachumhacht, taisceadh pumpála, ceallraí fadtréimhseacha |
| Allmhairí | Allmhairí agus tacaíocht/trádáil ón mBreatain Mhór a bhfuil coinne leo |

| | |
|---|---|
| | Laghduithe ar Ghlantoilleadh an Aistrithe |
| Éileamh Solúbtha | Éileamh solúbtha (neamhdhaingean) atá ar fáil ó Mhórúsáideoirí Fuinnimh |
| Giniúint Éigeandála Shealadach | Infhaighteacht dhearbhaithe, srianta bliantúla agus uaireanta reatha laethúla, infhaighteacht breosla phríomhúil (gás nó driogáit). |
| Aonaid Choinnithe Ghob na Muine | Infhaighteacht dhearbhaithe, staid teasa, uaireanta reatha atá ar fáil, infhaighteacht breosla phríomhúil (HFO), an tionchar ar sheasamh MP5 sa mhargadh a íoslaghdú (seoladh MP2). |

I gcás inarb ábhartha, b'fhéidir go mbeadh sé stuama fógra a thabhairt d'aonad amháin ag Gob na Muine roimh ré i gcás corrlaigh dhochta, rud a laghdódh go mór an fógra a theastaíonn d'aonaid fhuara eile.

A luaithe a dhéantar an córas a shioncronú, déanfaidh oibreoir an chórais athbhreithniú rialta ar ionchas corrlaigh an chórais. Má léiríonn coinníollacha an chórais go bhfuil feabhas tagtha ar chorrlaigh agus go bhfuil laghdú tagtha ar an riosca easnaimh, féadfar treoir a thabhairt don aonad éirí as, faoi réir a am íoscheanglas

### 5.2.3.5 Seoladh mar fhreagairt ar rioscaí sonracha do shlándáil an tsoláthair

Bíonn roinnt cásanna nó dálaí córais ina gcúis le riosca níos mó i dtaobh shlándáil an tsoláthair, i bhfianaise na héiginnteachta bunúsaí a bhaineann le bagairt shainaitheanta a bheith ag teacht chun cinn, mar aon le méid an tionchair fhéideartha ar an gcóras. I bhfianaise na n-agaí fógra fada, d'fhéadfadh sé gur ghá ullmhú, sioncronú agus/nó rampáil Aonaid Ghob na Muine a dhéanamh ar bhonn réamhghabhálach sna cásanna nó dálaí córais sin chun an baol go dtiocfadh géarchéim leictreachais chun cinn a laghdú.

Féadfar na cásanna géarchéime leictreachais a leagtar amach in RPP a áireamh le cásanna agus dálaí córais ábhartha, ach níl siad teoranta dóibh. Tugtar roinnt samplaí sonracha sa tábla thíos.

Tábla 7: Samplaí de rioscaí do shlándáil an tsoláthair

| Cás | Dálaí córais |
|---|---|
| Foláirimh stoirme | Múchadh ardluais féideartha na giniúna gaoithe, cailliúint fhéideartha ciorcad tarchuir, cailliúint fhéideartha gnáthaonad. |
| Geimhreadh míchuibheasach / tréimhse fhuar | Ardéileamh, FIF íseal agus é sin ar fud na Breataine Móire go minic freisin, éaradh seirbhíse éigeantach níos mó agus/nó infhaighteacht gineadóirí níos lú. |
| Ualú oighir / sneachta | An riosca a bhaineann le héaradh seirbhíse suntasach a théann i bhfeidhm ar ghléasra giniúna. |
| Éigeandáil i dtaobh gás nádúrtha | Laghdú nó cur isteach ar sholáthairtí gáis arb éard atá mar thoradh air sin ná treoir ó GNI chun gás a laghdú. Infhaighteacht aonad gáis ar bhreosla tánaisteach, infhaighteacht stoic breosla thánaistigh. |
| Éaradh seirbhíse mór éigeantach | Cuirtear méideanna móra do thoilleadh gléasra giniúna nó idirnascaire as d'éigean – go háirithe ar feadh tréimhsí fada. |
| Dunkelflaute | Tréimhsí fada inar beag FIF – go háirithe i gcásanna ina dtarlaíonn sé sin ar bhonn réigiúnach (agus tionchar aige ar Thuaisceart Éireann, an Bhreatain Mhór agus codanna den Eoraip Láir), rud a chuireann teorainn le tacaíocht trasteorann fhéideartha. Is é is dóichí go dtarlódh sé sin i gcomhthráth le tréimhsí ardéilimh agus/nó rátaí arda bristigh d'éigean. |

#### 5.2.3.6 Tuairisciú agus trédhearcacht

Le hAirteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2019/941 ceanglaítear ar an Údarás Inniúil (CRU) na páirtithe leasmhara ábhartha ina Bhallstát a chur ar an eolas faoi chur i bhfeidhm aon bheart nár bearta margadhbhunaithe iad. Tacóidh EirGrid le soláthar na faisnéise céanna ach na nithe seo a leanas a dhéanamh:

1. Fógra "Riosca Easnaimh Corrlaigh" a chur amach chuig an margadh ina gcuirfear in iúl an tréimhse amach romhainn ina bhfuil riosca mór go n-eiseofaí Foláireamh Córais nó Staid Éigeandála (in éagmais aonad neamh-mhargaidh), agus ar iarradh ar aonad amháin nó níos mó ag Gob na Muine ullmhú le haghaidh sioncronú ina leith.
2. Fógra a chur amach don mhargadh maidir leis na tréimhsí ina ndearnadh aonaid Ghob na Muine a shioncronú.

3. Liosta de na dátaí agus na hamanna a cuireadh fógraí maidir le Riosca Easnaimh Corrlaigh amach agus cathain a seoladh aonaid Ghob na Muine a fhoilsiú sa Tuarascáil Bhliantúil um Fheidhmíocht an Chórais Tarchurtha Uile-Oileáin.
4. Tuarascálacha Ionchais ar Chorrlaigh Chórais a fhoilsiú dhá uair sa tseachtain lena dtaispeántar an t-ionchas leis an acmhainn arna soláthar ag aonaid Ghob na Muine agus dá huireasa.

### 5.2.4 Achoimre ar ghníomhachtú Ghob na Muine agus TEG

Tugtar achoimre sa tábla thíos ar na cúinsí a bhaineann le haonaid Ghob na Muine vs aonaid TEG a sheoladh.

Tábla 8: Achoimre ar ghníomhachtú Ghob na Muine agus TEG

| Cás | Aonaid Ghob na Muine | Aonaid TEG |
|---|---|---|
| Am seolta | Spleách ar an staid teasa. Ó fhuacht go haschur iomlán, d'fhéadfadh níos mó ná 48 uair an chloig a bheith i gceist. | 15 nóiméad go haschur iomlán. |
| Teachtaireachtaí don Mhargadh | Eisítear "Riosca Easnaimh Corrlaigh" sula dtugtar treoir nó tráth a thugtar treoir d'aonaid MP ullmhú le haghaidh sioncronú.<br>Seolann MP fógra nuair a bhíonn aonad/aonaid MP sioncronaithe. | "Foláireamh Corrlaigh" nuair a áirítear toilleadh TEG i ríomhanna corrlaigh fíor-ama<br>Fógra maidir le seoladh TEG nuair a sheoltar aonaid i bhfíor-am. |
| Seoladh | Nuair a chuirtear riosca mór in iúl sa tuar córas gur neamhleor é an toilleadh TEG atá ar fáil chun staid Foláirimh/Éigeandála Córais a sheachaint. (féach roinn 5.2.3.5) | Seoltar aonaid TEG san fhíor-am i gcás inar léir nach leor iad na bearta margadhbhunaithe ina n-aonar chun meathlú breise ar chás an tsoláthair leictreachais a chosc.<br>Ábhair mhachnaimh bhreise: Féadfar aonaid TEG a sheoladh mar fhreagairt ar rioscaí don chóras áitiúil tarchurtha (sa chás seo ní eiseofar ach fógra seolta). |
| Beartú tosaíochta | Tabharfar tús áite d'aonaid TEG seachas aonaid MP d'fhonn an tionchar ar an margadh a íoslaghdú.<br>Féadfar tús áite a thabhairt mar sin féin d'aonaid MP chun teorainneacha bliantúla maidir le huaireanta reatha TEG an chloig a bhainistiú, i gcás inar glaodh aonaid TEG chun dualgais ar bhonn rialta. | Meastar tosaíocht seolta na suíomhanna aonair TEG ar ábhair mhachnaimh oibriúcháin ag an am, lena n-áirítear an líon uaireanta reatha an chloig atá ar fáil, costas oibriúcháin (gás vs driogáit), lóistíocht (athsholáthar na stoc breosla), agus aga chun cur leis. |

| | | |
|---|---|---|
| Tuairisciú | Arna thuairisciú san Ionchas Corrlaigh Córais: tionchar an toillte MP ar chorrlaigh (bunaithe ar staid teasa).<br>Tréimhsí maidir le Riosca Easnaimh Corrlaigh.<br>Tréimhsí seolta agus na cúiseanna leo. | Ionchas Corrlaigh Córais: tionchar an toillte TEG atá ar fáil ar chorrlaigh.<br>Tréimhsí Foláirimh Corrlaigh.<br>Tréimhsí seolta agus na cúiseanna leo. |

## 5.3. Iniúchadh

Mar a cheanglaítear le Ceadúnais OCTanna, tá an próiseas sceidealaithe agus seolta faoi réir iniúchadh bliantúil. Éascaíonn an t-iniúchadh sin do dhearbhú seachtrach neamhspleách ar ghnéithe sonraithe d'oibriú agus cur chun feidhme an phróisis sceidealaithe agus seolta.

D'fhéadfadh an t-iniúchadh sásra a chur ar fáil chun eisceachtaí breise agus tuairisciú orthu a shainaithint.

Foilsíodh an tuarascáil dearbhaithe neamhspleách do 2024 sa bhliain 2026 agus is féidir í a fháil anseo: 'Tuarascáil Neamhspleách um Dhearbhú maidir le comhlíonadh gnéithe sonraithe den phróiseas um Sceidealú agus Seoladh don tréimhse 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2024'.

Ní raibh aon toradh ó iniúchadh na bliana 2024 a d'fhágfadh gur gá an BMPS a thabhairt cothrom le dáta dá bharr. Déanfar leaganacha amach anseo de BMPS a thabhairt cothrom le dáta chun torthaí iniúchtaí amach anseo a léiriú i gcás inar gá.

# 6. Foilseacháin

Tugann na OCTanna tacaíocht do sholáthar faisnéise do Rannpháirtithe agus don tionscal i gcoitinne trí mheán sonraí, próisis, modheolaíochtaí, agus tuarascálacha oibríochtúla a fhoilsiú. Is ríthábhachtach é an fhaisnéis seo a thuiscint d'fheidhmiú rianúil an mhargaidh mar bheart trédhearcachta chun cúnamh a thabhairt do phróisis chinnteoireachta na OCTanna a thuiscint. Aithnítear gur gá do ghnéithe mionsonraithe de chuid de na próisis oibríochtúla fanacht solúbtha i bhfianaise tosaíochtaí na seirbhíse agus ábhair mhachnaimh theicniúla an mhargaidh nua. Dá thoradh sin, cé go dtiocfaidh doiciméid oibríochtúla mar seo faoi réir athrú, féachfaidh na OCTanna go gcuirtear mionathruithe ar an bpróiseas in iúl do rannpháirtithe.

Tugtar breac-chuntas sna táblaí thíos ar na cineálacha difriúla foilseachán a dtacaíonn na OCTanna leo, agus tugtar roinnt samplaí d'fhoilseacháin shonracha agus naisc le doiciméid i gcás inarb infhaighte. Cuirtear síos freisin ar fhoinse na bhfoilseachán, atá ann faoi láthair nó á bhforbairt.

Tá suíomh gréasáin margaidh foilsithe ag na OCTanna lena n-áirítear leathanach le haghaidh 'Freagrachtaí OCT'[38]. Tá sé ar fáil sa chuid maidir le foilseacháin de chuid www.SEM-O.com agus feidhmeoidh sé mar phointe tagartha d'fhoilseacháin a bhaineann leis an bpróiseas sceidealaithe agus seolta. Tá liosta táscach foilseachán curtha ar bun againn sa chuid seo ar mhaithe le léiriúchán.

[38] www.sem-o.com/publications/tso-responsibilities/

## 6.1. Foinsí Foilseachán

Leagtar amach foinsí na bhfoilseachán do shonraí oibríochtúla sa tábla thíos.

Tábla 9: Foinsí na bhfoilseachán do na sonraí oibríochtúla

| Foinse | Tuairisc | Nasc |
|---|---|---|
| Ardán Trédhearcachta ENTSO-E | Ardán Eorpach chun sonraí oibríochtúla ó chórais chumhachta ar fud na hEorpa a chomhroinnt. | https://transparency.entsoe.eu |
| Suíomh gréasáin EirGrid | Suíomh gréasáin corparáideach ina dtugtar meascán sonraí oibríochtúla agus tuairiscí. | www.eirgrid.ie |
| Suíomh Gréasáin SONI | Suíomh gréasáin corparáideach ina dtugtar meascán sonraí oibríochtúla agus tuairiscí. | www.soni.ltd.uk |
| Suíomh Gréasáin SEMO | Suíomh gréasáin margaidh - foinse sonraí do Rannpháirtithe Margaidh. Áirítear leis an leathanach maidir le Freagrachtaí OCT. | www.sem-o.com |
| Deais Ghrúpa EirGrid don Eangach Chliste | Feidhmchlár gréasán-bhunaithe lena gcumasaítear úsáideoirí le hamharc ar phríomhfhaisnéis córais cumhachta | https://www.smartgriddashboard.com/#all |

| | | |
|---|---|---|
| | uile-oileáin, agus lena híoslódáil. | |
| Suíomh Gréasáin Margaidh Roimhe Seo | Suíomh gréasáin margaidh roimhe seo le sonraí beo réamhsheolta agus doiciméadacht tionscadail ISEM. | https://www.sem-o.com/legacy/ |
| Comhéadan Margaidh Cothromúcháin (BMI) | An Comhéadan idir Rannpháirtithe agus córais mhargaidh OCTanna. | Ar fáil do Rannpháirtithe sa Mhargadh |
| Seirbhís Tuairiscithe an tSásra Cothromúcháin (BMRS) | OCT na Breataine Móire chun sonraí a chur ar fáil i ndáil le socruithe um Chothromú agus Socrú Leictreachais sa Bhreatain Mhór | https://bmrs.elexon.co.uk/ |

## 6.2. Sonraí Oibríochtúla

Tá sonraí oibríochtúla comhdhéanta de na hionchuir leis an bpróiseas sceidealaithe agus seolta, agus de na haschuir uathu. Is minic iad seo a bheith comhdhéanta de mhéideanna móra tuairiscí arna nginiúint go huathoibríoch, a chuirtear ar fáil ar bhonn rialta. Tá roinnt de na sonraí sin curtha ar fáil cheana féin trí mheán shuíomh gréasáin EirGrid, SONI agus SEMO, Ardán Trédhearcachta ENTSO-E agus tá comhéadain nua forbartha chun tacú leis an MLA.

Tá os cionn 80 tuairisc MLA ar fáil do Rannpháirtithe Margaidh. Tá cur síos ar gach tuairisc le fáil sa doiciméad 'Sonraíocht Theicniúil I-SEM (ITS) Imleabhar C: Margadh Cothromúcháin'. Tabhair ar aird go bhfuil na tuairiscí seo ann le haghaidh Rannpháirtithe cláraithe – tá roinnt acu 'ar fáil go poiblí do na baill' (tá an tuairisc ar fáil do gach Rannpháirtí), tá cinn eile 'ar fáil go príobháideach do na baill' (níl an tuairisc ar fáil ach don Rannpháirtí sonrach). Tá líon mór tuairiscí ar fáil freisin ar Ardán Trédhearcachta ENTSO-E agus ar shuíomh gréasáin SEMO freisin. Tugtar sampla na dtuairiscí sa tábla thíos. Déantar dúbláil ar roinnt de na tuairiscí sin idir na hardáin

dhifriúla óir tá siad forbartha chun ceanglais dhifriúla a chomhlíonadh amhail inrochtaineacht seachas comhoiriúnacht na gcóras TF.

**Tábla 10: Foinsí samplacha do na sonraí oibríochtaí córais**

| Sampla Sonraí Oibríochtúla | Foinse |
|---|---|
| Sonraí maidir le hÉileamh | |
| Réamhaisnéis Éilimh (ENTSO-E) | ENTSO-E TP |
| Fíorluach Éilimh (ENTSO-E) | ENTSO-E TP |
| Réamhaisnéis Éilimh (Tuairisc Statach ar Shonraí Margaidh) | Suíomh Gréasáin SEMO |
| Réamhaisnéis Éilimh (Tuairisc Dhinimiciúil ar Shonraí Margaidh) | Suíomh Gréasáin SEMO |
| Fíorluach Éilimh (Deais Eangaí Cliste / Córas Faisnéise) | Suíomhanna gréasáin EirGrid /SONI |
| Réamhaisnéis Éilimh (BMI) | BMI |
| Sonraí Gaoithe agus Gréine | |
| Réamhaisnéis Ghaoithe agus Ghréine (ENTSO-E) | ENTSO-E TP |
| Fuinneamh Iarbhír Gaoithe agus Gréine (ENTSO-E) | ENTSO-E TP |
| Fuinneamh Tuartha Gaoithe (Deais na hEangaí Cliste / Faisnéis Chórais) | Suíomhanna gréasáin EirGrid /SONI |
| Gaoth Iarbhír (Deais na hEangaí Cliste / Faisnéis Chórais) | Suíomhanna gréasáin EirGrid /SONI |
| Réamhaisnéis Chomhiomlánaithe Ghaoithe (Tuairisc Statach ar Shonraí Margaidh) | Suíomh Gréasáin SEMO |
| Réamhaisnéis Chomhiomlánaithe Ghaoithe (Tuairisc Dhinimiciúil ar Shonraí Margaidh) | Suíomh Gréasáin SEMO |
| Réamhaisnéis Chomhiomlánaithe Ghaoithe agus Ghréine (BMI) | BMI |
| Réamhaisnéis ar Aonaid Ghaoithe (BMI) | BMI |
| Sceidil Oibríochtaí Tháscacha | |

| Sampla Sonraí Oibríochtúla | Foinse |
|---|---|
| LTS Sceideal Oibríochtaí Táscach (Tuairisc Statach ar Shonraí Margaidh) | Suíomh Gréasáin SEMO |
| RTC Sceideal Oibríochtaí Táscach (Tuairisc Statach ar Shonraí Margaidh) | Suíomh Gréasáin SEMO |
| LTS Sceideal Oibríochtaí Táscach (BMI) | BMI |
| RTC Sceideal Oibríochtaí Táscach (BMI) | BMI |
| RTD Sceideal Oibríochtaí Táscach (BMI) | BMI |
| Nóta Faisnéise maidir le Sceidil agus Seoladh Oibríochtaí Táscacha (Freagrachtaí OCT) | Suíomh Gréasáin SEMO |
| Treoracha maidir le Seoladh | |
| Treoracha maidir le Seoladh in aghaidh Uair an Chloig (Tuairisc Statach ar Shonraí Margaidh) | Suíomh Gréasáin SEMO |
| Treoracha do Sheoladh Laethúil D+1 (Tuairisc Statach um Shonraí Margaidh) | Suíomh Gréasáin SEMO |
| Treoracha do Sheoladh Laethúil D+4 (Tuairisc Statach um Shonraí Margaidh) | Suíomh Gréasáin SEMO |
| Treoracha maidir le Seoladh in aghaidh Uair an Chloig (BMI) | BMI |
| Treoracha do Sheoladh Laethúil D+1 (BMI) | BMI |
| Treoracha do Sheoladh Laethúil D+4 (BMI) | BMI |
| Éarthaí Seirbhíse | |
| Plean Uile-Oileáin maidir le hÉarthaí Giniúna (Freagrachtaí OCT) | Suíomh Gréasáin SEMO |
| Tuairisc Laethúil maidir le Sceidil d'Éarthaí Seirbhíse Gineadóirí agus DSU (BMI) | BMI |
| Plean EirGrid maidir le hÉaradh Seirbhíse Tarchurtha (Faisnéis maidir le hÉaradh) | Suíomh gréasáin EirGrid |

| Sampla Sonraí Oibríochtúla | Foinse |
|---|---|
| Clár Uile-Oileáin maidir le hÉarthaí Tarchurtha (Freagrachtaí OCT) | Suíomh Gréasáin SEMO |
| Plean EirGrid maidir le hÉaradh Seirbhíse Tarchuir (Freagrachtaí OCT) | Suíomh Gréasáin SEMO |
| Éaradh Seirbhíse Tarchurtha SONI (Faisnéis maidir le hÉaradh Seirbhíse) | Suíomh Gréasáin SONI |
| Tuairisc Laethúil maidir le Sceidil d'Éarthaí Seirbhíse Tarchurtha (Tuairisc Statach um Shonraí Margaidh) | Suíomh Gréasáin SEMO |
| Tuairisc Laethúil maidir le Sceidil d'Éarthaí Seirbhíse Tarchurtha (BMI) | BMI |
| Tuarascálacha ar Shrianta | |
| Nuashonrú ar Shrianta - seachtainiúil (Freagrachtaí OCT) | Suíomh Gréasáin SEMO |
| Nuashonrú ar Shrianta - ad hoc (Freagrachtaí OCT) | Suíomh Gréasáin SEMO |
| Nóta Faisnéise maidir le Srianta um Shreabhadh Idir-Limistéir (Freagrachtaí OCT) | Suíomh Gréasáin SEMO |
| Nóta Faisnéise maidir le Grúpaí Srianta d'Uirlis Seolta Gaoithe (Freagrachtaí OCT) | Suíomh gréasáin EirGrid |
| Eile | |
| Paraiméadair Bheartais maidir le Sceidealú agus Seoladh | Suíomh Gréasáin SEMO |
| Aonad faoi Thástáil (Tuairisc Statach agus Dhinimiciúil ar Shonraí Margaidh) | Suíomh Gréasáin SEMO |
| Aonad faoi Thástáil (BMI) | BMI |
| Sonraí an Chiorcaid Léasa Thuaidh-Theas agus Idirnascaire na Maoile | Suíomh Gréasáin SONI |
| Praghsanna Cothromúcháin Trasteorann | Suíomh Gréasáin BMRS |
| Tuairisc ar Chorrlaigh Chórais (Luan / Aoine) | Suíomh Gréasáin SEMO |

## 6.3. Próisis Oibríochtúla

Leagtar amach sna próisis oibríochtúla gníomhaíochtaí oibríochtúla na OCTanna ó thús deireadh maidir le gnéithe éagsúla den phróiseas sceidealaithe agus seolta. Is próisis chomónta de chuid EirGrid agus SONI iad seo ina ndéantar cur síos ar ghníomhartha céim ar chéim a ghlactar sa phleanáil ghearrthéarmach agus oibriú fíor-ama an chórais cumhachta. Mar dhoiciméid oibríochtúla tiocfaidh siad faoi réir athrú. Leanann na OCTanna ag forbairt na ndoiciméad sin lena gcur i bhfeidhm sa MLA. Foilsíonn na OCTanna próisis oibríochtúla nuashonraithe ar leathanach Freagrachtaí OCT i suíomh gréasáin SEMO.

## 6.4. Modheolaíochtaí

Foilsíonn na OCTanna roinnt modheolaíochtaí i ndáil leis an bpróiseas sceidealaithe agus seolta; baineann na modheolaíochtaí sin leis an méid seo a leanas:

Tábla 11: Modheolaíochtaí foilsithe sceidealaithe agus seolta

| Modheolaíocht | Foinse |
|---|---|
| Modheolaíocht chun na Paraiméadair Bheartais maidir le Sceidealú agus Seoladh a Chinneadh | N/A - níl fáil uirthi faoi láthair. |
| Modheolaíocht Réamhaisnéise Éilimh Ghearrthéarmaigh | Suíomh Gréasáin SEMO |
| Modheolaíochta Réamhaisnéise Gaoithe agus Gréine | Suíomh Gréasáin SEMO |
| Oibreoir Córais agus Marcáil Neamh-Imeallach | Suíomh Gréasáin SEMO |
| An Toilleadh Eatramhach Traschreasach a Ríomh | Socruithe Eatramhacha Traschreasacha OCT le haghaidh tosach feidhme GB-ISEM |
| Modheolaíocht le Soláthar Íosta Toillte Cúltaca a Chinneadh maidir le FCR sa Limistéar Sioncronach | SAOA |
| Modheolaíocht le Teorainneacha a Chinneadh maidir leis an Méid Babhtála agus Comhroinnte FRR idir Limistéir Shioncronacha | SAOA |

| | |
|---|---|
| Modheolaíocht le Teorainneacha a Chinneadh maidir leis an Méid Babhtála agus Comhroinnte RR idir Limistéir Shioncronacha | SAOA |
| Modheolaíocht le Measúnú a dhéanamh ar Riosca agus Éabhlóidiú ar Ídiú FCR i Limistéar Sioncronach IE/NI | SAOA |
| Modheolaíocht leis an Diall Ama Leictreach a Laghdú | SAOA |
| Srianta Rampála don Aschur Cumhachta Gníomhaí | LFCBOA |

## 6.5. Tuarascálacha

Foilsíonn na OCTanna roinnt tuarascálacha ráithiúla agus bliantúla ina gcuirtear faisnéis ar fáil do Rannpháirtithe maidir le toradh an phróisis sceidealaithe agus seolta.

**Tábla 12: Tuarascálacha a fhoilsítear go minic ar thoradh an Phróisis Sceidealaithe agus Seolta**

| Tuarascáil | Foinse |
|---|---|
| Seoladh Anuas In-athnuaite Ráithiúil (Srian & Ciorrúchán) | Suíomhanna gréasáin EirGrid / SONI agus Suíomh gréasáin SEMO |
| Seoladh Anuas In-athnuaite Bliantúil (Srian & Ciorrúchán) | Suíomhanna gréasáin EirGrid / SONI agus Suíomh gréasáin SEMO |
| Olltoradh Ráithiúil um Chostais Srianta | Suíomh Gréasáin EirGrid agus Suíomh Gréasáin SEMO |
| Tuarascáil Bhliantúil um Fheidhmíocht an Chórais Tarchurtha Uile-Oileáin | Suíomhanna gréasáin EirGrid / SONI agus Suíomh gréasáin SEMO |
| Tuarascáil Feidhmíochta maidir le Paraiméadair Bheartais um Sceidealú agus Seoladh | Suíomh Gréasáin SEMO |
| Tuarascáil Iniúchta Bhliantúil ar Phróiseas Sceidealaithe agus Seolta | Suíomhanna gréasáin EirGrid / SONI agus Suíomh gréasáin SEMO |

# Aguisín 1 Creat Oibleagáidí

Mar a thugtar breac-chuntas air sa chuid de BMPS dar teideal 'Faisnéis Thábhachtach' ar leathanach 2, tiocfaidh an reachtaíocht agus oibleagáidí eile a liostaítear in Aguisín 1 seo faoi réir athrú ó am go chéile. Tá Aguisín 1 seo ceaptha mar threoir agus liosta príomhoibleagáidí, agus níor cheart a mheas gurb aguisín uileghabhálach é.

Leagtar amach san aguisín seo oibleagáidí OCTanna faoin reachtaíocht Eorpach agus náisiúnta, na rialacháin is infheidhme agus na cóid is infheidhme a bhaineann go sonrach leis an bpróiseas sceidealaithe agus seolta ar a dtugtar breac-chuntas sa Ráiteas maidir le Prionsabail an Mhargaidh Chothromúcháin.

**Fógra Tábhachtach:** Ní bheidh feidhm ag reachtaíocht an Aontais Eorpaigh i dTuaisceart Éireann ach amháin laistigh de raon feidhme an Phrótacail maidir le Tuaisceart Éireann. Go sonrach, beidh feidhm go leanúnach ag reachtaíocht an Aontais Eorpaigh lena rialaítear margaí leictreachais mórdhíola i gcomhréir le hAirteagal 9 agus Iarscríbhinn 4 den Phrótacal maidir le Tuaisceart Éireann. Mar shampla, beidh feidhm go leanúnach ag Treoir (AE) 2019/944, Rialachán (AE) Uimh. 2019/943 agus Rialachán (AE) Uimh. 1227 / 2011 maidir le Tuaisceart Éireann (faoi réir coinníollacha áirithe) ar an mbonn sin

Forálacha áirithe eile de reachtaíocht an Aontais Eorpaigh atá le fáil in Iarscríbhinn 4 den Phrótacal um Thuaisceart Éireann, féadfaidh feidhm a bheith acu go fóill i dtaca le Tuaisceart Éireann más rud é gurb iad na forálacha sin na cinn lena mbeidh feidhm in Éirinn, agus lena rialaítear margaí mórdhíola leictreachais, agus ar gá iad do chomhoibriú an Mhargaidh Leictreachais Aonair. Ní féidir gach foráil den chineál sin a liostú go huileghabhálach san Aguisín 1 seo.

## Aguisín 1.1 Forbhreathnú

Tugtar forbhreathnú sa tábla thíos ar an gcreat oibleagáidí lena rialaítear oibleagáidí na OCTanna i ndáil leis an bpróiseas sceidealaithe agus seolta. Tugtar breis sonraí thíos.

| | |
|---|---|
| Reachtaíocht Eorpach | Áirítear an méid a leanas leis an reachtaíocht ábhartha Eorpach:<br>• Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena leasaítear Treoracha 2004/8/CE agus 2006/32/CE. |

| | |
|---|---|
| | • Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn.<br>• Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE[39]arna leasú le Treoir (AE) 2024/1711.<br>• Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas, arna leasú le Rialachán (AE) 2024/1747.<br>• Rialachán (AE) 2015/1222 ón gCoimisiún lena mbunaítear treoirlíne maidir le leithdháileadh toillte agus bainistiú ar phlódú (CACM);<br>• Rialachán (AE) 543/2013 ón gCoimisiún maidir le sonraí faoi mhargaí leictreachais a chur isteach agus a fhoilsiú, agus lena leasaítear Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh 714/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.<br>• Rialachán (AE) Uimh 1227/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sláine agus trédhearcacht an mhargaidh mórdhíola fuinnimh (REMIT); agus<br>• Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026 / 256 ón gCoimisiún maidir le tuairisciú sonraí lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 7c(2), Airteagal 8(1a), Airteagal 8(2) agus Airteagal 8(6) de REMIT; |

[39] Ní bheidh feidhm i dTuaisceart Éireann ach ag na gnéithe den treoir seo atá trasuite sa dlí áitiúil.

| | |
|---|---|
| | • Rialachán (AE) 2017/1485 ón gCoimisiún lena mbunaítear treoirlíne maidir le hoibríocht córas tarchurtha leictreachais (SOGL);<br>• Rialachán (AE) 2017/2195 ón gCoimisiún lena mbunaítear treoirlíne maidir le cothromú leictreachais (EBGL); agus<br>• Rialachán (AE) 2017/2196 ón gCoimisiún lena mbunaítear cód líonra maidir le héigeandálaí leictreachais agus athbhunú leictreachais (NCER).<br>Beidh oibleagáidí breise ar na OCTanna faoi Rialacháin nó Treoracha eile an Aontais Eorpaigh nach bhfuil tugtha i gcrích ná tagtha i bhfeidhm fós. Tabharfar an BMPS sin cothrom le dáta ó am go ham i gcomhréir le Ceadúnais OCTanna chun a gcuid oibleagáidí a léiriú. |
| Reachtaíocht Náisiúnta | Áirítear an méid seo a leanas le reachtaíocht Thuaisceart Éireann:<br>• IR 231 de 1992: *The Electricity (Northern Ireland) Order (1992)*.<br>• SR 198 de 2014: Na Rialacháin um Éifeachtúlacht Fuinnimh; agus<br>• SR 306 de 2020: Rialacháin Leictreachais (Seoladh Tosaíochta).<br>Áirítear an méid seo a leanas le reachtaíocht na hÉireann:<br>• I.R. 426/2014 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éifeachtúlacht Fuinnimh) 2014.<br>• I.R. 483/2014 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Fuinneamh In-athnuaite) 2014. |

| | |
|---|---|
| | • I.R. 60/2005 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (An Margadh Inmheánach sa Leictreachas) 2005 (arna leasú); agus<br>• I.R. 445/2000 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (An Margadh Inmheánach sa Leictreachas) 2000 (arna leasú). |
| Ceadúnais | • Ceadúnas Oibreora Córais Tarchuir EirGrid<br>• Ceadúnas Oibreora Margaidh EirGrid.<br>• Ceadúnas SONI um Oibritheoir Córais Tarchurtha; agus<br>• Ceadúnas Oibreora Margaidh SONI. |
| Cóid | • Cód Eangaí EirGrid.<br>• Cód Eangaí SONI; agus<br>• Cód Trádála agus Socraíochta. |
| Cinntí Rialála | Braitheann suíomh na gcinntí RA san ordlathas oibleagáidí ar na *vires* is infheidhme maidir leis an gcinneadh sin.<br>I measc Phríomhchinntí Choiste MLA tá na cinn seo a leanas:<br>• MLA-11-105 Láimhseáil Giniúna maidir le Glacadh le Praghsanna i gcás Babhtaí Réitigh sa Seoladh.<br>• MLA-11-062 Prionsabail an tSeolta agus Dearadh Sceideal an Mhargaidh.<br>• MLA-15-065 Margadh faoi Dhearadh Mionsonraithe Comhshocraíochta Trádála Fuinnimh. |

| | |
|---|---|
| | • MLA-17-020 Rialuithe Casta um Ordú Tairiscintí i Margadh Cothromúcháin I-SEM.<br>• MLA-20-072 Páipéar Cinnidh ar Incháilitheacht do Sheoladh Tosaíochta de bhun Rialachán (AE) 2019/943.<br>• MLA-25-059 I-SEM Paraiméadair Bheartais agus Sceidealú agus Paraiméadair Sheolta 2026.<br>I measc na bPríomhchinntí de chuid CRU agus Rialtóirí Fóntais tá na cinn seo a leanas:<br>• Cinneadh arna dhéanamh ag Údaráis Rialála na hÉireann agus Thuaisceart Éireann maidir le Comhaontú Oibriúcháin leasaithe an Limistéir Shioncronaigh d'Éirinn agus do Thuaisceart Éireann agus Comhaontú Oibriúcháin um Bloc Rialaithe Lódmhinicíochta na hÉireann agus Thuaisceart Éireann[40] |

## Aguisín 1.2 Creat um Oibleagáidí Slándála Oibríochtúla

Cuirtear i láthair thíos an creat oibleagáidí lena rialaítear oibleagáidí OCTanna chun slándáil oibríochtúil a chinntiú.

| | |
|---|---|
| Reachtaíocht Eorpach | • Treoir (AE) 2019/944 maidir leis an margadh inmheánach sa leictreachas (Airteagal 40)[41];<br>• Rialachán (AE) 2019/943 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas, arna leasú le Rialachán (AE) 2024/1747.<br>• Rialachán (AE) 2015/1222 ón gCoimisiún lena mbunaítear treoirlíne maidir le leithdháileadh acmhainneachta agus bainistiú ar phlódú. |

[40] https://www.uregni.gov.uk/files/uregni/media-files/2019.15.11%20SAOA%20LFCBOA%20LFCAOA%20decision%20paper%20final%20draft_v4.pdf

[41] Ní bheidh feidhm i dTuaisceart Éireann ach ag na gnéithe den treoir seo atá trasuite sa dlí áitiúil.

| | |
|---|---|
| | • Rialachán (AE) 2017/1485 ón gCoimisiún lena mbunaítear treoirlíne maidir le hoibríocht córas tarchurtha leictreachais,<br>• Rialachán (AE) 2017/2196 ón gCoimisiún lena mbunaítear cód líonra maidir le héigeandálaí leictreachais agus athbhunú leictreachais; agus<br>• Rialachán (AE) 2019/941 ón gCoimisiún maidir le riosca-ullmhacht in earnáil an leictreachais. |
| Reachtaíocht Náisiúnta | <u>Éire</u><br>• Rialacháin na gComhphobal Eorpach (An Margadh Inmheánach sa Leictreachas), 2000 (I.R. 445 / 2000) (arna leasú) (Rialachán 8).<br>• An tAcht um EirGrid, Leictreachas agus Móin (Leasú) 2022 [I.R. 17/2022].<br><u>Tuaisceart Éireann</u><br>• An tOrdú um Leictreachas (Tuaisceart Éireann) 1992 (arna leasú) (Airteagal 12); agus Cód Thuaisceart Éireann um Shlándáil an tSoláthair Bhreosla. |
| Ceadúnais | <u>Éire</u><br>• Ceadúnas Oibritheora Córais Tarchurtha (Coinníoll 1(8), Coinníoll 3(1), Coinníoll 4(1), Coinníoll 10A (2, 5), Coinníoll 15 agus Coinníoll 16).<br><u>Tuaisceart Éireann</u><br>• Ceadúnas Oibritheora Córais Tarchurtha (Coinníoll 14, Coinníoll 20, Coinníoll 21, agus Coinníoll 22A (2, 5)), Coinníoll 29 [míreanna faoin gcomhaontú um malartú breosla]. |
| Cóid | • Cód Eangaí EirGrid (SDC 1 agus SDC 2). |

| | |
|---|---|
| | • Cód Eangaí SONI (SDC 1 agus SDC 2); agus<br>• Cód Trádála agus Socraíochta (Cuid A.2.1.4). |
| Cinntí Rialála | Éire<br>• "Security of Electricity Supply – Retention of Moneypoint Units (MP1, MP2 & MP3)", Páipéar Faisnéise de chuid CRU dar dáta 17/10/2023<br>• "Electricity Security of Supply Program of Work Update April 2024", Nóta Faisnéise de chuid CRU<br>• Plean Riosca-Ullmhachta CRU Éireann don Earnáil Leictreachais (2026-2029) CRU2025240[42] |

## Aguisín 1.3 Creat um Oibleagáidí Seolta Tosaíochta

Cuirtear i láthair thíos an creat oibleagáidí lena rialaítear oibleagáidí na OCTanna go sonrach maidir leis an gcaoi a gcaitear le giniúint seolta tosaíochta.

| | |
|---|---|
| Reachtaíocht Eorpach | • Treoir 2009/28/CE maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (Airteagal 16);<br>• Treoir 2009/72/CE maidir leis an margadh inmheánach sa leictreachas (Airteagal 14(7)); agus<br>• Treoir 2012/27/AE maidir le éifeachtúlacht fuinnimh, Treoracha leasaitheacha 2004/8/CE agus 2006/32/CE (Airteagal 15). |

[42] Plean Riosca-Ullmhachta CRU Éireann don Earnáil Leictreachais (2026-2029) CRU2025240

| | |
|---|---|
| | • Rialachán (AE) 2019/943 ó pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas, arna leasú le Rialachán (AE) 2024/1747. |
| Reachtaíocht Náisiúnta | Éire<br>• An tAcht um Rialáil Leictreachais, 1999 (Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí) Ord 2002 (arna leasú) (Cuid 21).<br>• Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Fuinneamh In-athnuaite), 2014 (I.R. Uimh 483/2014) (Rialachán 4); agus<br>• Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éifeachtúlacht Fuinnimh), 2014 (I.R. 426 / 2014) (Rialachán 35).<br>Tuaisceart Éireann<br>• An tOrdú um Leictreachas (Tuaisceart Éireann), 1992 (arna leasú) (Airteagal 11AB);<br>• Rialacháin Leictreachais (Seoladh Tosaíochta) (Tuaisceart Éireann) 2012 (arna leasú);<br>• Na Rialacháin um Éifeachtúlacht Fuinnimh (Tuaisceart Éireann) 2014 (Cuid 12); agus<br>• Na Rialacháin Leictreachais (Seoladh Tosaíochta) (Tuaisceart Éireann) 2020 |
| Ceadúnais | Éire<br>• Ceadúnas Oibritheora Córais Tarchurtha (Coinníoll 10A(5)).<br>Tuaisceart Éireann<br>• Ceadúnas Oibritheora Córais Tarchurtha (Coinníoll 9A, Coinníoll 22A(5)). |
| Cóid | • Cód Eangaí EirGrid (SDC 1.4.7.3); agus |

| | |
|---|---|
| | • Cód Eangaí SONI (SDC 1.4.8.3). |
| Cinntí Rialála | Cinntí Choiste MLA:<br>• Cinneadh MLA 11-062 (Prionsabail an tSeolta agus Dearadh Sceideal an Mhargaidh).<br>• Cinneadh MLA-11-105 (Láimhseáil Giniúna maidir le Glacadh le Praghsanna i gcás Babhtaí Réitigh sa Seoladh).<br>• Cinneadh MLA-13-012 (Grúpaí Sriantachta a Thagann chun Cinn mar gheall ar MLA-11-105); agus 13-010 [2013]; 13-010 [2013] (ii); agus 13-010 (ii) Iarthéacs [2025]<br>• MLA-20-072 Páipéar Cinnidh ar Incháilitheacht do Sheoladh Tosaíochta de bhun Rialachán (AE) 2019/943<br>• Cinneadh MLA-21-088 (Paraiméadair Bheartais I-MLA agus Sceidealú agus Paraiméadair Sheolta).<br>• Cinneadh MLA-15-064 (Dearadh Mionsonraithe Comhshocraíochtaí Trádála Fuinnimh – Páipéar Cinnidh faoi Bhloic Thógála); agus<br>• Litir an 09 Feabhra 2024 (RA Response to EirGrid_SONI.pdf) |

## Aguisín 1.4 Oibríocht Éifeachtúil an Chreata Oibleagáidí MLA

Cuirtear i láthair thíos an creat oibleagáidí lena rialaítear oibleagáidí na OCTanna chun córas leictreachais atá slán, iontaofa agus éifeachtúil a chinntiú.

| | |
|---|---|
| Reachtaíocht Eorpach | • Treoir (AE) 2024/944 maidir leis an margadh inmheánach sa leictreachas (Airteagal 40). |

| | |
|---|---|
| | • Rialachán (AE) 2015/1222 ón gCoimisiún lena mbunaítear treoirlíne maidir le leithdháileadh acmhainneachta agus bainistiú ar phlódú.<br>• Rialachán (AE) 2017/1485 ón gCoimisiún lena mbunaítear treoirlíne maidir le hoibríocht córas tarchurtha leictreachais (SOGL);<br>• Rialachán (AE) 2017/2195 ón gCoimisiún lena mbunaítear treoirlíne maidir le cothromú leictreachais (EBGL)<br>• Rialachán (AE) 2017/2196 ón gCoimisiún lena mbunaítear cód líonra maidir le héigeandálaí leictreachais agus athbhunú leictreachais. |
| Reachtaíocht Náisiúnta | Éire<br>• Rialacháin na gComhphobal Eorpach (An Margadh Inmheánach sa Leictreachas), 2000 (I.R. 445 / 2000) (arna leasú) (Rialachán 8); agus<br>• Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éifeachtúlacht Fuinnimh), 2014 (I.R. 426 / 2014) (Rialachán 35).<br>Tuaisceart Éireann<br>• An tOrdú um Leictreachas (Tuaisceart Éireann) 1992 (arna leasú) (Airteagal 12); agus<br>• Rialacháin um Éifeachtúlacht Fuinnimh (Tuaisceart Éireann) 2014. |
| Ceadúnais | Éire<br>• Ceadúnas Oibritheora Córais Tarchurtha (Coinníoll 1(8), Coinníoll 10A agus Coinníoll 26).<br>Tuaisceart Éireann<br>• Ceadúnas Oibritheora Córais Tarchurtha (Coinníoll 16 agus Coinníoll 22A). |
| Cóid | • Cód Eangaí EirGrid (SDC 1.2, SDC 1.4.7.2, SDC 1.4.7.3).<br>• Cód Eangaí SONI (SDC 1.2, SDC 1.4.8.2, SDC 1.4.8.3); agus |

| | |
|---|---|
| | • Cód Trádála agus Socraíochta (Cuid A.2.1.4). |
| Cinntí Rialála | Cinntí Choiste MLA:<br>• MLA-11-062 Prionsabail an tSeolta agus Dearadh Sceideal an Mhargaidh.<br>• MLA-15-065 Páipéar Cinnidh an Mhargaidh faoi Dhearadh Mionsonraithe Comhshocraíochta Trádála Fuinnimh; agus<br>• MLA-21-088 Paraiméadair Bheartais agus Paraiméadair Sheolta a Sceidealú. |

## Aguisín 1.5 Creat um Oibleagáidí Trédhearcachta

Cuirtear i láthair thíos an creat oibleagáidí lena rialaítear oibleagáidí OCTanna go sonrach i ndáil le hiomláine agus trédhearcacht mhéadaitheach an MLA.

| | |
|---|---|
| Reachtaíocht Eorpach | • 1227/2011 maidir le sláine agus trédhearcacht an mhargaidh mórdhíola fuinnimh ("REMIT").<br>• 2026/256 ón gCoimisiún maidir le sonraí a thuairisciú, lena gcuirtear Airteagal 7c(2), Airteagal 8(1a), Airteagal 8(2) agus Airteagal 8(6) de REMIT chun feidhme; agus<br>• 543/2013 ón gCoimisiún maidir le sonraí a thíolacadh agus a fhoilsiú i dtaca leis na margaí leictreachais.<br>• Rialachán (AE) 2017/1485 ón gCoimisiún lena mbunaítear treoirlíne maidir le hoibríocht córas tarchurtha leictreachais (SOGL); |
| Ceadúnais | <u>Éire</u><br>• Ceadúnas Oibritheora Córais Tarchurtha (Coinníoll 10A, Coinníoll 10B, Coinníoll 26 agus Coinníoll 27).<br><u>Tuaisceart Éireann</u> |

| | |
|---|---|
| | • Ceadúnas Oibritheora Córais Tarchurtha (Coinníoll 7, Coinníoll 22A agus Coinníoll 22B). |
| Cóid | • Cód Trádála agus Socraíochta (Cuid A.2.1.4). |
| Cinntí Rialála | Cinntí Choiste MLA:<br>• Cinneadh MLA-15-065 Páipéar Cinnidh an Mhargaidh faoi Dhearadh Mionsonraithe Comhshocraíochta Trádála Fuinnimh; agus<br>• Cinneadh MLA-16-058 Téarmaí Tagartha don Ráiteas faoi Phrionsabail an Mhargaidh a Chothromú maidir le Comhshocraíochtaí Trádála Fuinnimh I-MLA. |

# Aguisín 2 An Próiseas maidir le Sceidealú agus Seoladh

**Sna codanna seo a leanas cuirtear síos ar phróiseas an sceidealaithe agus an tseolta a leanann na OCTanna in MLA. Tá próiseas na OCTanna i ndiaidh athrú go mór mar gheall ar shocraíochtaí athbhreithnithe an mhargaidh agus fanfaidh siad faoi athbhreithniú ar bhonn leanúnach. Dá bhrí sin tá an próiseas seo faoi réir athrú leanúnach. Léireofar aon athruithe i leaganacha uasdátaithe BMPS amach anseo.**

Is próiseas dinimiciúil é an sceidealú agus seoladh a thugann cuntas i ndálaí fíor-ama agus réamhthuartha agus in ionchuir eile a bhíonn ag athrú ar bhonn leanúnach. Forluíonn agus idirghníomhaíonn céimeanna den phróiseas lena chéile, ach chun críche na tuairisce seo tá an próiseas curtha i láthair ag na OCTanna i seicheamh loighciúil de phróiseáil sonraí ionchuir, sceidealú agus ansin eisiúint Treoracha maidir le Seoladh. Cuireann na OCTanna in iúl na hamlínte a n-oibríonn gach ceann de na céimeanna sin dá réir agus, nuair is féidir, soláthraíonn siad tagairt do Phróiseas Oibríochtúil foilsithe nó d'fhoilseachán atá ábhartha don chéim sin. Tabhair do d'aire go bhfuil Próisis Oibríochtúla agus foilseacháin ábhartha eile faoi réir athbhreithniú leanúnach agus foilsítear fo-thacar próiseas.




Fíor 10: Léargas Ginearálta ar Phróiseas an Sceidealaithe agus an tSeolta

## Aguisín 2.1 Próiseáil Sonraí Ionchuir

Déantar cur síos i gcuid 2 ar na hionchuir do phróiseas an sceidealaithe agus an tseolta.  Déantar na hionchuir sin a athlua sa tábla seo a leanas in éineacht le cur síos ar an gcaoi a bpróiseáiltear na sonraí ionchuir seo lena gcur i bhfeidhm i bpróiseas an sceidealaithe agus an tseolta.

Tá réimse leathan ionchur i gceist le próiseas an sceidealaithe agus an tseolta, ó pharaiméadair atá réasúnta seasmhach agus réamhaisnéisí a chuimsíonn roinnt laethanta go síorathrú ar dhálaí an chórais cumhachta.  Toisc go bhfuil próiseas an sceidealaithe roinnte ina thrí achar ama, bíonn sonraí ionchuir difriúla ábhartha do gach cineál reatha sceidealaithe (RTD, RTC agus LTS mar a chuirtear síos orthu in Aguisín 2.2).  Tá gach rith sceidealaithe bunaithe ar roghbhlúire de na hionchuir atá ábhartha don achar ama a bhfuil an sceideal ag optamú lena linn.

| Amlínte | Tuairisc | Tagairtí |
|---|---|---|
| Ad hoc | **Praghsanna Deicriminteacha Diúltacha d'Aonaid Seolta Tosaíochta:**<br><br>Sannann na OCTanna an stádas seolta tosaíochta le linn phróiseas an sceidealaithe agus an tseolta trí raon praghsanna deicriminteacha diúltacha réamhshocraithe a leithdháileadh do na haonaid a shainítear le haghaidh seoladh tosaíochta (féach an chuid faoi Ionchuir).  Léiríonn na praghsanna sin a suíomh coibhneasta in ordlathas an tseolta tosaíochta – dá mhéad an tosaíocht is ea is diúltaí an praghas deicriminteach.  Aon phraghas deicriminteach a chuirtear isteach, cuirtear an praghas seolta tosaíochta réamhshocraithe seo ina ionad chun críche optamaithe, ach níl aon tionchar ag an bpraghas ionaid sin ar phraghsáil nó ar shocrú.  Cuirtear na | |

| | | |
|---|---|---|
| | praghsanna deicriminteacha diúltacha sin in oiriúint de réir coimhlintí féideartha le sriantachtaí eile nó le praghsanna aonad eile.<br><br>Úsáidtear na praghsanna deicriminteacha diúltacha céanna i ngach sceideal LTS, RTC agus RTD. Is é an aidhm leis na praghsanna deicriminteacha diúltacha sin ná na gníomhartha sin a sheachaint le linn optamaithe toisc go mbeadh costas níos airde i gceist leo mar thoradh orthu (tá an t-optamóir ag iarraidh na costais a íoslaghdú). Mar sin féin, is féidir na haonaid sin a dheicrimintiú fós d'fhonn sárú ar aon sriantachtaí slándála oibríochtúla a sheachaint (sárú lena mbeadh costas níos airde i gceist leis).<br><br>Is féidir na praghsanna sin a choigeartú chun aon athruithe ar an ordlathas seolta tosaíochta nó suíomh an ordlathais maidir le haonaid phraghais eile a léiriú. | |
| NÍ/BH | **Paraiméadair Beartais maidir le Sceidealú agus Seoladh:**<br><br>Tá na paraiméadair beartais maidir le sceidealú agus seoladh, liostaithe thíos, neamhghníomhach faoi láthair (socraithe go dtí a náid) i bpróiseas an sceidealaithe agus an tseolta (de réir SEM-24-073 an 29 Deireadh Fómhair 2024), agus mar sin níl aon tionchar acu ar an sceideal:<br><br>• LNAFanna de réir Am Fógra.<br>• SIFF in aghaidh SSII.<br>• An t-am laethúil chun an SSI/SIFF a shocrú.<br><br>Le MLA-22-078 ceanglaítear orainn athmheasúnú a dhéanamh ar chinneadh na bhfachtóirí sin in am don chur i bhfeidhm ó Eanáir 2024. | Modheolaíocht chun na Paraiméadair Beartais maidir le Sceidealú agus Seoladh a Chinneadh. |

| | | |
|---|---|---|
| Uasdátuithe ad hoc gach seachtain | **Srianta:**<br><br>Foilsítear Uasdátú Seachtainiúil ar Shriantachtaí Oibríochtúla chun na príomh-shriantachtaí córais agus gineadóra a chur i láthair, sriantachtaí a chuirtear san áireamh i bpróiseas an sceidealaithe.<br><br>Roimh thús gach seachtaine, cuireann na OCTanna réamhaisnéis sheachtainiúil i dtoll a chéile faoi na sriantachtaí a bhfuil coinne leo sa chóras tarchurtha, ceanglais maidir le Seirbhísí Córais san áireamh. Beidh na sriantachtaí agus na ceanglais sin, in éineacht le haon uasdátuithe a thagann chun cinn mar gheall ar athruithe ar dhálaí réamhthuartha agus ar an monatóireacht a dhéanann na OCTanna go leanúnach ar stádas fíor-ama an chórais cumhachta, ina n-ionchur le haghaidh gach sceidil.<br><br>Sanntar costas sáraithe sriantachta do gach sriantacht, costas a chuirtear i bhfeidhm i ngach sceideal LTS, RTC agus RTD. Leis an gcostas sin, cuirtear stop le próiseas an optamaithe an tsriantacht a shárú toisc go mbeadh costas dealraitheach níos airde laistigh den optamú i gceist dá thoradh sin.<br><br>Is éard atá sna costais sáraithe sriantachta sin ná paraiméadair laistigh den optamú a chuireann na OCTanna in oiriúint chun éifeacht a thabhairt do gach srian. Sa chleachtas, is dearbhcheanglais iad na srianta uile agus ní mór iad a urramú. | Tagairt: Cuid 6. Foilseacháin |
| Go laethúil le huasdátuithe leanúnacha | **Réamhaisnéis Éilimh:**<br><br>Faoi 09:30 gach lá ullmhaíonn na OCTanna réamhaisnéis éilimh ceithre lá ag taifeach ama leathuair an chloig. Úsáidtear an réamhaisnéis sin in LTS.<br><br>Ar bhonn leanúnach déanann na OCTanna an réamhaisnéis seo a idirshuí agus a chumasc le dálaí éilimh fíor-ama chun ionchur a dhéanamh do na sceidil RTC agus RTD gearrthéarmacha. | ‘Short-term Demand Forecasting Methodology for Scheduling and Dispatch’ agus an próiseas gnó maidir le BP_SO_4.2_Réamhaisnéisiú |

| | | |
|---|---|---|
| | | Éilimh le haghaidh Sceidealú agus Seoladh. |
| Gach 6 uair an chloig le huasdátuithe leanúnacha | **Réamhaisnéis maidir le Fuinnimh In-athnuaite:**<br><br>Ullmhaíonn na OCTanna réamhaisnéis maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh 4.5 lá gach 6 uair an chloig, ag rún 15 nóiméad.<br><br>Ansin tá an réamhaisnéis sin le hidirshuí agus le cumasc le dálaí in-athnuaite fíor-ama ar bhonn leanúnach chun ionchur a dhéanamh do gach rith sceidealaithe. | 'Wind and Solar Forecastology for Scheduling and Dispatch' agus próiseas gnó BP_SO_4.3_Réamhaisnéisiú Gaoithe. |

<table>
<tr>
<td>Gach lá le huasdátuithe ad hoc</td>
<td>
Sonraí Teicniúla agus Infhaighteachta an Rannpháirtí / an tSoláthraí Seirbhíse:
Faigheann na OCTanna sonraí teicniúla, sonraí infhaighteachta san áireamh, ó aonaid agus idirnascairí ar bhonn leanúnach agus úsáideann siad na sonraí cuí is nuaí i ngach sceideal.
Maidir leis an aonad céanna, féadann an infhaighteacht fíor-ama a bheith difriúil leis an infhaighteacht réamhthuartha (de bharr truipeáil aonaid, mar shampla), agus mar sin úsáidtear na foinsí sonraí infhaighteachta aonad a leanas le haghaidh na gcineálacha reatha sceidealaithe.
<table>
<tr><th rowspan="2">Cineál Reatha Sceidealaithe</th><th colspan="3">Foinse Infhaighteachta Aonad</th></tr>
<tr><th>Aonad Inseolta</th><th>Gaoth</th><th>Grian</th></tr>
<tr><td>LTS - Sceideal Fadtéarmach</td><td>Infhaighteacht réamhaisnéise mar a cuireadh isteach trí BMI í</td><td>In aghaidh na réamhaisnéise gaoithe OCT</td><td>In aghaidh na réamhaisnéise gréine OCT</td></tr>
<tr><td>RTC - Tiomantas Fíor-ama</td><td>Infhaighteacht réamhaisnéise mar a cuireadh isteach trí BMI í nó infhaighteacht fíor-ama de réir mar a dearbhaíodh in EDIL í</td><td>In aghaidh na réamhaisnéise gaoithe OCT arna cumasc le hinfhaighteacht fíor-ama ó EMS</td><td>In aghaidh na réamhaisnéise gréine OCT arna cumasc le hinfhaighteacht fíor-ama ó EMS</td></tr>
<tr><td>RTD - Seoladh Fíor-ama</td><td>Infhaighteacht fíor-ama de réir mar a dearbhaíodh in EDIL í</td><td>In aghaidh na réamhaisnéise gaoithe OCT arna cumasc le hinfhaighteacht fíor-ama ó EMS</td><td>In aghaidh na réamhaisnéise gréine OCT arna cumasc le hinfhaighteacht fíor-ama ó EMS</td></tr>
</table>
</td>
<td></td>
</tr>
</table>

<table>
<tr>
<td>Gach lá le huasdátuithe ad hoc</td>
<td>
Sonraí faoi Thairiscint Tráchtála an Rannpháirtí a Roghnú:
Faoi 13:30 gach lá, faigheann na OCTanna FFanna agus sonraí tráchtála le haghaidh aonaid don lá trádála arna mhárach. Faigheann siad uasdátuithe ar na sonraí seo ar bhonn leanúnach suas le huair an chloig roimh gach tréimhse shocraíochta éagothroime.
Cuirtear aighneachtaí maidir le sonraí faoi thairiscint trádála an rannpháirtí ar fáil i bhformáidí casta agus simplí mar a gcuirtear síos orthu sa chuid Ionchuir. Tá na sonraí seo curtha i bhfeidhm ar gach ceann de na cineálacha reatha sceidealaithe ar a gcuirtear síos sa tábla thíos.
<table>
<tr><th rowspan="2">Cineál Reatha Sceidealaithe</th><th colspan="3">Foinse na Sonraí Tráchtála</th></tr>
<tr><th>Príomhfhoinse</th><th>Cúltaca 1</th><th>Cúltaca 2</th></tr>
<tr><td>LTS - Sceideal Fadtéarmach</td><td>Casta</td><td>Réamhshocraithe</td><td>NÍ/BH</td></tr>
<tr><td>RTC - Tiomantas Fíor-ama</td><td>Casta</td><td>Réamhshocraithe</td><td>NÍ/BH</td></tr>
<tr><td>RTD - Seoladh Fíor-ama</td><td>Simplí</td><td>Casta*</td><td>Réamhshocraithe*</td></tr>
</table>
*Tabhair do d'aire: ní úsáidtear ach an ghné inc/deic de shonraí faoi thairiscint trádála chasta nó réamhshocraithe sa chúltaca.
Úsáidtear na foinsí cúltaca mura bhfuil príomhfhoinse na sonraí tráchtála ar fáil. Leagtar amach comhshocraíochtaí chun sonraí réamhshocraithe faoi thairiscint tráchtála a chur isteach in TSC, Cuid D.
</td>
<td></td>
</tr>
<tr>
<td>NÍ/BH</td>
<td>Sonraí Tráchtála an tSoláthraí Seirbhíse Córais:</td>
<td></td>
</tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| | Ní ionchur sa phróiseas sceidealaithe agus seolta iad sonraí tráchtála a bhaineann le soláthar Seirbhísí Córais faoi láthair toisc go n-íoctar gach Seirbhís Chórais a bhreithnítear sa phróiseas sceidealaithe agus seolta trí úsáid a bhaint as taraifí comhchoiteanna (i.e., cuirtear ráta íocaíochta seasta in aghaidh na seirbhíse i bhfeidhm ar gach soláthraí seirbhíse). Dá bhrí sin, roghnaítear soláthraithe Seirbhíse Córais bunaithe ar a Sonraí um Thairiscint Tráchtála sa Mhargadh Cothromúcháin agus ar a gcumas teicniúil chun seirbhís a sholáthar. | |
| In aghaidh an eatraimh sceidealaithe<br><br>(5 nóiméad) | **Cuair Costas Ilchodach a Tháirgeadh:**<br><br>Sna sonraí faoi thairiscintí trádála casta agus simplí arna gcur isteach ag Rannpháirtithe, tá dhá chuar Praghais/Cainníochta (PQ) ar leith bunaithe ar MW iomlán; ceann amháin ina bhfuil brisphointí agus praghsanna incriminteacha, agus ceann eile ina bhfuil raon brisphointí (ní gá gurbh iad na cinn chéanna) agus praghsanna deicriminteacha. Laistigh de phróiseas an sceidealaithe, le aghaidh gach eatramh sceidealaithe (30 nóim. le haghaidh LTS, 15 nóim. le haghaidh RTC agus 5 nóim. le haghaidh RTD), le haghaidh gach aonaid, cruthaítear cuar PQ comhchodach trí úsáid a bhaint as an luach FF ag an teorainn eatraimh sin chun an dá chuar a chur le chéile mar a chuirtear síos air thíos:<br><br>• Gach sciar den chuar deicriminteach ina bhfuil an raon MW níos lú ná an FF nó comhionann leis; agus<br><br>• Gach sciar den chuar incriminteach ina bhfuil an raon MW níos mó ná an FF nó comhionann leis. | |

| | | |
|---|---|---|
| | <br><br>Úsáidtear an cuar ilchodach seo (an líne dhearg bhriste) le haghaidh gach aonaid, do gach eatramh sceidealaithe laistigh den uirlis sceidealaithe mar an cuar costas a úsáidtear le coigeartuithe incriminteacha agus deicriminteacha a dhéanamh laistigh den optamú. Tá tuilleadh faisnéise maidir le cuair costas ar fáil i dTreoir an Tionscail maidir le ISEM[43]. | |
| Uasdátú de réir margaidh | **An Clár Tagartha Idirnascairí a Chruthú:**<br>Tar éis margadh ex-ante agus tar éis gníomhaíocht trádála thraschreasach ionlae a chur i gcrích, faigheann na OCTanna sceideal ionlae le haghaidh gach idirnascaire.<br>Is sceidil bhloic iad sceidil an Mhaoil, EWIC agus Greenlink a chuirtear ar fáil do na OCTanna - gach leathuair an chloig i gcás uasdátuithe ionlae.  Cé go bhfuil na hidirnascairí in ann athruithe gasta a bhaint amach go fisiciúil | |

[43] https://www.sem-o.com/documents/general-publications/I-SEM-Industry-Guide.pdf

| | | |
|---|---|---|
| | idir tréimhsí trádála, cuirtear ráta rampála i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloínn athruithe ar na sreafaí idirnascaire fisicí leis an gcumas rampála níos moille a ghabhann le haonaid ar an gcóras agus an ráta athraithe níos moille ar éileamh agus ar leibhéil táirgthe fuinnimh gaoithe. Murach sin d'fhéadfadh suaitheadh de chineálacha éagsúla sa chóras cumhachta a bheith mar thoradh ar athruithe meara ar sceidil idirnascairí.<br><br>Athraíonn na OCTanna sceideal an bhloic do gach idirnascaire go Clár Tagartha Idirnascairí fisiciúil (ICRP) a dhéanann cur síos ar an bpointe sa sreabhadh ama ar an idirnascaire agus a chloíonn leis na rátaí rampála oibríochtúla a chuirtear i bhfeidhm ar gach idirnascaire. Léirítear thíos an t-athrú ar sceideal an mhargaidh bloic go ICRP.<br><br>Leis an bpróiseas athraithe seo féachtar leis an difríocht a laghdú maidir leis an méid fuinnimh idir an ICRP agus sceideal an idirnascaire margaidh bloic d'fhonn aon éagothroime fuinnimh a thagann chun cinn le linn an Lae Trádála a íoslaghdú. Sa léaráid thíos taispeántar an éagothroime seo mar an t-achar glan laistigh den tréimhse shocraíochta éagothroime idir sceideal an idirnascaire margaidh ex-ante agus an ICRP atá teoranta ó thaobh rampála de.<br><br>Tabhair faoi deara nach n-áireofar aon toilleadh idirnaisc SEM-GB sna Margaí Lá Roimh Ré atá i bhfeidhm ón 31 Nollaig 2020 ar aghaidh, mar sin beidh sceidil na n-idirnascairí a thagann chun cinn mar gheall air sin socraithe go dtí a náid ar dtús. Leanfar de thoilleadh na n-idirnascairí a leithdháileadh sna ceantanna ionlae ionas go mbeidh an margadh fós in ann sceidil idirnascairí neamhnialais a tháirgeadh. Mar iarmhairt air sin, ón 31 Nollaig 2020 i leith ní bheidh sceidil idirnascairí lá roimh ré ag na OCTanna go dtí 18:10 gach lá. De bharr chomhshocraíochtaí an mhargaidh idirlinne atá i bhfeidhm mar thoradh ar imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, déantar sceidil IC shaorga le linn an chéad reatha LTS lá roimh ré chun a chinntiú gur féidir leis na OCTanna leanúint ar aghaidh ag oibriú go sábháilte i bhfianaise fhógra níos déanaí na sceideal idirnascaire iarbhír. Leis an modheolaíocht a úsáidtear sa phróiseas seo cuirtear an bhéim ar oibríocht córais shábháilte agus | |

| | | |
|---|---|---|
| | dá bhrí sin ar sceidealú 'cosantach' chun a chinntiú gur féidir leis na OCTanna gníomhaíocht neamhghnách a bhainistiú ar an teorainn SEM-GB.<br> | |
| Ad hoc | **Na Gníomhaíochtaí Traschreasacha atá ar Fáil a Chinneadh:**<br>• Malartaíonn na OCTanna praghsanna agus méideanna CBB leis an Oibreoir Córais Leictreachais Náisiúnta agus is ionchuir iad sin a úsáidtear nuair atá CBB in úsáid nó á mheas i bpróiseas an sceidealaithe agus an tseolta.<br>• Ní féidir CTPT agus CBB a úsáid ach amháin chun seoladh tosaíochta agus slándáil an chórais a éascú.<br>• Tá gach úsáid CTPT agus CBB faoi réir chomhaontú an Oibritheora Córais Leictreachais Náisiúnta.<br>• Maidir le CTPT, is é an toilleadh nach n-úsáidtear ar na hIdirnascairí an príomhrud a bhreithnítear agus an príomh-ionchur. | BP_SO_11.1 Praghsanna agus Méideanna Trádála CBB a Ríomh; BP_SO_11.2 CBB Trádáil idir EirGrid/SONI agus NGET; BP_SO_11.3 Gníomhartha Éigeandála Idirnascaire;<br>BP_SO_11.4 Trádáil Comhordaithe Tríú Páirtí. |

| | | |
|---|---|---|
| | • Is dóiche go n-úsáidfí CTPT ná CBB, go háirithe chun críche seolta tosaíochta, toisc gur féidir é a dheimhniú níos faide roimh ré, agus toisc gur féidir é a úsáid ar feadh tréimhsí níos faide agus le haghaidh méideanna níos mó. Ní féidir CBB a úsáid ach amháin le haghaidh bloc dhá uair an chloig, cé gur féidir CTPT a úsáid ar feadh na tréimhsí trádála atá fágtha maidir le dúnadh margaidh ar leith. | |
| Ad hoc | **Aonaid Bhainistíochta faoi Thástáil:**<br><br>Faigheann na OCTanna iarratais maidir le haonaid faoi thástáil ó rannpháirtithe agus, chomh luath is a cheadaítear iad, socraímid próifílí tástála i ngach rith sceidealaithe cuí. | An Próiseas Oibríochtúil chun Tástáil Aonad a Bhainistiú BP SO 12.1 agus na Treoirlínte maidir le hAonaid faoi Thástáil do Rannpháirtithe sa Mhargadh. |
| Leanúnach | **Tosú le Dálaí Córais Cumhachta Fíor-Ama:**<br><br>Úsáideann na OCTanna faisnéis faoi stádas fíor-ama an chórais cumhachta, arna bailiú ó Chóras Bainistíochta Fuinnimh (EMS) agus ón gCóras Rialaithe Maoirseachta agus Fála Sonraí (SCADA), mar thúsphointe do phróiseas an sceidealaithe agus an tseolta. Áirítear ar na hionchuir sin:<br><br>• stádas ciorcad tarchurtha mar i seirbhís nó as seirbhís.<br>• stádas na n-aonad (curtha air/as).<br>• sreafaí cumhachta ar chiorcaid agus idirnascairí.<br>• éileamh fíor-ama. | |

| | | |
|---|---|---|
| | • aschur fuinnimh gaoithe fíor-ama.<br>• voltais an chórais.<br>• minicíocht an chórais; agus<br>• torthaí fíor-ama ar anailís ar theagmhais. | |

## Aguisín 2.2 Sceidealú

Is éard is sceidealú ann ná an próiseas a bhaineann leis na treoracha seolta a eisíonn na OCTanna a phleanáil bunaithe ar na hionchuir a bhfuil cur síos orthu thuas. Oibríonn próiseas sceidealaithe na OCTanna gar don fhíor-am chomh fada le deireadh an Lae Trádála nó leis an Lá Trádála dar gcionn. I bhfianaise an mhéid ionchur sa phróiseas agus cineál casta an phróisis féin, roinntear ina achair ama éagsúla é lena gcumasaítear anailís ghearrthéarmach a dhéanamh go sciobtha agus go rialta, fad is a dhéantar anailís fhadtéarmach, a bhfuil níos mó ama i gceist lena próiseáil, ar bhonn níos annaimhe. Is é an aidhm atá ann ná plean rollach, comhtháite agus reatha a bhaint amach ina bhfuil gníomhartha maidir le ‘tiomantas aonaid’ agus ‘seoladh eacnamaíoch’.

Reáchtálann na OCTanna trí phróiseas sceidealaithe ag an am céanna:

- **Sceideal Fadtéarmach (LTS)**
- **Tiomantas Fíor-ama (RTC)**
- **Seoladh Fíor-ama (RTD)**

Is é atá in aschur gach sceidil ná Sceideal Oibríochtaí Táscach (IOS), sin liosta de leibhéil táirgthe (giniúna) agus tomhaltais aonaid (éileamh de chuid aonad stórála agus aonaid an éilimh seachas aonaid soláthraí) (leibhéil MW in aghaidh an eatraimh sceidealaithe) a chomhlíonann cuspóirí an phróisis sceidealaithe agus seolta.

| Amlínte | Tuairisc | Tagairtí |
|---|---|---|
| Féach Cuid 4.3.3. | **Sceideal Fadtéarmach (LTS) a Rith:**<br><br>De réir mar a bhaintear garspriocanna ar leith amach le linn an lae (Cuid 4.3.3), glacann na OCTanna roghbhlúire de na hionchuir ar a gcuirtear síos thuas agus tionscnaímid Sceideal Fadtéarmach (LTS) de láimh. Leis sin gintear sceideal ag taifeach ama 30 nóiméad (i.e., deimhnítear luach MW do gach aonad le haghaidh gach eatraimh 30 nóiméad) a thosaíonn 2 nó 3 uair an chloig tar éis am tosaigh an reatha ar feadh tréimhse suas le 30 uair an chloig. Ní am tosaigh 3 uair an chloig roimh ré dá sceideal ach ag an gcéad rith LTS, lena n-áirítear torthaí an mhargaidh lá trádála roimh ré.<br><br>Is é aschur reatha LTS ná IOS a úsáidtear chun comhairle tiomantais/tarraingthe siar a chur ar fáil d'aonad go fadtéarmach.<br><br>Is féidir rití LTS arna dtionscnamh de láimh a chur i gcrích chun athruithe suntasacha ar ionchuir a mheas (amhail éaradh seirbhíse éigeantach de chuid aonaid mhóir) ionas gur féidir leis na OCTanna, más gá, a bpleananna a uasdátú chun a chinntiú go gcloítear le ceanglais maidir le slándáil an chórais.<br><br>Tabhair faoi deara, de bharr chomhshocraíochtaí an mhargaidh idirlinne atá i bhfeidhm mar thoradh ar imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, déantar sceidil IC shaorga le linn an chéad reatha LTS lá roimh ré | BP_SO_10.1 Sceidealú Fadtéarmach agus Gearrthéarmach a Chur i gCrích. |

| | | |
|---|---|---|
| | chun a chinntiú gur féidir le OCTanna leanúint ar aghaidh ag oibriú go sábháilte i bhfianaise fhógra níos déanaí na sceideal idirnascaire iarbhír. Leis an modheolaíocht a úsáidtear sa phróiseas seo cuirtear an bhéim ar oibríocht córais shábháilte agus dá bhrí sin ar sceidealú 'cosantach' chun a chinntiú gur féidir leis na OCTanna gníomhaíocht neamhghnách a bhainistiú ar an teorainn SEM-GB. | |
| Gach 15 nóiméad | **Tiomantas Fíor-ama (RTC) a Rith:**<br><br>Gach 15 nóiméad glacann na OCTanna roghbhlúire de na hionchuir ar a gcuirtear síos thuas agus ar stádas tiomnaithe aonad mar a dheimhníonn LTS é agus ritheann siad sceideal Tiomantais Fíor-Ama (RTC). Leis sin gintear sceideal ag taifeach ama 15 nóiméad (i.e., deimhnítear luach MW do gach aonad le haghaidh gach eatraimh 15 nóiméad) a thosaíonn 30 nóiméad tar éis am tosaigh an reatha ar feadh tréimhse 3½ uair an chloig.<br><br>Is é aschur RTC ná IOS a úsáidtear chun comhairle tiomantais/tarraingthe siar a chur ar fáil d'aonad go gearr nó go meántéarmach. | BP_SO_10.1 Sceidealú Fadtéarmach agus Gearrthéarmach a Chur i gCrích. |
| Gach 5 nóiméad | **Seoladh Fíor-Ama (RTD) a Rith:**<br><br>Gach 5 nóiméad glacann na OCTanna roghbhlúire de na hionchuir ar a gcuirtear síos thuas agus ar stádas tiomnaithe aonad mar a dheimhníonn RTC agus LTS é agus ritheann siad sceideal Seolta Fíor-Ama (RTD). Leis sin gintear sceideal ag taifeach ama 5 nóiméad (i.e., deimhnítear luach MW do gach aonad le haghaidh gach eatraimh 5 nóiméad) a thosaíonn 10 nóiméad tar éis am tosaigh an reatha ar feadh tréimhse 1 uair an chloig.<br><br>Is é aschur reatha RTD ná IOS a úsáidtear chun comhairle maidir le seoladh incriminteach agus deicriminteach a chur ar fáil. Ní dhéantar cinntí tiomantais/tarraingthe siar aonad leis. | BP_SO_10.1 Sceidealú Fadtéarmach agus Gearrthéarmach a Chur i gCrích. |

## Aguisín 2.3 Gníomhartha Seolta agus Rialaithe

Bunaithe ar na Sceidil Oibríochtaí Táscacha (IOSanna) arna nginiúint ag LTS, RTC agus RTD, agus dálaí córais fíor-ama á gcur san áireamh (amhail minicíocht an chórais, voltas, luchtú ciorcaid theirmigh agus cobhsaíocht dhinimiciúil), déanann na OCTanna Treoracha maidir le Seoladh agus gníomhartha rialaithe eile a chinneadh agus a eisiúint chuig aonaid aonair ar féidir iad a sheoladh agus a rialú. Déanfar aon athrú riachtanach ón IOS i gcomhréir le hord fiúntais gníomhartha atá ar fáil (chun aonaid a mhéadú/a thosú nó a laghdú/a mhúchadh) agus leibhéil oibriúcháin aonaid fíor-ama, saintréithe freagartha aonaid agus ceanglais slándála oibríochtúla á gcur san áireamh.

| Amlínte | Tuairisc | Tagairtí |
|---|---|---|
| Leanúnach | **Treoracha maidir le Seoladh a Eisiúint:**<br><br>Eisíonn na OCTanna Treoracha maidir le Seoladh ar bhonn leanúnach. Tá siad sin bunaithe ar an gcomhairle arna cur ar fáil ag IOSanna LTS, RTC agus RTD, agus stádas fíor-ama an chórais cumhachta agus na dálaí réamhthuartha is déanaí á gcur san áireamh. Tá na Treoracha maidir le seoladh mar seo a leanas:<br><br>• Sioncronaigh – ceangail leis an gcóras cumhachta.<br><br>• Dí-shioncronaigh – dícheangail ón gcóras cumhachta; agus<br><br>• Leibhéal MW – an leibhéal MW cumhachta gníomhaí ar ar cheart don aonad oibriú. Tá na treoracha MW go léir 'oscailte', rud a chiallaíonn, agus iad bainte amach; gur cheart an leibhéal MW a choinneáil go dtí go n-eisítear treoir eile ina dhiaidh sin. Laistigh den chineál treorach seo, tá sé de chumas ag an OCT aga a shainiú a mbeidh feidhm ag an treoir ina leith. Tugtar *an t-aga i bhfeidhm go dtí* air sin, agus ní bhaineann sin ach le socrú agus ní bhaineann sé le hoibríocht fhisiciúil. | BP_SO_3.2 Treoracha maidir le Seoladh a Eisiúint: |

| | | |
|---|---|---|
| | Glactar le Treoracha maidir le Seoladh atá difriúil leis na IOSanna, ar aon dul le hord fiúntais na ngníomhartha atá ar fáil do na OCTanna, agus ceanglais an chórais agus cumas teicniúil na n-aonad á gcur san áireamh.<br><br>Eisíonn na OCTanna treoracha maidir le tiomantas aonaid i gcomhréir le hamanna fógra aonaid faoi réir riachtanais i dtaobh shlándáil an chórais. | |
| Leanúnach | **Aonaid Ghaoithe agus Ghréine a Rialú**<br><br>Ginfidh aonaid seolta fuinnimh gaoithe agus gréine de réir a lánchumais mura gciorraítear na haonaid nó mura gcuirfidh na OCTanna srianta leo. Ina leithéid de chás, eisíonn na OCTanna pointe socraithe Rialaithe Cumhachta Gníomhaí (MW) go díreach do chóras rialaithe an aonaid gaoithe/gréine. Cuireann an pointe socraithe sin teorainn le haschur MW an aonaid.<br><br>I gcás inar gá fuinneamh gaoithe a chiorrú nó a shrianadh, eisíonn na OCTanna pointí socraithe rialaithe d'aonaid ar bhonn pro rata maidir lena n-aschur tráth an chur i bhfeidhm – do na haonaid uile i gcás imeachtaí ciorrúcháin ar an gcóras domhanda nó d'fho-thacar d'aonaid ghaoithe laistigh de ghrúpa sriantachta. Ó am go chéile nuair a oireann dálaí an chórais dó, déanfaidh na OCTanna pointí socraithe a ath-chionroinnt laistigh de ghrúpa srianta nó ciorraithe. Déantar é sin ar bhonn pro rata maidir lena gcomhartha infhaighteachta fíor-ama.<br><br>Baineann treoracha sriantachta/ciorrúcháin ar bhonn seicheamhach le haonaid ghaoithe agus ghréine (ag tosú le catagóir 1) arna gcatagóiriú mar a leanas:<br><br>• Baineann Catagóir 1 le haonad gaoithe nach gcomhlíonann na ceanglais inrialaitheachta. Maidir le haonad gaoithe a bhfuil a chóras rialaithe cumhachta gníomhaí as feidhm, féadfaimid an scoradán ciorcaid nó an pointe nasctha leis an gcóras a oscailt.<br><br>• Baineann Catagóir 2 le haonad gaoithe ag a bhfuil stádas ag teacht leis na ceanglais inrialaitheachta; agus | Beartais Aicmithe maidir le hInrialaitheacht Feirmeacha Gaoithe |

| | | |
|---|---|---|
| | • Baineann Catagóir 3 le haonad gaoithe a fuinnmhíodh le déanaí agus lena ndéantar clár comhaontaithe coimisiúnaithe agus tástála.<br><br>Pléitear le haonaid ghréine ar nós aonaid ghaoithe maidir le sriantacht agus ciorrúchán (Tag. Cuid 3.1). | |
| Leanúnach | **Na Gníomhaíochtaí Traschreasacha atá ar Fáil a Úsáid**<br><br>Cinneann SONI agus EirGrid na Glantoilleadh Aistrithe do na hidirnascairí chun a chinntiú go mbeidh an córas sábháilte.<br><br>**Treoracha Eile**<br><br>Is iad a leanas na cineálacha eile treoracha a eisíonn na OCTanna:<br><br>• Treoracha chun Seirbhísí Córais a chur ar fáil ar bhealach follasach nó go hindíreach:<br>  ○ Follasach: treoir chun cumhacht fhreasaitheach a sholáthar nó oibriú i mód ar leith (féach 'Mód Oibríochta' thíos) nó<br>  ○ Indíreach: treoir a thugtar le tuiscint ón Treoir Seolta MW amhail treoir a thabhairt d'aonad oibriú faoi bhun a aschur uasta chun cúltaca feidhme a sholáthar.<br>• Mód Oibríochta – Féadann Stóráil Chaidéalaithe agus roinnt aonaid CCGT oibriú i móid dhifriúla. Beidh an próiseas sceidealaithe ar an mód oibríochta arna chinneadh ag an Rannpháirtí trína roghnú socraithe TOD, ach féadfaimid athrú a ordú ar an mód chomh maith.<br>• Treoracha chun breosla a athrú – tá roinnt aonad in ann oibriú ar bhreoslaí difriúla agus féadfar treoir a thabhairt dóibh an breosla a athrú de réir a gceanglas féin, chun críche tástála nó i gcás éigeandála breosla. | |

| | | |
|---|---|---|
| | • Treoir uasmhéadaithe – treoir chun oibriú ar leibhéal níos airde ná an infhaighteacht dhearbhaithe; agus<br>• Treoir Éigeandála – treoir lena bhféadfaí oibríocht a éileamh lasmuigh den chumas normálta dearbhaithe. | |
| Ad hoc | **Na Gníomhaíochtaí Traschreasacha atá ar Fáil a Úsáid:**<br>• Ní féidir CTPT agus CBB a úsáid ach amháin chun seoladh tosaíochta agus slándáil an chórais a éascú (lena n-áirítear bainistiú ar phlódú).<br>• Tá gach úsáid CTPT agus CBB faoi réir chomhaontú an Oibritheora Córais Leictreachais Náisiúnta.<br>Is dóichí go n-úsáidfí CTPT ná CBB, go háirithe chun críche seolta tosaíochta, toisc gur féidir é a dheimhniú níos faide roimh ré, agus toisc gur féidir é a úsáid ar feadh tréimhsí níos faide agus le haghaidh méideanna níos mó. Ní féidir CBB a úsáid ach amháin le haghaidh bloc dhá uair an chloig, cé gur féidir CTPT a úsáid ar feadh na tréimhsí trádála atá fágtha maidir le dúnadh margaidh ar leith.<br><br>**Treoracha Eisceachtúla:**<br>• Gníomhartha i dtaca le Cuid 5.2 Eisceachtaí thuas. | BP_SO_11.1 Praghsanna agus Méideanna Trádála CBB a Ríomh; BP_SO_11.2 CBB Trádáil idir EirGrid/SONI agus NGET.<br>BP_SO_11.3 Gníomhartha Éigeandála Idirnascaire; BP_SO_11.4 Trádáil Comhordaithe Tríú Páirtí. |

# Aguisín 2.4 Sampla

Leis an méid seo a leanas cuirtear i láthair sampla de sceideal agus na Treoracha Seolta a thagann amach as, bunaithe ar FFanna arna gcur isteach ag an Rannpháirtí. Tá roghbhlúire thíos de FFanna a cuireadh isteach ag 16:00 D-1, le haghaidh 08:00–21:00 ar D (gorm) agus atá mar thoradh ar IOS ó rith LTS (dearg). Tabhair faoi deara go gcuirtear na FFanna agus IOS i láthair de réir gráinneachta uair an chloig chun críche léirithe.

| Pnanna | Infhaighteacht Uasta/Íosta | 08:00 | 09:00 | 10:00 | 11:00 | 12:00 | 13:00 | 14:00 | 15:00 | 16:00 | 17:00 | 18:00 | 19:00 | 20:00 | 21:00 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Aonad A | 400/200 | 400 | 400 | 400 | 400 | 400 | 400 | 400 | 400 | 400 | 400 | 400 | 400 | 400 | 400 |
| Aonad B | 400/200 | 300 | 350 | 400 | 400 | 400 | 400 | 400 | 400 | 400 | 400 | 400 | 400 | 300 | 200 |
| Aonad C | 400/200 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Aonad D | 300/100 | 100 | 200 | 250 | 250 | 300 | 250 | 200 | 200 | 200 | 250 | 300 | 300 | 250 | 200 |
| Aonad E | 300/100 | 100 | 200 | 200 | 200 | 200 | 200 | 200 | 200 | 200 | 250 | 300 | 200 | 100 | 100 |
| Aonad F | 100/20 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 100 | 100 | 50 | 0 | 0 |
| Aonad G | 100/20 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 50 | 0 | 0 | 0 |
| Aonad H | 50/10 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| PN Iomlán | | 900 | 1150 | 1250 | 1250 | 1300 | 1250 | 1200 | 1200 | 1200 | 1400 | 1550 | 1350 | 1050 | 900 |
| Éileamh | | 900 | 1150 | 1250 | 1250 | 1300 | 1250 | 1200 | 1200 | 1200 | 1400 | 1550 | 1350 | 1050 | 900 |

| Schedule | Availability Max / Min | 08:00 | 09:00 | 10:00 | 11:00 | 12:00 | 13:00 | 14:00 | 15:00 | 16:00 | 17:00 | 18:00 | 19:00 | 20:00 | 21:00 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Unit A | 400/200 | 370 | 370 | 370 | 370 | 370 | 370 | 370 | 370 | 370 | 370 | 370 | 370 | 370 | 370 | Dec |
| Unit B | 400/200 | 330 | 350 | 370 | 370 | 370 | 370 | 370 | 370 | 370 | 370 | 370 | 370 | 280 | 230 | Inc |
| Unit C | 400/200 | 0 | 200 | 200 | 200 | 200 | 200 | 200 | 200 | 200 | 200 | 200 | 200 | 200 | 0 | |
| Unit D | 300/100 | 100 | 130 | 210 | 210 | 260 | 210 | 160 | 160 | 160 | 250 | 270 | 270 | 100 | 200 | |
| Unit E | 300/100 | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 | 190 | 270 | 120 | 100 | 100 | |
| Unit F | 100/20 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 20 | 20 | 20 | 0 | 0 | |
| Unit G | 100/20 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 50 | 0 | 0 | 0 | |
| Unit H | 50/10 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Total PN | | 900 | 1150 | 1250 | 1250 | 1300 | 1250 | 1200 | 1200 | 1200 | 1400 | 1550 | 1350 | 1050 | 900 | |
| Demand | | 900 | 1150 | 1250 | 1250 | 1300 | 1250 | 1200 | 1200 | 1200 | 1400 | 1550 | 1350 | 1050 | 900 | |

**Tráchtaireacht ar an sampla:**

Sa sampla seo tá an IOS arna ghiniúint ag LTS difriúil le FFanna ar na cúiseanna a leanas:

- Tá Aonad C tiomanta do thacaíocht voltais áitiúil, soláthar táimhe agus cúltaca feidhme.
- Tá Aonaid A, B, D, E agus F deicrimintithe (srianta anuas) faoi bhun a FF chun spás cloiginn cúltaca feidhme a sholáthar.
- I bhfianaise na srianta sin, déantar na haonaid a incrimintiú agus a dheicrimintiú chun cothromaíocht a fháil ar ais.
- *Níl Aonad G sceidealaithe le rith le linn na buaicthréimhse toisc go bhfuil sé níos fearr ó thaobh eacnamaíochta de Aonad C a incrimintiú.

Léiríonn an sceideal seo plean ar a ndéantar síor-athmheasúnú le linn rite sceidealaithe LTS, RTC agus RTD ina dhiaidh sin. Glactar le Treoracha Seolta iarbhír (pointe seolta MW, treoracha tiomantais agus tarraingthe siar) de réir chumais theicniúla an aonaid agus dálaí iarbhír

an chórais. Is é an cinneadh, atá spleách ar an am, a thagann amach as an rith LTS seo ná tiomantas Aonad C, toisc gurb iad na gníomhartha eile go léir coigeartuithe MW incriminteacha agus deicriminteacha ar aonaid atá tiomnaithe cheana féin. Ansin tá seicheamh na dTreoracha Seolta (ag glacadh leis nach dtiocfaidh ach athrú íosta ar an sceideal seo le linn rite sceidealaithe ina dhiaidh sin) mar a leanas:

- ag 03:00 tugtar treoir d'Aonad C sioncrónú agus athrú go lód íosta faoi 09:00 toisc go n-éilítear fógra 6 uair an chloig roimh ré le lód íosta a bhaint amach. Tá an treoir bunaithe ar an gcomhairle arna soláthar ag an rith LTS is déanaí roimh 03:00.
- Eisítear na Treoracha Seolta MW incriminteacha agus deicriminteacha de réir an reatha RTD is déanaí agus dálaí fíor-ama an chórais á gcur san áireamh. Mar shampla, de réir an reatha RTD ag 09:45 moltar go seolfaí Aonad B go 370 MW (ó 350 MW) ag 09:57, ach i bhfianaise dhálaí iarbhír an chórais ag an am (e.g., tá an t-éileamh níos mó ná mar a tuaradh, agus tá minicíocht an chórais faoi bhun na sprice) tugtar an Treoir Seolta iarbhír d'Aonad B go 380 MW ag 09:50.
- Ní fhaigheann Aonad G aon treoir nua toisc go bhfuil a threoir dí-shioncronaithe is déanaí fós bailí.

I gcás fiosruithe i ndáil leis an doiciméad seo téigh i dteagmháil le bmps@soni.ltd.uk nó bmps@eirgrid.com